BAI

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Tuarascáil Bhliantúil

2021

Clár

Maidir leis an BAI 4

Ráiteas an Chathaoirligh 5

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 7

An tÚdarás 10

An Coiste um Chomhlíonadh 11

An Coiste um Dheonú Conarthaí 12

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca 13

Baill Foirne Feidhmiúcháin an Údaráis 14

Ráiteas Straitéise an Údaráis 2021 – 2023 15

Téama Straitéiseach 1: An Iolarthacht agus an Éagsúlacht a Chur chun Cinn 16

Téama Straitéiseach 2: Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach 31

Téama Straitéiseach 3: Ceannaireacht le linn Athrú 39

Téama Straitéiseach 4: An Lucht Féachana agus Éisteachta a Threisiú 49

Téama Straitéiseach 5: An Nuálaíocht agus an Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú 57

Údarás Craolacháin na hÉireann Ráitis Airgeadais 31 Nollaig 2021 64

An Ciste Craolacháin Ráitis Airgeadais 31 Nollaig 2021 102

Maidir leis an BAI

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann faoin Acht Craolacháin 2009 ("an tAcht") ar an 1ú Deireadh Fómhair 2009. Leagtar amach san Acht réimse spriocanna ginearálta agus sonracha don Údarás agus sainítear go ndéanfaidh a chodanna de le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh "iarracht a chinntiú:

- go ndéanfar líon agus earnálacha na seirbhísí craolacháin a chuirtear ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo an freastal is fearr ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, nuair a chuirtear a dteangacha agus a dtraidisiúin, agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;
- go dtacófar leis an bhfiúntas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann le cosaint saoirse cheart tuairimí a nochtadh; agus,
- go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch."

Leagann an tAcht réimse cuspóirí eile amach don Údarás chomh maith, lena n-áirítear:

- soláthar clár atá ar ardchaighdeán, éagsúil, agus nuálach a spreagadh;
- craoltóirí seirbhíse poiblí a éascú fad is a chomhlíonann siad a gcuspóirí seirbhíse poiblí;
- éagsúlacht rialaithe a chur chun cinn sna hearnálacha craoltóireachta tráchtála agus pobail;
- timpeallacht rialála a chur ar fáil:
    - a chothaíonn iriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaonta;
    - a chothaíonn comhlíonadh an dlí fostaíochta;
    - a thugann cosaint do leasanna leanaí;
    - a éascaíonn earnáil craolacháin a fhreagraíonn do riachtanais lucht éisteachta agus atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas;
    - a chuireann forbairt leagan amach clár Gaeilge agus seirbhísí craolacháin i nGaeilge chun cinn agus a spreagann é.

Tá Tuarascáil Bhliantúil Údarás Craolacháin na hÉireann 2021 bunaithe ar na téamaí straitéiseacha den Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann 2021–2023 – An Iolarthacht agus an Éagsúlacht a Chur chun Cinn, Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach, Ceannaireacht le linn Athrú, An Lucht Féachana agus Éisteachta a Threisiú, An Nuálaíocht agus an Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú.

Tá an tÚdarás comhdhéanta den Údarás, dhá choiste reachtúla – an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh – agus na Baill Foirne Feidhmiúcháin. Cheap an tÚdarás buanchoiste ("an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca") chun maoirseacht a dhéanamh ar airgeadas, iniúchóireacht, agus cúrsaí riosca. Tacaíonn Feidhmeannach an Údaráis le bainistíocht, riarachán, agus cur i bhfeidhm fheidhmeanna an Údaráis, an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh.

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá mé an-sásta Tuarascáil Bhliantúil 2021 de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann a chur i láthair. Is é seo mo chéad ráiteas den sórt seo mar Chathaoirleach an Údaráis agus tá go leor athruithe móra ar siúl faoi láthair don eagraíocht agus do thimpeallacht níos leithne na meán araon.

Is é seo tuarascáil deiridh an Údaráis i mbliana mar atá sé bunaithe anois.

Cuirfear an Bille um Shábháilteacht ar Líne agus um Rialáil na Meán 2022 i bhfeidhm go gairid agus is é a dhíscaoilfidh an tÚdarás agus aistreofar a bhaill foirne agus a fheidhmeanna chuig Coimisiún na Meán.

Beidh an rialtóir nua freagrach as córas rialúcháin nua a chruthú le haghaidh seirbhísí meán closamhairc agus beidh sé freagrach as sábháilteacht ar líne agus as rialáil na n-ardán ar líne.

Bhí an t-ullmhúchán le haghaidh an aistrithe seo ina phríomhréimse ar dhírigh an tÚdarás air le linn an dá mhí déag anuas. Agus muid ag ullmhú ár Ráiteas Straitéise is déanaí ag clúdach na tréimhse 2021 – 2023, chuireamar téama nua uileghabhálach i láthair: Ceannaireacht le linn Athrú.

Cinntíonn an téama seo go leanann an tÚdarás ar aghaidh ag baint úsáid as a chuid eolais, taithí agus saineolais agus é ag comhoibriú le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le heolas a thabhairt don chóras rialúcháin amach anseo le haghaidh ardáin chraolacháin agus le haghaidh ardán ar líne chun freastal ar riachtanais a luchta féachana agus éisteachta agus ar riachtanais an úsáideora.

Bhí an tÚdarás an-rannpháirteach sa phróiseas rialúcháin chun an Bille um Shábháilteacht ar Líne agus um Rialáil na Meán 2022 a fhorbairt, mar a leagtar amach sa tuarascáil seo. Cuimsíodh leis seo comhoibriú reatha leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, chomh maith le rannpháirtíocht sa Chomhchoiste Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Spóirt agus Meán mar chuid dá imscrúdú réamh-reachtúil ar an mBille.

Rinne an tÚdarás roinnt aighneachtaí scríofa do Choimisiún Thodhchaí na Meán, agus cuireadh de chúram air machnamh a dhéanamh ar thodhchaí na meán seirbhíse poiblí agus ar thodhchaí ábhair na seirbhíse poiblí in Éirinn.

Bhí an tÚdarás ag tabhairt faoi obair ullmhúcháin agus é ag súil le roinnt tionscnamh reachtaíochta Eorpach le teacht, lena n-áirítear an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha agus an tAcht Saorála Meán Eorpach, chomh maith le bheith ag cur le hobair ár líonraí Eorpacha, ERGA agus EPRA.

Agus an tÚdarás ag aithint na n-athruithe suntasach atá le teacht, tá sé tiomanta a chinntiú nach stopann sé ag díriú ar a fhreagrachtaí agus a chuspóirí rialúcháin féin.

Cuireadh an-bhéim ar thionscal craolacháin atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de, in 2021, agus cuireadh iolarthacht agus éagsúlacht guthanna agus asraonta sna meáin Ghaeilge chun cinn, agus cothaíodh ábhar a bhí ábhartha ó thaobh cultúir de do lucht féachana na hÉireann.

Tá an t-ádh dearg ar Éirinn agus earnáil craolacháin iontach agus bríomhar aici a leanann ar aghaidh chun clársceidealú éagsúil agus ardchaighdeáin a sheachadadh don lucht éisteachta agus féachana. Cuimsítear san earnáil, meáin tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí, agus d'éirigh thar cionn léi agus í ag freagairt do dhúshláin na paindéime COVID agus bhí sí ina nasc agus foinse riachtanach le haghaidh eolais don lucht éisteachta agus féachana le linn na tréimhse deacra seo.

Ba í Reuters Digital News Report Ireland 2021 ar thug an tÚdarás tacaíocht dó a thacaigh leis an dearcadh seo, agus fuarthas amach go raibh níos mó muiníne ag pobal na hÉireann as nuacht in Éirinn – cé gur mó an t-údar imní í an bhréagaisnéis faoi láthair. Leanann lucht éisteachta an raidió a bheith láidir i gcónaí, mar a leagtar amach i dtuarascálacha JNLR ar fud na tíre, rud a léiríonn an caidreamh daingean atá ag saoránaigh na hÉireann leis an meán seo.

Leanann an Scéim Fuaime agus Físe 4 de chuid an Údaráis ar aghaidh ag méadú rochtain phoiblí ar chláir raidió agus teilifíse ardchaighdeáin i mBéarla agus i nGaeilge le linn di a bheith ag tacú le cruthaitheacht agus nuálaíocht san earnáil. Leithdháil an tÚdarás os cionn €16m ar 223 tionscadal raidió agus teilifíse le linn na bliana 2021.

Ba é maoiniú méadaithe ba chúis leis an maoiniú breise seo, agus ba í Catherine Martin, T.D. an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a fuair an maoiniú céanna. Leithdháil an tÚdarás maoiniú ar shruth maoinithe Cheoil Bheo den chéad uair agus bhí sé mar chuspóir aige tacú le cláir ardchaighdeáin a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann a bhí ina chabhair dul i ngleic leis na dúshláin a bhí roimh an earnáil ceoil beo. Leithdháileadh €2.7m chun tacaíocht a chur ar fáil don earnáil neamhspleách raidió tráchtála chun clársceidealú a chruthú a chuirfeadh le feasacht agus tuiscint COVID-19. Thacaigh babhta dírithe maoinithe in 2021 le gníomhaíochtaí sochair shóisialta san earnáil raidió pobail neamhspleách.

Ní hamháin go ndearna an tÚdarás iarracht feabhas a chur ar mhaoiniú Fuaime agus Físe ach ar chleachtais rialúcháin freisin chun an t-ualach rialúcháin a laghdú agus chun tacú le tionscnaimh agus le himeachtaí a thacaíonn le hinmharthanacht fheabhsaithe a bhaint amach le haghaidh na n-earnálacha fuaime agus closamhairc in Éirinn.

Tá sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí tacú le hobair an Údaráis agus a bhall foirne chun cur le Fís an Údaráis arb é 'Tírdhreach na meán in Éirinn ina léirítear agus lena múnlaítear an cineál daoine atá ionainn'. Ba í an Fhís a díríodh uirthi freisin sa Ráiteas Straitéise 2017 – 2019 seo caite de chuid an Údaráis freisin faoi mhaoirseacht an Iar-Chathaoirligh an tOllamh Pauric Travers.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Ollamh Travers ar chríochnaigh a théarma oifige i mí na Nollag 2020. Léirigh an tOllamh Travers an-cheannaireacht, treoir agus tacaíocht dá chomhghleacaithe ar an mBord le linn na sé bliana nuair a bhí sé ina Chathaoirleach agus é ag cur dhá Ráiteas Straitéise i bhfeidhm agus é ag cinntiú go bhfuil comhlíonadh leanúnach le freagrachtaí rialúcháin. Rinne sé éascaíocht ar chultúr ina raibh díospóireacht mheasúil agus oscailte agus tá sé de rún agam leanúint ar aghaidh leis go ceann mhíonna deiridh an Údaráis.

Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas leanúnach mo chuid comhghleacaithe ar an mBord agus do thacaíocht an Phríomhfheidhmeannaigh Celene Craig agus dá cuid baill foirne agus iad ag seachadadh phlean oibre an Údaráis.

Mary Curtis
Cathaoirleach

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Lean go leor de na hathruithe a tharla in 2020 ar aghaidh le linn na bliana seo caite, a d'eascair ó thosú na Paindéime COVID-19. Lean Údarás Craolacháin na hÉireann ar aghaidh ag comhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla agus oibríochtaí ar nós go leor comhlachtaí eile atá san earnáil phoiblí ar bhonn oibriú ó bhaile, in ainneoin gur éirigh filleadh ar an oifig níos réalaíche ar bhonn oibriú hibrideach sa cheathrú deiridh sa bhliain chéanna.

Mar sin féin, ba bhliain shuntasach é 2021 in Údarás Craolacháin na hÉireann. Ba dheireadh de ré é nuair a d'éirigh Michael O'Keeffe as a phost mar Phríomhfheidhmeannach seanbhunaithe. Ceapadh Michael mar Phríomhfheidhmeannach sa Choimisiún um Raidió agus Teilifís Neamhspleách i mí Feabhra 1991 agus d'fhan sé i gceannas ar an IRTC agus ar na heagraíochtaí comhleantacha, ar Choimisiún Craolacháin na hÉireann agus ar Údarás Craolacháin na hÉireann, go dtí mí Bealtaine 2021. Le linn a thréimhse i rialáil chraolacháin, chonaic sé athruithe suntasacha agus go deimhin rinne sé iad a stiúradh sa tírdhreach rialála craolacháin, go háirithe cur i bhfeidhm na gcóras ceadúnais agus comhlíonta le haghaidh seirbhísí craolacháin, ullmhúchán na gcód agus na gcaighdeán craolacháin, maoirseacht ar chraoltóirí seirbhíse poiblí, agus bunú agus feidhmiú na Scéime um Maoiniú Craolacháin. Airímid uainn Michael a oiread agus comhghleacaí a bhfuil ardmheas orthu ach tá súil againn go n-éireoidh go maith leis agus lena mhuintir agus é imithe ar scor.

Ó tharla gur oibrigh mise le Michael i measc comhghleacaithe eile ar feadh blianta, bhí sé d'onóir agam glacadh le ról an Phríomhfheidhmeannaigh tar éis do Michael imeacht, i dtréimhse a bhfuil athrú ríthábhachtach ann maidir le rialáil na meán. I gcomhréir leis an mBille um Shábháilteacht ar Líne agus um Rialáil na Meán 2022, bunófar rialtóir meán nua, Coimisiún na Meán, agus aistreofar baill foirne agus feidhmeanna Údarás Craolacháin na hÉireann chuig an rialtóir nua, agus é oibríochtúil.

Cuirim fáilte roimh an dúshlán chun Údarás Craolacháin na hÉireann a stiúradh ar feadh na tréimhse ina bhfuil athrú ag teacht chun a chinntiú go bhfuil aistriú réidh ann chuig An gCoimisiún agus chun cuidiú leis an Aire agus lena hoifigigh chun an comhlacht a bhunú agus a dhéanamh oibríochtúil.

Bhí an tÚdarás ar bís fáilte a chur roimh cheapadh Mary Curtis, duine dá bhaill, chuig ról an Chathaoirligh, ag deireadh na bliana 2021, rud a fhágann go bhfuil an tréimhse atá roimh an Údarás aistrithe seasmhach agus leanúnach. Bhí comhlánú lán de bhaill ag an gCoiste um Dheonú Conarthaí nuair a tháinig Helen Shaw, Uasal ar an gCoiste i mí Márta na bliana seo caite. Ba iad an dá choiste reachtúla de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann – Dámhachtainí agus Comhlíonadh Conarthaí – a bhí an-ghníomhach le linn na bliana agus iad ag comhlíonadh a bpríomhfheidhmeanna reachtúla. Cheadúnaigh an Coiste um Dheonú Conarthaí 29 seirbhís raidió/teilifíse. Tháinig méadú ar líon na ngearán a fuarthas sa bhliain (148), agus rinne an Coiste um Chomhlíonadh machnamh ar na gearáin agus rinne sé iad a shocrú i dtaca le réimse cód agus rialachán craolacháin Údarás Craolacháin na hÉireann.

Ba é 2021 an chéad bhliain ina raibh ár straitéis eagraíochta nua i bhfeidhm, na cuspóirí a thaispeáin ár bpríomhfheidhmeanna agus freagrachtaí reachtúla, chomh maith le príomhchuspóir nua straitéiseach – a bhí i gceist le ***Ceannaireacht le linn Athrú.***

Agus muid ag déanamh iarracht ár gcuspóir Iolarthachta a bhaint amach, cuireadh isteach an Tuarascáil Reachtúil de chuid **Údarás Craolacháin na hÉireann ar Úinéireacht agus Rialú maidir le Gnólachtaí Meán in Éirinn 2018-2020** chuig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus thug sé faoi deara gur tháinig feabhas ar iolarthacht na meán sa Stát thar thréimhse na tuarascála. Lean Údarás Craolacháin na hÉireann ar aghaidh ag cur maoiniú ar fáil chun Éire a chur san áireamh i Reuters Digital News Report a seoladh i mí an Mheithimh 2021 agus chuir sé anailís ar fáil ar threochtaí idirnáisiúnta agus ar threochtaí na hÉireann sa lucht féachana ar líne, ar mhuinín as foinsí nuachta, agus ar threochtaí maidir le híocaíocht as an nuacht.

Bhí bliain shuntasach ag an Scéim Fuaime agus Físe de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann in 2021, le méadú ar leibhéal an mhaoinithe (€16.3m) a bronnadh chuig 223 tionscadal raidió agus teilifíse thar cheithre bhabhta maoinithe. Cuimsíodh leis an ngníomhaíocht babhtaí oscailte arís eile, ceann le sruth maoinithe dírithe ar earnáil ceoil beo na hÉireann, chomh maith le babhtaí dírithe ar na hearnálacha raidió tráchtála agus pobail.

Bhí áthas ar Údarás Craolacháin na hÉireann leanúint ar aghaidh ag cur réimse gníomhaíochtaí i bhfeidhm ina Phlean maidir le Gníomhaíocht Inscne, lena n-áirítear foilsiú dhá thuarascáil taighde – ceann i gcomhréir lenár gcomhghleacaithe acadúla in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad agus Ollscoil Luimnigh, tá an dara ceann i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Agus muid ag déanamh iarracht ár gcuspóir straitéiseach d'Éagsúlacht a bhaint amach, agus go háirithe ár dtiomantas do líon na gclár Gaeilge agus dátheangach a mhéadú i seirbhísí craolacháin na hÉireann, d'fhoilsigh Údarás Craolacháin na hÉireann a chéad tuarascáil ar na leibhéil den chlársceidealú céanna ar an aer, bunaithe ar na sonraí a bailíodh ón earnáil craolacháin ar fud na hÉireann.

Lean paindéim COVID-19 ar aghaidh ag imirt tionchar ar sheachadadh ghníomhaíochtaí Litearthacht na Meán Údarás Craolacháin na hÉireann in 2021. Leanadh ar aghaidh ag plé le páirtithe leasmhara go fíorúil, go háirithe trí Líonra na hÉireann um Thuiscint ar na Meáin (LÉTM), ach, mar in 2020, d'éascaigh sé seo leibhéal méadaithe de rannpháirtíocht trí 10 seimineár gréasáin, a seoladh ar feadh na bliana. Agus trína obair LÉTM, bhí an-áthas ar an Údarás arís an feachtas Bí Cliste leis na Meáin a chur chun cinn arís.

Mar a rinneadh tagairt dó thuas, is cuspóir nua agus lárnach é Ceannaireacht le linn Athrú i Straitéis an Údaráis 2021-2023 agus chruthaigh sé gné an-suntasach dár gcuid oibre in 2021, ag cuimsiú gnéithe intreacha agus seachtracha inti. Tá sé mar aidhm ag Údarás Craolacháin na hÉireann é féin a chur in áit an cheannaire sa díospóireacht ar fhorbairt beartais i gcreat reachtaíochta agus rialála le haghaidh seirbhísí digiteacha meáin. Ó dhearcadh intreach, tá Údarás Craolacháin na hÉireann ag iarraidh na baill foirne a stiúradh in aistriú an Údaráis agus comhtháthú a bhfeidhmeanna agus a n-acmhainní isteach sa Choimisiún Meán nua.

Go seachtrach, rinneamar go leor oibre i gcomhar le roinnt páirtithe leasmhara. Bhí rannpháirtíocht shuntasach againn leis na hoifigigh sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag eascairt ó fhoilsiú na Scéime Ginearálta den Bhille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil ag deireadh na bliana 2020. Chuireamar tús le rannpháirtíocht ní b'fhorleithne lenár gcomhghleacaithe ón Roinn i bpleanáil chun an rialtóir nua meán (Coimisiún na Meán) a bhunú agus a dhéanamh feidhmiúil níos deireanaí in 2021.

Rinne an tÚdarás dhá aighneacht ar an gCoiste Oireachtais um Thurasóireacht, Cultúir, Ealaíon, Spóirt agus Meán, rinneadh a chéad cheann i mí Márta 2021 de bhun chuireadh an Choiste le haghaidh aighneachtaí i dtaca lena imscrúdú réamh-reachtúil ar an mBille. Rinneadh an dara haighneacht de chuid an Údaráis i mí Iúil 2021. D'fhreastail ionadaithe ón Údarás ar éisteacht an Choiste i mí Bealtaine chun an Bille agus a fhorálacha a phlé.

Chuir an éisteacht deis ar fáil don Údarás chun a ghníomhaíochtaí agus thosaíochtaí rialúcháin féin a leagan amach, agus chun an creat rialála beartaithe a phlé don Choimisiún Meán nua.

Chuaigh ár rannpháirtíocht leis an gCoimisiún Eorpach agus ár gcomhghleacaithe closamhairc rialúcháin ERGA i ngleic le réimse ceisteanna rialúcháin faoi ardáin ar líne, ar nós bréagaisnéis agus faoi chur i bhfeidhm praiticiúil na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc. Chuireamar go mór le reachtaíocht an Choimisiúin Eorpaigh chun ardáin dhigiteacha a rialáil trí na páipéir bheartais ERGA a chur ar fáil ar an Acht um Sheirbhísí Digiteacha (ASG) agus an tAcht um Shaoráil Meáin Eorpaigh (EMFA). Faoi dheireadh, chuir an tÚdarás fáilte roimh an deis chun cur le hobair Choimisiúin Thodhchaí na Meán (FOMC) trí rannpháirtíocht aghaidh ar aghaidh, agus trí roinnt aighneachtaí thar réimse éagsúla a bhaineann le sainchúram an Choimisiúin. Chuir an tÚdarás fáilte roimh aighneacht na Tuarascála FOMC chuig an Aire agus tá sé ag súil le cur le cur i bhfeidhm mholtaí FOMC, mar a cheadaigh an Rialtas le gairid.

Mar fhocal scoir, is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le Cathaoirleach an Údaráis, Mary Curtis, le baill an Údaráis, agus leis na Cathaoirligh agus na baill de na Coistí Dámhachtainí Conarthaí, agus Comhlíonta agus Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca as ucht a dtacaíochta agus as ucht a gcuid ama agus saineolais a chur ar fáil go fial d'obair an Údaráis. In aghaidh cúlra d'acmhainní srianta agus d'ualach oibre a mhéadaíonn i gcónaí, is mian liom buíochas a ghabháil le baill foirne an Údaráis le haghaidh a dtiomantais leanúnaigh chun cuspóirí feidhmiúla straitéiseacha an Údaráis a sheachadadh don chaighdeán a thugann siad do na tascanna ar fad atá idir lámha.

Celine Craig
An Príomhfheidhmeannach

An tÚdarás

Tá freagracht iomlán ag an Údarás as feidhmiú Údarás Craolacháin na hÉireann, agus cuimsítear leis sin treo straitéiseach na heagraíochta a shocrú. Tá naonúr comhaltaí, ceapann an Rialtas cúigear acu ar cheapadh an Aire. Is é an Rialtas a cheapann an ceathrar comhaltaí eile i ndiaidh próiseas roghnúcháin a stiúir an Comhchoiste Oireachtais le freagracht as cúrsaí craolacháin.

Taispeántar sa tábla thíos ballraíocht an Údaráis agus tinreamh cruinnithe le haghaidh 2021.

Comhalta	Cruinnithe
Mary Curtis, Uasal	10/13
An tUasal Alan McDonnell	13/13
Grace Smith, Uasal	12/13
An tUasal Seán Ó Mórdha	13/13
An tUasal Denis Wolinski	12/13
Dr. Rosemary Day	13/13
Ollamh Emeritus Maeve McDonagh	11/13
Vivien McKechnie	11/13

Cuimsítear le príomhfhreagrachtaí an Údaráis, seirbhísí raidió agus teilifíse poiblí, tráchtála agus pobail a rialáil, cóid agus rialacha craolacháin a dhéanamh, agus maoiniú a chur ar fáil le haghaidh clár agus cartlannú a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann.

Sheol an tÚdarás a Ráiteas Straitéise nua 2021–2023 i mí Eanáir 2021, rud a threoróidh a chuid oibre ar feadh na dtrí bliana atá romhainn. Ba é athbhreithniú cuimsitheach ar éifeachtúlacht na straitéise roimpi a rinne eolas don straitéis seo; chomh maith le comhairliúchán forleathan poiblí; agus grinnmheasúnú ar an gcomhthéacs reatha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

Mar a leagtar amach sa cháipéis seo, leagtar an straitéis amach faoi chúig phríomhthéama:

1) An Iolarthacht agus an Éagsúlacht a Chur chun Cinn,

2) Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach,

3) Ceannaireacht le linn Athrú,

4) An Lucht Féachana agus Éisteachta a Threisiú,

5) An Nuálaíocht agus an Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú.

Faoi gach ceann de na téamaí seo, beartaítear sraith cuspóirí straitéiseacha ard-leibhéil, chomh maith le torthaí beartaithe agus príomhtháscairí feidhmíochta atá bainteach.

An Coiste um Chomhlíonadh

Tá an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh agus iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin, agus tá roinnt feidhmeanna tuarascála aige. Tá ochtar comhaltaí ar an gCoiste; ceapann an Rialtas ceathrar acu ar ainmniúchán an Aire, agus is é an tÚdarás a cheapann an ceathrar eile, cuimsítear leo sin, beirt ainmnithe ó chomhaltaí an Údaráis agus beirt ó Fheidhmeannach an Údaráis.

Taispeántar sa tábla thíos ballraíocht an Choiste agus tinreamh cruinnithe le haghaidh 2021.

Comhalta	Cruinnithe
An tOllamh Kevin Rafter (An Cathaoirleach)	9/9
Eileen Maher, Uasal	8/9
An tUasal Nigel Heneghan	8/9
Orlaith Carmody, Uasal	8/5
Ollamh Emeritus Maeve McDonagh*	6/8
Mary Curtis*, Uasal	5/8
Stephanie Comey, Uasal	8/9
An tUasal Andrew Robinson	9/9

*A ceapadh ar an 25 Feabhra 2021

Thug an **Coiste um Chomhlíonadh** faoi roinnt gníomhaíochtaí in 2021 i gcomhréir lena fheidhmeanna agus cuimsítear leo:

- Cinneadh a dhéanamh ar thorthaí na ngearán de chuid bhaill an phobail in aghaidh craoltóirí maidir leo ag comhlíonadh na gcód agus na gcaighdeán craolacháin;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ar chomhlíonadh na gcraoltóirí teilifíse maidir lena n-oibleagáidí faoi Rialacha Rochtana an Údaráis; agus
- Machnamh agus ceadú tuarascála chuig an Aire maidir le comhlíonadh na gcraoltóirí nach Éireannaigh iad le Cód Ginearálta an Údaráis maidir le Cumarsáidí Tráchtála.

An Coiste um Dheonú Conarthaí

Tá an **Coiste um Dheonú Conarthaí** freagrach as cur i bhfeidhm na bpróiseas iarratais ar cheadúnais le haghaidh seirbhísí craolacháin. Tá ochtar comhaltaí ar an gCoiste; ceapann an Rialtas ceathrar acu ar ainmniúchán an Aire, agus is é an tÚdarás a cheapann an ceathrar eile, cuimsítear leo sin, beirt ainmnithe ó chomhaltaí an Údaráis agus beirt ó Fheidhmeannach an Údaráis.

Taispeántar sa tábla thíos ballraíocht an Choiste agus an tinreamh le haghaidh 2021.

Comhalta	Cruinnithe
An tUasal Ercus Stewart (Cathaoirleach)	8/8
An tUasal John Hogan	6/8
Clodagh O'Donnell, Uasal	8/8
Helen Shaw*, Uasal	5/5
An tUasal Seán Ó Mórdha**	6/7
Dr. Rosemary Day**	7/7
Clare Diamond**, Uasal	8/8
An tUasal Declan McLoughlin **	7/7
Anne Louise O'Donovan, Uasal ***	1/1

* A ceapadh ar an 30 Márta 2021

** A ceapadh ar an 25 Feabhra 2021

*** Críochnaíodh an téarma ar an 31 Eanáir 2021

Cuimsíodh an méid seo a leanas le gníomhaíochtaí an **Choiste um Dheonú Conarthaí** in 2021:

- Cur chun feidhme na bpleananna ceadúnais le haghaidh seirbhísí raidió tráchtála agus pobail de réir mar a d'iarr an tÚdarás;
- Machnamh na n-iarratas ar chonarthaí soláthair ábhair; agus
- Machnamh na n-iarratas ar chonarthaí sealadacha agus píolótacha craolacháin fuaime an phobail.

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Bunaíodh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca mar bhuanchoiste an Údaráis. Cuimsítear lena dhualgais agus lena fhreagrachtaí; córais maidir le hiniúchóireacht inmheánach agus sheachtrach, bainistíocht riosca agus le rialú airgeadais. Cuimsítear le ballraíocht an Choiste triúr comhaltaí an Údaráis agus comhalta neamhspleách neamhfheidhmiúcháin.

Taispeántar sa tábla thíos ballraíocht an Choiste agus tinreamh cruinnithe le haghaidh 2021.

Comhalta	Cruinnithe
An tUasal Alan McDonnell (An Cathaoirleach)*	1/1
Vivien McKechnie, Uasal (Cathaoirleach a ceapadh i mí Aibreáin 2021)	4/4
An tUasal Dermot O'Riordan (Neamhfheidhmeannach Neamhspleách)	4/4
Grace Smith, Uasal	4/4
An tUasal Denis Wolinski (a ceapadh i mí Aibreáin 2021)**	2/3

*Críochnaíodh an téarma ar an 3 Feabhra 2021

**A ceapadh ar an 3 Feabhra 2021

Thug an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faoi réimse gníomhaíochtaí in 2021 agus cuimsíodh leo:

- Maoirseacht ar chóras an rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear ráitis airgeadais an Údaráis agus an Mhaoinithe Craolacháin, iniúchóireacht sheachtrach agus iniúchóireacht inmheánach;
- Caidreamh le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le hIniúchóirí Inmheánacha;
- Machnamh ar Thuarascálacha Inmheánacha Iniúchóireachta; agus
- Gníomhaíochtaí Bainistíochta Riosca lena n-áirítear maoirseacht ar Chlár Riosca Corparáide an Údaráis.

Baill Foirne Feidhmiúcháin an Údaráis

Tugann na baill foirne Feidhmiúcháin tacaíocht d'obair an Údaráis, dá Bhuanchoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca agus do na Coistí Reachtúla um Dheonú Conarthaí agus Comhlíonta. Bíonn obair an Údaráis á stiúradh ag Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, ina bhfuil Príomhfheidhmeannach agus Leas-Phríomhfheidhmeannach, agus tacaíonn foireann ardbhainisteoirí leis. Déanann na hardbhainisteoirí, i gcomhar le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh, maoirseacht ar fheidhmiú straitéise agus ar phleanáil don eagraíocht ina hiomláine chomh maith. Úsáideann an tÚdarás struchtúr maitríse ina n-oibríonn gach ball foirne go solúbtha i nach réimse gnímh de réir riachtanas gnó.

Leagtar amach liosta do na baill foirne ar fad atá fostaithe ag an Údarás ar an 31 Nollaig 2021 anseo:

Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh

An Príomhfheidhmeannach:	Celene Craig
An Leas-Phríomhfheidhmeannach:	Folamh

Bainisteoirí Sinsearacha

Stephanie Comey, Clare Diamond, Ciarán Kissane, Declan McLoughlin, Anne O'Brien, Neil O'Brien, Anne Louise O'Donovan, Andrew Robinson

Bainisteoirí

Liam Boyle, Gillian Collins, Philip Cooper, Elizabeth Farrelly, Brian Furey, Patrick Goodliffe, Sarah Herron, Sally Kennedy, Jane McCarthy, Louise McLoughlin, Sara McNamara, Deborah Molloy Bergin, Fionnuala Murphy, Roger Woods

Oifigigh Feidhmiúcháin

Jill Caulfield, Colm Coyne, Lucy Cuddihy, Rachel Ferguson, Laura Forsythe, Teresa Kearns, Caroline Keville, Martina Mimnagh, Kevin Morgan, Marie Murphy, Sinéad Owens, Annette Stone, Deborah Wade

Oifigigh Cléireachais

Barry Casey, Miriam Conlon, Katelin Fleming, Jennifer Gilsenan, Aoife Molloy, Jessica Scott

Ráiteas Straitéise an Údaráis 2021 – 2023

I Ráiteas Straitéise an Údaráis 2021 – 2023 leagtar amach fócas a chuid oibre thar chúig théama straitéiseacha uileghabhálacha agus cúig chuspóir déag ardleibhéil. Leagtar amach tuarascáil bhliantúil an Údaráis ar ghníomhaíochtaí do 2021 de réir na dtéamaí, cuspóirí, agus na dtorthaí bainteacha seo. Tá na cúig théama chomh tábhachtach céanna agus dírítear iad ar fhís straitéiseach an Údaráis a bhaint amach, rud a fhorálann do

Tírdhreach na meán in Éirinn ina léirítear agus lena múnlaítear an cineál daoine atá ionainn.

Is é 2021 an chéad bhliain i dtréimhse Straitéiseach trí bliana. Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach ag cur na gcuspóirí straitéiseacha i bhfeidhm i mBliain 1, beidh níos mó fócais ar roinnt gníomhaíochtaí i mBlianta 2 agus 3.

Déanann an tÚdarás dul chun cinn maidir lena chuspóirí straitéiseacha trí réimse feidhmeanna reachtúla agus coimhdeacha a leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil. Tá go leor de na gníomhaíochtaí ina saincheisteanna leathana agus cuireann siad le roinnt cuspóirí ag an am céanna. Mar shampla, bhí an tÚdarás in ann úsáid a bhaint as maoiniú Fuaime agus Físe chun a chuspóir Éagsúlachta agus Gaeilge féin a chur chun cinn chomh maith le bheith ag tacú le hinbhuanaitheacht airgeadais do na hearnálacha fuaime agus closamhairc in Éirinn. Tugtar tuilleadh eolais fúthu seo sa cháipéis.

Téama Straitéiseach 1

An Iolarthacht agus an Éagsúlacht a Chur chun Cinn

Cuspóir Straitéiseach	Toradh
1. Éascaíocht a dhéanamh do mheascán de ghuthanna, de thuairimí agus d'fhoinsí nuachta agus cúrsaí sna meáin fuaime agus closamhairc a fheabhsaíonn an díospóireacht dhaonlathach agus an tsaoránacht ghníomhach in Éirinn.	Tá an meascán de ghuthanna, de thuairimí agus d'fhoinsí ábhair nuachta agus cúrsaí reatha láidir agus déantar muinín san iriseoireacht a chothú agus a chaomhnú.
2. Méadú a dhéanamh ar tháirgeadh, infhaighteacht agus suntasacht ábhair iomchuí fuaime agus closamhairc do lucht féachana agus éisteachta uile na hÉireann.	Tá méadú tagtha ar raon agus foinsí an ábhair fuaime agus closamhairc atá iomchuí ó thaobh an chultúir de, lena n-áirítear ábhar sa Ghaeilge, atá ar fáil don lucht féachana agus éisteachta.
3. Tírdhreach meán a chothú a léireoidh éagsúlacht shochaí na hÉireann agus is inrochtana ag an gcéanna.	Tá meáin fuaime agus closamhairc na hÉireann níos éagsúla ó thaobh a n-ábhair de, ó thaobh na ndaoine atá ag cur i láthair ar an aer agus a bhfuil baint acu lena dtáirgeadh.
4. Cláir ardchaighdeáin sa Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn.	Beidh ábhar ardchaighdeáin as Gaeilge, lena n-áirítear nuacht agus cúrsaí reatha agus ábhar don lucht féachana agus éisteachta óg, ar fáil ar mheáin éagsúla.

Tugann an tÚdarás faoi roinnt gníomhaíochtaí a thugann tacaíocht don mhéid thuas. Ba iad seo a leanas na Príomhbhuaicphointí in 2021:

(A) Iolracht na Meán

Tá iolracht ina théama lárnach i Ráiteas Straitéise an Údaráis. Tá sé mar aidhm ag an Údarás meascán guthanna agus tuairimí a éascú, trína ghníomhaíochtaí rialúcháin, rud a chinntíonn iolarthacht d'fhoinsí meán agus cuireann sé feabhas ar dhíospóireacht dhaonlathach. Tá reachtaíocht agus Beartas Iolarthachta (2019) agus Beartas Úinéireachta agus Rialaithe an Údaráis (2019) mar thaca ag obair an Údaráis sa réimse seo. Tugann an tÚdarás faoi réimse taighde agus gníomhaíochtaí eile a chuireann le díospóireachtaí faoi iolarthacht na meán in Éirinn agus déanann na gníomhaíochtaí céanna iad a mhúnlú, chomh maith le gníomhaíochtaí reatha ceadúnaithe agus comhlíonta. Leagtar amach na gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an gcuspóir seo a bhaint amach in 2021 thíos.

Úinéireacht agus Rialú na Meán

Sheachaid an tÚdarás a *Thuarascáil ar Úinéireacht agus Rialú maidir le Gnólachtaí Meán in Éirinn 2018-2020* chuig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i mí Dheireadh Fómhair 2021. Sonraítear sa tuarascáil socruithe úinéireachta agus rialaithe de ghnólachtaí meán sa Stát agus déanann sé cur síos ar athruithe le linn na tréimhse athbhreithnithe.

Déanann an tuarascáil anailís ar thionchar na n-athruithe céanna ar iolarthacht na Meán sa Stát.

Fuarthas amach sa tuarascáil, gur tháinig feabhas ar iolarthacht na meán thar thréimhse na tuarascála, ag leibhéal náisiúnta. Fuarthas amach sa tuarascáil go raibh laghdú réasúnta in iolarthacht ag leibhéal áitiúil de bharr clabhsúr agus comhdhlúthú na dteideal páipéar nuachta le linn thréimhse na tuarascála. Ach, d'fhan úsáid an raidió áitiúil láidir, go háirithe le linn na paindéime COVID-19.

Ba é an bunachar de chuid Úinéireachta na Meán a thug tacaíocht do na sonraí atá sa tuarascáil seo agus don anailísiú a tháinig as agus ar tugadh faoi (www.mediaownership.ie), acmhainn ar líne a choinnigh Ollscoil Chathair Baile Átha Cliath le maoiniú a chuir an tÚdarás ar fáil.

Gníomhaíocht Cheadúnaithe an Údaráis

Tá ról lárnach ag gníomhaíochtaí ceadúnaithe an Údaráis chun tacú le hiolarthacht na meán. Tá sé mar aidhm ag an Údarás a chinntiú gurb iad líon na gcatagóirí de sheirbhísí craolacháin sa Stát is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na

An cineamatagrafaí/Stiúrthóir Karina Costello agus an Geolaí Cormac Mc Ginley taobh thiar den radharc in The Burren: Heart of Stone, arna léiriú ag Sea Fever Productions Ltd, arna mhaoiniú ag Scéim Fuaim agus Fís an BAI

hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiúin, éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh. Leagtar amach an creat chun pleananna ceadúnaithe a cheapadh i **Straitéis Seirbhísí Craolacháin** de chuid an Údaráis. Cheadúnaigh an tÚdarás 29 seirbhís in 2021, ina raibh 21 conradh craolacháin fuaime sealadach agus ocht gconradh soláthair teilifíse.

Liosta de sheirbhísí ceadúnaithe

Seirbhísí Craolacháin Fuaime Sealadacha
Digital Scrbeen Display (Scannáin Tiomáin Isteach)
Gold Strand Events (Scannáin Tiomáin Isteach)
Harrison Productions (Scannáin Tiomáin Isteach)
Mayo Drive-In Movies
Galaxy Movies Limited
Double R Media (Scannáin Tiomáin Isteach)
Limerick City Community Radio
Scariff Bay Community Radio
Kinvara FM
Ballina Community Radio
Finn Valley FM
Donegal Sounds Community Radio
Limerick City Community Radio
Rosses Radio
The Courthouse Gallery & Studios (Raidió Tíre)
Oileáin FM (Sherkin Island Development Society)
Bere Island Community Radio
Heartbeat FM Radio Services Ltd T/A Eden FM
Christmas FM
Blackrock College
Cork Education and Training Board aka Juice FM

Conraitheoir	Seirbhís
Discovery Broadcasting Ireland Limited	• Really • HGTV • Quest Red • DMAX • Food Network
Premier Media Broadcasting Limited	• BoxNation
SIS	• SIS Horseracing Europe • SIS Competitive Gaming

Éagsúlachtaí Conartha

Is cuid riachtanach d'obair oibríochta an Údaráis é na hiarratais chonartha éagsúla a phróiseáil ar chuir na craoltóirí ceadúnaithe isteach iad atá ag iarraidh gnéithe faoi leith dá gconarthaí a leasú. D'éascaigh an tÚdarás agus formhór na n-éagsúlachtaí conartha in 2021 a bhain le cúrsaí úinéireachta agus rialaithe, 29 iarraidh ar feadh na bliana. Ceann de na moltaí úinéireachta agus rialaithe a bhaineann le machnamh an Údaráis agus dá réir a bhaineann le ceadú na héadála beartaithe de chuid an Ghrúpa Communicorp le Bauer Media Group i mí Aibreáin. Ba iad seo a leanas na seirbhísí a bhí bainteach; SPIN 1038, SPIN South West, Newstalk, Today FM agus 98FM.

Tuarascáil Reuters Digital News

I dtacú le cuspóirí iolarthachta an Údaráis, in 2021, lean sé ar aghaidh ag cur maoiniú ar fáil do chuimsiú na hÉireann sa staidéar Reuters Digital News a bhfuil sé mar aidhm aige tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-úsáideann lucht éisteachta an domhain ábhar nuachta agus chun treochtaí úsáide nuachta a rianú ó bhliain go bliain. Sa tuarascáil tá anailís ar threochtaí idirnáisiúnta agus ar threochtaí na hÉireann sa lucht féachana ar líne, ar mhuinín as foinsí nuachta, agus ar íocaíocht as an nuacht. Déanann taighdeoirí ón Institiúid um Mheáin agus Iriseoireacht, Daonlathas agus Sochaí sa Todhchaí in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath anailís ar shonraí na hÉireann.

Fuarthas amach sa tuarascáil go raibh suim mhór nó an-suim go deo ag 70% de fhreagróirí Éireannacha sa nuacht ag méadú cúig phointe céatadáin le hais fhigiúirí na bliana 2020. Tá céatadán na bhfreagróirí Éireannacha a bhfuil suim acu in ábhar nuachta níos airde chomh maith le hais mheán an AE (60%), na Ríochta Aontaithe (51%), agus Meiriceá Thuaidh (54%). Fuarthas amach freisin gur tháinig méadú ar mhuinín an phobail as an nuacht in Éirinn de mhéid cúig phointe céatadáin le hais na bliana seo caite, bhí leibhéil mhuiníne ard ag 53% na bhfreagróirí as na meáin nuachta, ag aontú nó ag aontú go láidir leis an ráiteas 'is féidir leat muinín a chur sa chuid is mó den nuacht an chuid is mó den am'.

Tuairisc faoi Nuacht agus Cúrsaí Reatha as Gaeilge

Foilsíodh tuarascáil taighde ar thug an tÚdarás tacaíocht di darb ainm **'Nuacht agus Cúrsaí Reatha agus Pobal Labhartha na Gaeilge'**, i mí an Mheithimh 2021. Bhí sé mar aidhm ag an taighde, ar thug OÉ Gaillimh faoi ar son TG4, tuiscint a fháil ar dhearcthaí agus tuairimí na nGaeilgeoirí agus na ndaoine a fhéachann ar nó a éisteann leis na meáin Ghaeilge i dtreo sholáthar na nuachta agus na gcúrsaí reatha atá ar fáil dóibh, le fócas faoi leith ar TG4.

Fuarthas amach sa taighde go mbaintear an-sásamh as caighdeán na nuachta i nGaeilge. Fuarthas amach sa taighde freisin gur mhaith le Gaeilgeoirí go mbeadh infheistíocht i soláthar na nuachta ar líne, go mbeadh infheistíocht á scrúdú agus go gclúdófaí nuacht agus cúrsaí reatha níos mó. Tá an tuarascáil deiridh ar fáil **anseo.**

Tuarascáil Smachta Dlí an AE 2021

Chuir an tÚdarás eolas ar fáil le haghaidh Tuarascáil Smachta Dlí AE 2021 an Choimisiúin Eorpaigh. Is beart é **Tuarascáil Smachta Dlí an AE** a thugtar faoi go bliantúil a dhéanann monatóireacht ar chur chun feidhme dlí an AE agus ar na cearta bunúsacha a chosaint faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an AE. Is é an tuarascáil seo, ina bhfuil 27 caibidil tíre a chuireann dearcadh ar fáil ar fhorbairtí dearfacha agus diúltacha ar fud na mBallstát i bpríomhréimsí le haghaidh smacht an dlí, lena n-áirítear an córas dlí, an creat i gcoinne na caimiléireachta, agus iolracht na meán. Thug an tÚdarás faoi deara go raibh an chaibidil Éireannach sa Tuarascáil 2021 dearfach trí chéile arís faoi Iolracht agus Saoirse na Meán in Éireann agus faoi ról an Údaráis ina leith seo. Thug an Chaibidil faoi deara gur mhaith an rud é seoladh an bhunachair úinéireachta meán ar líne freisin a shonraítear thuas.

Cáit (Catherine Clinch) agus Seán (Andrew Bennett) in An Cailín Ciúin léirithe ag Inscéal Teoranta, maoinithe ag Scéim Fuaim & Fís an BAI

(B) Rochtain an ábhair closamhairc a mhéadú

Scéimeanna um Maoiniú Craolacháin

Is é aidhm Scéimeanna um Maoiniú Craolacháin an Údaráis cur le rochtain phoiblí ar chláir ardchaighdeáin theilifíse agus raidió i mBéarla agus i nGaeilge agus maoiniú a chur ar fáil le haghaidh cartlannú ábhar cláir a dhéantar le craoladh, rud a chaomhnaíonn taifead stairiúil ar chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann. Cuirtear maoiniú ar fáil do na Scéimeanna trí leas a bhaint as an gCiste Craolacháin arb é atá ann 7% de na glanfháltais bhliantúla ó tháillí ceadúnais teilifíse.

Is iad na Scéimeanna atá á bhfeidhmiú faoin gciste ná Fuaim & Fís 4, a thacaíonn le maoiniú clár agus forálacha cúntacha agus an Scéim um Chartlannú 2, a chuireann maoiniú ar fáil d'fhorbairt chultúr an chartlannaithe in earnáil craolacháin na hÉireann, a chuireann le caomhnú oidhreacht agus saol craolacháin na hÉireann.

Mar a leagtar amach sa tuarascáil seo, tá ról ríthábhachtach ag na Scéimeanna um Maoiniú Craolacháin chun líon na gcuspóirí straitéiseacha de chuid an Údaráis a mhéadú. Cé go méadaíonn siad rochtain agus feiceálacht an ábhair Gaeilge fuaime agus closamhairc atá ábhartha go cultúrtha do lucht éisteachta na hÉireann, tacaíonn siad freisin le cruthaitheacht agus nuálaíocht agus inbhuanaitheacht níos mó a fheabhsú laistigh den earnáil.

Fuaim agus Fís 4

Reáchtáil an tÚdarás ceithre bhabhta maoinithe d'Fhuaim agus Fís 4 in 2021 a bhronn maoiniú €16.3m ar fud 223 tionscadal teilifíse agus raidió. Léirigh sé seo méadú de €1.6m le hais na leibhéal a bhí ann in 2020 agus ba é a bhí ann mar thoradh ar sholáthar an mhaoinithe bhreise ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, T.D. Leagtar amach na sonraí faoi na babhtaí maoinithe in 2021 thíos:

- **Babhta 38: Babhta oscailte maoinithe le dámhachtainí maoinithe iomlána dár luach €7.2m.**
  Chomh maith le dáileadh de €5.88m chun tacú le 96 tionscadal raidió agus teilifíse, bronnadh €1.4m eile ar cheithre (4) thionscadal raidió agus ar cheithre (4) thionscadal teilifíse faoi shruth maoinithe na hEarnála Ceoil Bheo. Ceapadh an sruth maoinithe chun tacú le cláir ardchaighdeáin a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann a bhí ina chabhair dul i ngleic leis na dúshláin a bhí san earnáil ceoil beo freisin.

- **Babhta 39: Babhta dírithe maoinithe le dámhachtainí maoinithe iomlána dár luach €2.7m chun tacú leis an Earnáil Neamhspleách Raidió Tráchtála.**
  Ceapadh an babhta speisialta seo d'Fhuaim agus Fís chun tacaíocht a chur ar fáil don earnáil neamhspleách raidió tráchtála chun clársceidealú a chruthú a neartódh feasacht agus tuiscint an phobail ar COVID-19. Ba é seo an dara tionscnamh maoinithe é an maoiniú a bronnadh faoi Bhabhta 39 le haghaidh na hearnála neamhspleáiche raidió tráchtála mar fhreagairt ar an bpaindéim COVID-19. Dáileadh an maoiniú ar na stáisiúin raidió ceadaithe ar fad a raibh tionscadail rathúla acu a chlúdaigh réimse leathan foinsí eolais agus réimse leathan ábhair oideachais ar an bpaindéim COVID-19, lena n-áirítear roinnt tionscnamh i nGaeilge.

Chuidigh an maoiniú leis an earnáil raidió tráchtála le linn tréimhse dheacair agus le taighde a dhéanamh ar ábhar COVID-19 agus an t-ábhar a chruthú agus a chur i láthair don sprioc-lucht éisteachta go háirithe.

- **Babhta 40: Babhta oscailte maoinithe le dámhachtainí maoinithe iomlána dár luach €5.94m**

- **Babhta 41: Babhta dírithe maoinithe le dámhachtainí maoinithe iomlána dár luach €516k chun tacú le gníomhaíochtaí sochair shóisialta de chuid na hEarnála Neamhspleáiche Raidió Pobail**
  Tá sé mar aidhm ag na tionscadail a mhaoinítear faoin gCiste Raidió Pobail Sochair Shóisialta deiseanna traenála agus forbartha suntasacha a éascú agus chun cumas na seirbhísí Raidió Pobail a mhéadú chun a gcuspóirí sochair shóisialta a bhaint amach níos fearr. Ba é seo an dara tionscnamh maoinithe don earnáil.

  Chuir an tÚdarás maoiniú ar fáil do réimse leathan clársceidealaithe a fhreastalaíonn ar éagsúlacht an luchta éisteachta ar fud craolachán teilifíse agus raidió, le linn na gceithre bhabhta maoinithe a cuireadh i gcrích in 2021. Is príomhchritéar í éagsúlacht an luchta éisteachta/féachana sa phróiseas measúnaithe, agus léirítear é seo i réimse na gclár a mhaoinítear ar fud an luchta éisteachta/féachana ar feadh na bliana.

Scott Bellew agus Kyle Bellew, My Tribe – Mo Threibh, léirithe ag Mind the Gap Films, maoinithe ag Scéim Fuaim agus Fís an BAI

Miondealú 2021 maidir le Raidió/Teilifís, Cineál Craoltóra, Lucht Éisteachta/Féachana agus Clár

Teilifís/Raidió	Líon na dTionscadal	Maoiniú Iomlán Bronnta	%
Raidió	169	€ 4,518,390	28
Teilifís	52	€11,811,939	72
Iomlán	**221**	€16,330,328	

Cineál Craoltóra	Líon na dTionscadal	Maoiniú Iomlán Bronnta	%
Tráchtála	107	€6,307,397	39
Pobail	51	€1,036,110	06
Craoltóir Seirbhíse Poiblí	63	€8,986,821	55
Iomlán	**221**	**€16,330,328**	

Formáid	Líon na dTionscadal	Maoiniú Iomlán Bronnta	%
Saothar Beochana		€785,514	4.81%
Forbairt		€3,088,827	18.92%
Clár Faisnéise		€4,352,828	26.65%
Drámaíocht		€3,887,895	23.81%
Oideachas		€840,852	5.15%
Siamsaíocht		€3,374,410	20.66%
Iomlán		**€16,330,328**	

Seánra	Líon na dTionscadal	Maoiniú Iomlán Bronnta	%
Na hEalaíona & An Cultúr		€2,770,174	16.96%
Clár do Leanaí		€2,521,170	15.44%
COVID 19 - Raidió Trachtála		€2,572,500	15.75%
Sochar sóisialta - Raidió Pobail		€516,327	3.16%
An tSochaí Chomhaimseartha		€5,346,118	32.74%
An Stair / An Oidhreacht		€1,131,759	6.93%
Litearthacht ó thaobh na Meán		€261,996	1.61%
An Eolaíocht, An Dúlra, An Timpeallacht		€1,210,282	7.41%
Iomlán		**16,330,328**	

Sprioclucht Spéise	Líon na dTionscadal	Maoiniú Iomlán Bronnta	%
<15		€2,734,561.92	16.75%
15-34		€662,812.32	4.06%
35-54		€1,225,132.76	7.50%
Daoine fásta		€9,925,093.21	60.78%
Teaghlaigh		€1,782,728.42	10.92%
Iomlán		**€16,330,328.63**	

Raidió

Cineál Cainéil	Líon na dTionscadal	Maoiniú Iomlán Bronnta	%
Tráchtála		€3,316,520.42	73.40%
Pobail		€784,072.99	17.35%
Craoltóir Seirbhíse Poiblí		€417,796.22	9.25%
Iomlán		**€4,518,389.63**	

Teilifís

Cineál Cainéil	Líon na dTionscadal	Maoiniú Iomlán Bronnta	%
Tráchtála		€3,316,520.42	73.40%
Pobail		€784,072.99	17.35%
Craoltóir Seirbhíse Poiblí		€417,796.22	9.25%
Iomlán		**€4,518,389.63**	

Scéim um Chartlannú 2

Seoladh an dara leagan den Scéim um Chartlannú ("Scéim um Chartlannú 2") in 2018. Is é cuspóir na dtionscnamh um chartlannú chun cur le tiomantas thraidisiún craolacháin na hÉireann agus chun taifead ar chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann a chosaint ach tacú le cultúr um chartlannú a fhorbairt in earnáil craolacháin na hÉireann.

Cé nár cuireadh aon bhabhta maoinithe i bhfeidhm in 2021, cuireadh tús le hobair ar athbhreithniú reachtúil na Scéime, rud a bhíonn riachtanach gach trí bliana. Déanfaidh an t-athbhreithniú measúnú ar fheidhmiú, éifeachtúlacht agus tionchar na Scéime agus ceaptar go gcuirfear i gcrích é faoi cheann leath bealaigh tríd an mbliain 2022, le babhta maoinithe breise ag oscailt go gairid ina dhiaidh.

(C) Éagsúlacht de Shochaí na hÉireann sna Meáin Chraolacháin

Tá ról lárnach ag an Údarás chun ionadaíocht mhéadaithe a chur chun cinn in éagsúlacht de shochaí na hÉireann sna meáin chraolacháin. Rinne gníomhaíochtaí sa réimse seo iniúchadh ar dheiseanna comhpháirtíochta, imeachtaí, tionscnaimh traenála, deiseanna maoinithe agus comhráite leis an tionscal chun cuir chuige a thacaíonn le héagsúlacht níos fearr a shainaithint.

Plean Gníomhaíochta Inscne an BAI

Foilsíodh Plean Gníomhaíochta Inscne an Údaráis i mí Aibreáin 2018 agus téann sé i ngleic le ceithre phríomhréimse a chuireann cothromaíocht inscne níos fearr chun cinn in earnáil na meán mar seo a leanas:

- bailiú agus foilsiú sonraí:
- tacaíocht do thaighde;
- untasacht agus tionscnaimh inscne a spreagadh;
- agus cuntasacht

Tugadh faoi roinnt tionscnamh a bhaineann le hinscne le linn na bliana chun tacú leis an méid thuas, agus tá siad leagtha amach thíos.

Creat Bailithe Sonraí Éagsúlachta a Chruthú

Tá ceann de phríomhghníomhaíochtaí an Údaráis maidir lenár n-aidhm chun éagsúlacht a mhéadú a chur chun cinn i seirbhísí meán na hÉireann, tá sé bainteach le forbairt an Chreat Bailithe Sonraí, a bhfuil sé mar chuspóir aige sonraí trédhearcacha agus cruinne a sholáthar faoi éagsúlacht ar bhonn leanúnach. Thug an tÚdarás faoi mhéid suntasach oibre tosaigh in 2021, chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairt fhéideartha de chuid Creata dá leithéid. Léirigh taighde tosaigh nach raibh córas bailiúcháin sonraí atá 'le fáil ar an tseilf' ann agus ba shuntasach an rud é an scála agus an chastacht a bhaineann le creat uathúil a fhorbairt agus a úsáid d'Éirinn. D'oibrigh an tÚdarás go dlúth le roinnt príomhpháirtithe leasmhara ar feadh na bliana (lena n-áirítear Screen Ireland, RTÉ, agus Creative Diversity Network de chuid na Ríochta Aontaithe) chun iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí forbairt den chreat sin a chur chun cinn ar feadh na meántréimhse mar chuid de chur chuige comhoibritheach/comhpháirtíochta.

Taighde Éagsúlachta a Mhaoiniú

Foilsíodh an tuarascáil taighde **'Auditing Gender & Diversity Change in Irish Media Sectors'** i mí Iúil 2021. Rinne an tuarascáil seo scrúdú ar an gcaoi a gcuireann craoltóirí na hÉireann, gnólachtaí léirithe, agus eagraíochtaí gairmiúla, beartais agus tionscnaimh, cothromais éagsúlachta agus cuimsithe chun cinn agus i bhfeidhm chun plé bunaithe ar réitithe a chruthú faoi éagsúlacht agus cuimsiú i dtionscail i meáin na hÉireann. Chuaigh na torthaí i ngleic leis na beartais, na dearcthaí, agus leis na cleachtais a spreagann éagsúlacht, ag cruthú srutha d'oibrithe éagsúla don tionscal, ceannaireachta le haghaidh athraithe san earnáil, agus oideachas a chur ar fáil don tionscal chun tuiscint níos fearr a fháil ar éagsúlacht agus ar chuimsiú. Ba í Dr Anne O'Brien, Ollscoil Mhá Nuad, Dr Susan Liddy, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh, agus Dr Páraic Kerrigan, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus maoiníodh í faoi Scéim Maoinithe Taighde Meán an Údaráis.

Rinne an dara tuarascáil taighde ar mhaoinigh an tÚdarás í, staidéar ar éagsúlacht agus ar chuimsiú i RTÉ le linn na gcéimeanna tosaigh de Phaindéim COVID-19. Ba iad Dr Eileen Culloty agus Dr Colm Kearns ó Ollscoil Chathair Baile Átha Cliath a rinne an taighde sin darb ainm **'RTÉ and COVID-19 – Diversity and Inclusion and meeting public needs'**, i gcomhar le Ceannaire Éagsúlachta agus Cuimsiú RTÉ, Dr Zbyszek Zalinski.

Rinne na taighdeoirí anailís ar fhreagairt RTÉ ar an bpaindéim idir an 1 Márta agus an 31 Bealtaine 2020, ag reáchtáil anailís ábhair ar roinnt clár raidió agus teilifíse RTÉ. Fuarthas amach sa tuarascáil gur eascair deis uathúil as an bpaindéim chun measúnú a dhéanamh ar ról seirbhíse poiblí RTÉ agus ar an méid a léiríodh éagsúlacht laistigh den ábhar céanna.

Fuarthas amach ag deireadh an taighde go ndearna RTÉ, mar chraoltóir seirbhíse poiblí is mó na hÉireann, dul chun cinn suntasach chun fís straitéiseach a chinntiú agus a chur chun cinn le haghaidh éagsúlacht a nglacann na cinnteoirí i RTÉ é i ndáiríre.

Seoladh Tuairisc Iniúchadh ar Athrú Inscne agus Éagsúlachta in Earnálacha na Meán in Éirinn, arna maoiniú ag Scéim Foghlama agus Forbartha Earnála an BAI

Mhaoinigh an tÚdarás na tionscnaimh thaighde seo faoina Scéim Maoinithe Taighde Meán a chuireann maoiniú ar fáil don lucht acadúil chun taighde a bhaineann leis na meáin a dhéanamh faoi cheisteanna tráthúla a bhaineann leis an tionscal craolacháin.

Tionscnaimh Inscne a Spreagadh

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag tacú le roinnt imeachtaí agus gníomhaíochtaí chun tacaíocht a chur ar fáil do thionscnaimh inscne agus éagsúlachta, trína chlár Foghlama agus Forbartha Earnála. In 2021, cuimsíodh leo seo *Elevator* an tríú leagan den tionscadal X-Pollinator, agus ceardlanna faoi *Creative Opportunities* agus faoi *Aging and the Film Industry* ar óstáil Women in Film agus Television Ireland iad.

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag cur maoiniú líonra ar fáil do Women on Air agus do Women in Film and Television.

Tá tuilleadh sonraí faoi na tionscnaimh seo leagtha amach faoin téama An Nuálaíocht agus an Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú.

Athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta Inscne an Údaráis

Chuir an tÚdarás tús le hathbhreithniú tosaigh dá Phlean Gníomhaíochta Inscne in 2021, agus cuimsítear leis anailís ar na cuspóirí a baineadh amach faoi na ceithre phríomhréimse a leagadh amach sa Phlean. Tabharfaidh taighde neamhspleách tacaíocht don athbhreithniú a dhéanfaidh measúnú ar thionchar an Phlean go dtí an lá inniu agus leagfaidh sé moltaí amach le haghaidh leaganacha as seo amach. Beidh agallaimh dhoimhne i gceist leis an taighde le príomhpháirtithe leasmhara agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é faoi lár na bliana 2022.

Tomás Hardiman, The Days of Trees, léirithe ag Parzival Productions, maoinithe ag Scéim Fuaim agus Fís an BAI

Níos mó Ban a Spreagadh chun páirt a ghlacadh i bpríomhróil chruthaitheacha

Ba é an cuspóir leanúnach de chuid an Údaráis chun spreagadh a thabhairt chun níos mó ban a cheapadh i bpríomhróil chruthaitheacha i gcláir a maoiníonn Fuaim agus Fís iad, agus bailiúchán na sonraí faoin téama seo, a lean ar aghaidh mar chuspóir éifeachtach in 2021.

Bailíonn an Scéim sonraí ó iarratais mhaoinithe faoi mhná i ról ceannaireachta i léiriúcháin closamhairc agus cuimsítear leis na róil mar Stiúrthóir, Léiritheoir, Scríbhneoir, Eagarthóir agus Stiúrthóir Fótagrafaíochta. Tháinig méadú ginearálta ar chéatadán na mban i bpríomhróil chruthaitheacha in 2021, le haghaidh iarratais rathúla closamhairc le hais na bliana 2020.

Iarratais teilifíse rathúla 2020 agus 2021

	Léiritheoir		Stiúrthóir		Scríbhneoir		Stiúrthóir Fótagrafaíochta		Eagarthóir	
	2020	2021	2020	2021	2020	2021	2020	2021	2020	2021
Baineann	45	42	23	18	29	23	5	10	26	34
Fireann	14	9	34	32	20	13	36	28	18	12
Iomlán bainteach	59	52	58	52	50	37	51	45	57	51
% de Mnná i bPríomhról	76%	81%	40%	35%	58%	62%	10%	22%	46%	67%

Tríd is tríd, léiríonn na sonraí seo go mbíonn cuspóir leanúnach an Údaráis éifeachtach i gcónaí chun spreagadh a thabhairt chun níos mó ban a cheapadh i bpríomhróil chruthaitheacha i léiriú cláir.

(D) An Ghaeilge

Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge

Tá sé tábhachtach go gcuirfear Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge i gcrích faoi chuspóir straitéiseach an Údaráis chun *'cláir ardchaighdeáin sa Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn'*. Leagann an plean amach na príomhchuspóirí agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun tacú le clársceidealú Gaeilge agus chun seirbhísí craoltóireachta Gaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt i dtionscal closamhairc na hÉireann. Téann an Plean i ngleic leis na cúig phríomhréimse mar seo a leanas:

- Tacú le clársceidealú agus stáisiúin Ghaeilge agus iad a fhorbairt agus a chur chun cinn trí thionscnaimh Ciste Ceadúnaithe agus Craolacháin;
- Comhpháirtíochtaí Gaeilge a chothú;
- Tacaíocht do Thaighde;
- Sonraí a Bhailiú; agus
- Próisis chuntasachta a fheabhsú, lena n-áirítear monatóireacht agus tuairisciú comhlíonta..

An Dr Noel Browne i gConamara, The Seven Ages of Noel Browne, léirithe ag Yellow Asylum, maoinithe ag Scéim Fuaim agus Fís an BAI

Cuirtear cuspóirí an Phlean chun cinn trí snáitheanna éagsúla oibre an Údaráis, lena n-áirítear Fuaim agus Fís, an Scéim um Chartlannú, an Clár Foghlama agus Forbartha Earnála, Maoiniú Urraíochta, agus gníomhaíochtaí Ceadúnaithe agus Comhlíonta an Údaráis. Léirítear na príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu in 2021 thíos.

Coiste Comhairliúcháin don Ghaeilge

Tá sé mar aidhm ag an gCoiste Comhairliúcháin don Ghaeilge tacú le cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Gaeilge an Údaráis, chun comhpháirtíochtaí comhoibritheacha a chothú agus chun tionscnaimh a fhorbairt agus a chur chun cinn a bheidh ina gcabhair na leibhéil d'ábhar Gaeilge atá ar fáil do lucht éisteachta agus féachana a mhéadú ar an raidió agus ar an teilifís araon. Déanann an tÚdarás agus Foras na Gaeilge cathaoirleacht ar an gCoiste agus cuimsítear leis ionadaithe ón Údarás, Foras na Gaeilge, Oireachtas na Gaeilge, RTÉ, TG4, CRAOL, IBI agus SPI.

Bhí ceithre chruinniú de chuid an Choiste ar siúl in 2021. D'éascaigh sé comhoibriú méadaithe i gcaitheamh na bliana agus chuir sé feabhas ar chomhroinnt faisnéise i measc bhaill an Choiste chun scéimeanna maoinithe, foilseacháin, imeachtaí agus acmhainní ábhartha a chur chun cinn agus a úsáid.

Ba é ceann de ghníomhaíochtaí reatha an Choiste chun forbairtí a chur chun cinn maidir le féidearthacht na seirbhíse raidió Gaeilge do dhaoine óga. Faoi cheann dheireadh na bliana, tháinig an Coiste ar réiteach maidir le sonraíocht taighde chun tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar an bhféidearthacht le haghaidh samhail raidió hibrideach don aoisghrúpa 15–34. Táthar ag siúl go gcuirfear an obair seo chun cinn thar thréimhse na bliana 2022.

Maoiniú le haghaidh Ábhar Gaeilge

Bhí ról ríthábhachtach ag Scéim Fuaime agus Físe an Údaráis i gcónaí chun ábhar Gaeilge ar ardchaighdeán a sheachadadh don lucht éisteachta agus féachana Gaeilge in 2021. Bhronn an tÚdarás timpeall 23% (c.€3.71m) den mhaoiniú ar thionscadail Ghaeilge/ tionscadail dhátheangacha in 2021, a chlúdaigh réimse formáidí agus seánraí in ábhar raidió agus teilifíse, agus d'fhreastail sé ar an lucht éisteachta agus féachana óg agus aosta araon..

Formáid	Líon na dTionscadal	Dámhachtainí
Forbairt	1	€ 30,000.00
Clár Faisnéise	13	€ 1,282,939.85
Drámaíocht	4	€ 1,038,111.00
Oideachas	4	€ 532,744.23
Siamsaíocht	6	€ 825,421.00
Iomlán	28	€ 3,709,216.08

Seánra	Líon na dTionscadal	Dámhachtainí
Na hEalaíona & An Cultúr	7	€ 619,989.23
Clár do Leanaí	4	€ 1,242,817.00
Sochar sóisialta	1	€ 30,000.00
An tSochaí Chomhaimseartha	8	€ 908,733.85
An Eolaíocht, An Dúlra, An Timpeallacht	3	€ 485,883.00
Iomlán	28	€ 3,709,216.08

Spriochlucht Spéise	Líon na dTionscadal	Dámhachtainí
<15	4	€ 1,242,817.00
15-34	2	€ 9,938.85
35-54	1	€ 125,000.00
Daoine fásta	14	€ 1,473,862.23
Teaghlaigh	7	€ 857,598.00
Iomlán	28	€ 3,709,216.08

Comhpháirtíochtaí Gaeilge a chothú

Tacaíonn Clár Foghlama agus Forbartha Earnála an Údaráis le tionscnaimh éagsúlachta, lena n-áirítear na cinn a bhaineann leis an nGaeilge. Sheol TG4 ciste Coimisiúnaithe agus Meantóireachta, **Glúin Nua**, in 2021 i gcomhpháirtíocht leis an Údarás, Ciste Craolacháin Ghaeilge de chuid Scáileán Thuaisceart Éireann, Údarás na Gaeltachta agus Gréasán na Meán Skillnet. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh ciste coimisiúnaithe a chur ar fáil chomh maith le tacaíocht mheantóireachta chun tacú le tallann nua i dtionscal closamhairc na Gaeilge.

Is féidir le gnólachtaí léiriúcháin meantóireacht a fhorbairt agus a thabhairt do ghlúin nua scéalaithe faoin scéim seo, rud a chuidíonn leo ábhar nuálach agus uathúil Gaeilge a chruthú don lucht éisteachta agus féachana san aoisghrúpa 16-34. Seolfar an t-ábhar go digiteach ar dtús ar ardáin ar líne de chuid TG4 agus beidh craoladh líneach ann dá réir nuair is iomchuí.

Tuilleadh Ábhar Gaeilge a Spreagadh

Lean an obair ar aghaidh ar fhorbairt na n-acmhainní ar líne do na daoine ag craoladh i nGaeilge ar stáisiúin raidió ar fud na hÉireann. Maoiníonn an tÚdarás **Aerthonnta**, i gcomhpháirtíocht le hOireachtas na Gaeilge, seirbhís faisnéise ar líne do chraoltóirí agus éisteoirí a chuireann nuashonruithe seachtainiúla ar fáil faoi imeachtaí, nuacht a bhaineann le craolachán agus faoi phríomhscéalta a imríonn tionchar ar phobal na Gaeilge. Cuirtear béim ar chláir Ghaeilge a fhoilsiú a chraoltar ar fud na tíre ar stáisiúin raidió tráchtála, áitiúla, náisiúnta agus pobail. Chomh maith leis sin, cuireann bunachar nua ar líne, darb ainm Eolaire, pointe clárúcháin ar fáil do Ghaeilgeoirí líofa a bhfuil suim acu cur isteach ar phoist léiriúcháin i nGaeilge.

Oibríonn siad seo mar phointe rochtana le haghaidh stáisiúin raidió agus d'fhoirne craolacháin, a chuireann ar a gcumas teagmháil a dhéanamh le stáisiúin eile agus feiceálacht agus rochtain na n-acmhainní ar ardchaighdeán a mhéadú chun cuidiú le cláir chraolacháin a dhéanamh agus a chraoladh i nGaeilge.

Tomás Hardiman, The Days of Trees, léirithe ag Parzival Productions, maoinithe ag Scéim Fuaim agus Fís an BAI

D'eagraigh an tÚdarás agus Oireachtas na Gaeilge ceardlann do chraoltóirí pobail i Ráithe 4 2021 agus tá seimineár cosúil leis do chraoltóirí tráchtála le bheith ar siúl in 2022, chun spreagadh a thabhairt do chraoltóirí úsáid a bhaint as na hacmhainní seo agus chun cur lena gcuid scileanna chun tacú le forbairt níos mó clársceidealaithe i nGaeilge.

Sonraí a bhailiú faoi Ábhar Gaeilge

Is tionscnamh eile é an tionscadal bailiúcháin sonraí seo ar thug an tÚdarás faoi faoina Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal sonraí a bhailiú ar bhonn leanúnach faoi mhéid agus faoi réimse an chlársceidealaithe Gaeilge agus dhátheangaigh atá ar fáil don lucht éisteachta agus féachana chun deiseanna a shainaithint d'fhorbairt as seo amach. Táthar ag súil go gcuirfidh an tionscadal feabhas ar an tionscal agus ar fheasacht an phobail dá leithéid ar an gcineál seo clársceidealaithe.

Foilsíodh an chéad tuarascáil de chuid an tionscadail i mí Feabhra 2021 agus fuarthas amach le linn na tréimhse taighde (seacht lá i mí Dheireadh Fómhair 2019), gur craoladh 718.93 uair de chlársceidealú Gaeilge / dátheangach, ina raibh 1,075 clár. Maidir leis na cláir a craoladh (1,075), craoladh 736 (68%) ar an raidió, agus 339 (32%) ar an teilifís.

Ba í siamsaíocht an fhormáid chláir a raibh an tóir ba mhó uirthi (57%), agus ansin clársceidealú fíorasach (24%) agus oideachas (7.5%). Ó thaobh clársceidealú teilifíse, ba é beochan an fhormáid chláir a raibh an tóir ba mhó uirthi (51%), agus ansin siamsaíocht (19%) agus clársceidealú fíorasach (14.5%).

Le himeacht aimsire, beifear in ann na sonraí a bailíodh a úsáid mar uirlis mhapála chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal an chlársceidealaithe Gaeilge agus dhátheangaigh a craoladh thar chainéil éagsúla.

Téama Straitéiseach 2

Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach

Cuspóir Straitéiseach	Toradh
1. Rialáil a dhéanamh chun earnáil craolacháin fhreagrach chuntasach a bhaint amach.	Is rialtóir iontaofa é BAI dar leis na páirtithe leasmhara go léir. Léiríonn an earnáil craolacháin cuntasacht agus freagracht láidir.
2. Ardchaighdeáin cleachtais comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a threorú, a shamhaltú agus a chur chun cinn i gcomhréir le Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFI).	Tá cleachtais agus sásraí tuairiscithe trédhearcacha bunaithe ag BAI a léiríonn rannpháirtíocht ard ag BAI le SFI na Náisiún Aontaithe. Chuidigh BAI leis an earnáil craolacháin chun Líonra Inbhuanaitheachta a fhorbairt a léiríonn feasacht fhónta i dtaobh an chleachtais maidir le spriocanna forbartha inbhuanaithe agus rannpháirtíocht fhónta sa chéanna.
3. Ardchaighdeáin cleachtais rialachais a léiriú agus a chur chun cinn i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (CCCSR).	Tá cleachtais agus sásraí tuairiscithe trédhearcacha bunaithe ag BAI a léiríonn go bhfuil CCCSR comhlíonta go hard ag BAI.
4. Cleachtais rialála a fheabhsú chun an t-ualach rialála a laghdú.	Tá an rialáil comhréireach agus fónann sí do leas an phobail.

Tá sé mar aidhm ag an Údarás ardchaighdeáin de chleachtais rialacháin, trína obair rialúcháin, agus chun iad seo a shamhaltú ina ghníomhaíochtaí ar fad. Le linn na bliana, lean an tÚdarás a aghaidh ag díriú ar rialachas corparáideach éifeachtach agus ag cinntiú go gcomhlíonann sé le riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 i gcónaí.

Agus an tÚdarás ag samhaltú na gcaighdeán rialachais seo, tá sé mar aidhm aige earnáil craolacháin atá freagrach agus cuntasach.

(A) Comhlíonadh agus Cuntasacht

(i) Earnáil craolacháin fhreagrach agus chuntasach a bhaint amach

Is gné thábhachtach d'obair an Údaráis é comhlíonadh na gcraoltóirí a chinntiú lena n-oibleagáidí reachtúla agus conartha. Forbraíodh cur chuige an Údaráis le blianta fada, ba éard ba chúis leis seo, chun monatóireacht a dhéanamh ar chultúr an chomhlíonta agus é a spreagadh agus a chur chun cinn san earnáil craolacháin agus chun cosaintí a chur ar fáil don lucht éisteachta agus féachana. Is iad na torthaí ón obair chomhlíonta a dhéanann eolas do réimsí eile an Údaráis ar nós ceadúnais a bhronnadh, cóid agus rialacháin chraolacháin a fhorbairt, gníomhaíochtaí a mhaoiniú agus eolas luachmhar a chur ar fáil faoi threochtaí tionscail trí chéile.

Tuairisciú Reachtúil

Craoltóirí Seirbhíse Poiblí

Chomh maith le rialú a dhéanamh ar ábhar na gCraoltóirí Seirbhíse Poiblí (PSBanna), RTÉ agus TG4, trí chomhlíonadh monatóireachta le cóid agus le rialacha agus leis an bpróiseas gearán, tá réimsí suntasacha de mhaoirseacht rialúcháin ag an Údarás ar an craoltóirí seo, lena n-áirítear Ráitis Bhliantúla de Cheangaltais Feidhmíochta, Athbhreithnithe Bliantúla ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí, Athbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú do na PSBanna agus críochnú na Measúnuithe Tionchair Earnála, nuair a iarrann an tAire iad.

Cuireadh réimse gníomhaíochtaí comhlíonta PSB i gcrích in 2021, lena n-áirítear soláthar an aiseolais chuig na PSBanna faoina Ráitis Bhliantúla de Cheangaltais Feidhmíochta agus críochnú *Athbhreithniú Bliantúil* ar *Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí an Údaráis 2020*, lena n-áirítear moltaí maoinithe poiblí, a cuireadh isteach chuig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta,

Spóirt agus Meán, i gcomhréir le dualgais reachtúla an Údaráis.

Athbhreithniú Bliantúil 2020 ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí RTÉ agus TG4

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar fheidhmíocht RTÉ agus TG4 i gcoinne a dtiomantas agus rinne siad machnamh ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí atá ar fáil don dá PSB chun freastal ar a chuspóirí faoi seach. Thug Mediatique faoin athbhreithniú, is comhairleacht sheachtrach í, agus cuireadh i láthair don Údarás é i mí Mheán Fómhair 2021. Thug an tÚdarás tacaíocht do thorthaí Mediatique agus fuair sé amach:

- Cé nár éirigh leo a gceangaltais ar fad a bhaint amach mar a leagtar amach iad ina ráitis bhliantúla de cheangaltais feidhmíochta, chomhlíon an dá PSB a gcuspóirí agus oibleagáidí le linn bliain chrua, inar imir COVID-19 tionchar mór orthu.
- Fuair na comhairleoirí amach go raibh straitéisí reatha na PSBanna láidir agus léiríonn siad dálaí agus dúshláin an mhargaidh.
- I dtéarmaí na formáide iomláine agus nádúr Cheangaltais Feidhmíochta na PSBanna, thug an tÚdarás faoi deara iarrachtaí an dá chraoltóir cuíchóiriú a dhéanamh ar a gceangaltais agus ar a gcuspóirí faoi seach a dhéanamh níos éifeachtaí agus chuir siad fáilte roimh athchóiriú radacach TG4 maidir lena gceangaltais feidhmíochta le haghaidh na bliana 2020.

Maidir le TG4, fuarthas amach san athbhreithniú, gur éirigh go maith leis an gcraoltóir, ina iomláine in 2020. Mhol an tÚdarás méadú ar mhaoiniú in 2021 dár luach €57k sa bhliain – ó tharla go bhfuil maoiniú dár luach €6m molta thar thréimhse cúig bliana, bhí an tÚdarás ullmhaithe le haghaidh méaduithe i maoiniú poiblí tiomanta don tréimhse 2018–2021 (€5.943m).

I gcás RTÉ, fuarthas amach san athbhreithniú gur éirigh go maith leis an gcraoltóir in 2020, agus bhain sé go leor dá chuspóirí luchta féachana agus éisteacha, agus a chuspóirí ábhair agus inbhuanaitheachta amach. Mhol an tÚdarás méadú ar mhaoiniú dár luach €19.5m – ó tharla gur mhol an tÚdarás maoiniú dár luach €30m in 2018, méaduithe maoinithe poiblí a bhronn an Rialtas ina dhiaidh sin sna tréimhsí 2019 agus 2020.

Rialacha Rochtana an BAI

Teastaíonn seirbhís phoiblí agus craoltóirí tráchtála agus pobail ó **Rialacha Rochtana an BAI** chun freastal ar chuspóirí fotheidealaithe, chun dul i gcomhairle le grúpaí úsáideora, agus chun rochtain ar a gcuid seirbhísí a chur chun cinn do dhaoine atá bodhar, a bhfuil allaíre orthu, nó atá breacamharcach nó dall. Chomh maith leis sin, ní mór do RTÉ agus Virgin Media Television Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur ar fáil chomh maith le Tráchtaireacht Fuaime ar chuid dá gcainéal, agus tá iallach ar Oireachtas TV Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur ar fáil freisin.

Thug an tÚdarás faoi réimse gníomhaíochtaí comhlíonta le linn na bliana 2021 chun rochtain a fháil ar chomhlíonadh na gcraoltóirí le Rialacha Rochtana. Cuimsíodh leo seo, monatóireacht ar aschur an chraoltóra, agus cruinnithe le craoltóirí agus na Painéil Chomhairliúcháin Úsáideora chun a dtuairimí a thabhairt chun solais faoi chaighdeán agus iontaofacht na bhfotheideal agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Emma Ní Chearúil, My Tribe – Mo Threibh, léirithe ag Mind the Gap Films, maoinithe ag Scéim Fuaim agus Fís an BAI

Phoenix Masters Swim Club, An Cuan, léirithe ag Oddboy Media, maoinithe ag Scéim Fuaim agus Fís an BAI

Tuarascáil ar na Rialacha Rochtana

I mí an Mheithimh 2021, rinne an Coiste um Chomhlíonadh machnamh ar an Tuarascáil ar na Rialacha Rochtana agus déanann tuarascáil measúnú ar chraoltóirí agus ar a chomhlíonadh leis na Rialacha Rochtana.

Bhí an Coiste um Chomhlíonadh sásta go leor le feidhmíocht RTÉ, TG4, eir Sport, Oireachtas TV, DCTV agus CCTV, agus lena gcomhlíonadh leis na Rialacha Rochtana, agus leis na tograí a rinne gach ceann de na craoltóirí chun na seirbhísí rochtana a sholáthar le haghaidh comhlíonta leis na Rialacha Rochtana in 2021.

Maidir le feidhmíocht Virgin Media Television in 2020, thug an Coiste faoi deara nár fhreastail an craoltóir ar roinnt riachtanais shonracha agus d'iarr sé ar an Údarás a bheith níos rannpháirtí leis an gcraoltóir faoi na cúrsaí seo leis an gcuspóir chun iad a thabhairt ar ais chuig comhlíonadh.

Craoltóirí Teilifíse Ceadúnaithe nach bhfuil Éireannach: Tuarascáil ar Chomhlíonadh le Cóid an Údaráis

I dtaca le forálacha an Achta Craolacháin 2009, tá iallach ar an Údarás tuairisciú don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Mean faoin méid a chomhlíonann na craoltóirí teilifíse a rialaítear i mBallstáit eile de chuid an AE leis na cóid chraolacháin de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann. Cuimsítear leis seo na seirbhísí teilifíse le craolacháin atá dírithe go hiomlán nó go príomha ar lucht féachana na hÉireann.

Chuir an Coiste um Chomhlíonadh an tuarascáil 2020 don Aire in 2021. Fuarthas amach sa tuarascáil, ach an oiread le tuarascálacha eile a rinneadh, chomhlíon fógraíocht scar-rogha ar sheirbhísí teilifíse ceadúnaithe nach raibh Éireannach le Cód Ginearálta an Údaráis maidir le Cumarsáidí Tráchtála ar an iomlán agus leis an gCód maidir le Cumarsáidí Tráchtála do Leanaí.

Ach, fuarthas amach sa tuarascáil gur tháinig deacrachtaí chun cinn maidir le cumarsáidí tráchtála le haghaidh táirgí díritheach ar pháistí faoi bhun 6 bliana d'aois nár thug na foláirimh riachtanacha bhéil ar an scáileán. Chuir an tÚdarás na rialtóirí ábhartha ar an eolas i ndlínsí eile faoi na deacrachtaí faoi neamhchomhlíonadh follasach a thagann chun cinn ó anailís an Údaráis.

(ii) Tacú le forbairt na hEarnála Craolacháin Inbhuanaithe

Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe an Údaráis ('SDG') Plean Gníomhaíochta

Obair a rinneadh d'fhorbairt Phlean Gníomhaíochta SDG de chuid an Údaráis agus Creat Tuarascála ábhartha a próiseáladh le linn na bliana 2021. D'aontaigh an tÚdarás an cur chuige le húsáid chun an Plean Gníomhaíochta a fhorbairt i mí Mheán Fómhair, plean a leagann amach na bealaí ina dtacóidh an tÚdarás leis na SDGanna NA a bhaint amach thar raon leathan réimsí oibre. Agus an tÚdarás ag forbairt an phlean, sainaithneoidh an tÚdarás na SDGanna agus na cuspóirí ábhartha is mó a bhaineann le hobair an Údaráis.

Táthar ag súil go bhfoilseofar an dréachtphlean in 2022 agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm in 2023.

Líonra Craolacháin Inbhuanaitheachta

Sheol an tÚdarás an Líonra Craolacháin Inbhuanaitheachta ag deireadh na bliana 2020 chun cleachtais ghlasa, ionchuimsitheacha agus atá athléimneach sa gheilleagar in earnáil craolacháin na hÉireann. Chuir an Grúpa stiúrtha de chuid an Líonra, plean oibre agus treochlár inbhuanaitheachta i bhfeidhm, ina raibh ionadaithe ón Údarás; RTÉ; TG4; Wireless Ltd; Communicorp; CRAOL; Flirt FM; Beat FM; Screen Producers Ireland; Screen Ireland; Radio Kerry Group; agus South East Radio. Ba í 2021 an chéad bhliain don Líonra a bheith ar an bhfód. Le linn an ama seo, bhí cúig imeacht ag an Líonra inar cuimsíodh seisiúin faoi éifeachtacht fuinnimh, éagsúlacht, cothromas agus cuimsiú.

Faoi cheann dheireadh na bliana 2021, bhí 42 sínitheoir ag Cairt an Líonra - méadú de mhéid 39 ó seoladh an Líonra. Tríd is tríd, bhí rannpháirtíocht mhór ann ón earnáil craolacháin i ngníomhaíochta an Líonra le linn na bliana ar fad.

Dualgas Chothromas na hEarnála Poiblí agus Chearta an Duine

Cuireann Acht Chearta an Duine agus Coimisiúin Cothromais 2014 dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí chun meas a léiriú ar chearta an duine agus ar dheacrachtaí cothromais. Is oibleagáid dhlíthiúil é seo, atá i gCuid 42 d'Acht Éireannach Chearta an Duine agus Cothromais 2014, agus cuireann sé oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí, ar nós an Údaráis, a chuid feidhmeanna a dhéanamh, chun meas a bheith aige ar an ngá le "fáil réidh le leithcheal, cothromas a chur chun cinn maidir le deiseanna do na baill foirne agus do na daoine a gcuireann sé deiseanna ar fáil dóibh agus na daoine sin a chaitheamh mar is ceart, agus chun cearta an duine a chosaint de chuid a gcomhaltaí, a mball foirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh". Thuairiscigh an tÚdarás don Choimisiún Éireannach Chearta an Duine agus Cothromas faoina chomhlíonadh lena dhualgas earnála poiblí i mí Mheán Fómhair 2021.

Tugann an tÚdarás tiomantas do chur chuige réamhghníomhach ina Ráiteas Straitéise 2021–2023 maidir leis an dualgas seo a chur i bhfeidhm. Foilsíodh **Plean Gníomhaíochta Dualgais na hEarnála Poiblí 2021–22** de chuid an Údaráis i mí na Samhna. Leagann an plean na gníomhaíochtaí amach a bhfuiltear le tabhairt fúthu chun Dualgas Chothromas na hEarnála Poiblí agus Chearta an Duine a chur i bhfeidhm.

Iarratais um Shaoráil Faisnéise 2021

17

In 2021, fuair an BAI 17 gcinn Iarratais ar Shaoráil Faisnéise.

Rinneadh na cinntí seo a leanas maidir leis seo ag deireadh na bliana 2021.

3	8	4	3	0
Bronnta ina n-Iomláine	Páirt-Bhronnta	Tarraingthe siar	Diúltaithe	Ar siúl ag deireadh na bliana

De na cinn a fuarthas in 2021:

9	6	2
Dhaoine aonair	Iriseoirí	Údaráis áitiúla

Plean Gníomhaíochta ar Son na hAeráide

D'fhoilsigh an Rialtas a Phlean Gníomhaíochta ar Son na hAeráide i mí na Samhna 2021. Chuir an tÚdarás fáilte roimh ghealltanas a chur sa phlean chun maoiniú breise a dháileadh ar Scéime Fuaime agus Físe an Údaráis chun tacú le hábhar a chruthú faoi na téamaí maidir le hAthrú Aeráide agus Gníomhú ar son na hAeráide.

DJ Mona Lisa, My Tribe – Mo Threibh, léirithe ag Mind the Gap Films, maoinithe ag Scéim Fuaim agus Fís an BAI

(B) Cleachtas Rialachais

(i) Ardleibhéal comhlíonta a léiriú le COPGSB

Chuir an tÚdarás a **Thuarascáil Bhliantúil agus a Ráitis Airgeadais 2020** isteach ag comhlíonadh go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (COPGSB). Chomh maith leis sin, tugadh Seicliosta Comhlíonta COPGSB an Údaráis ar ais chuig an Roinn agus faomhadh iad gan deacracht ar bith ag teacht chun cinn.

ii)Cleachtais Rialúcháin a Fheabhsú agus Ualach Rialúcháin a Laghdú

Tá sé lárnach in obair an Údaráis go laghdaítear an t-ualach rialúcháin agus riaracháin ar fud a ghníomhaíochtaí rialúcháin ar fad. Bhí sé seo thar a bheith tábhachtach le blianta beaga anuas chun freagairt do dhúshláin na páirtithe leasmhara a d'eascair as COVID-19. Rinne an tÚdarás cuíchóiriú ar chur i bhfeidhm an Bhabhta Maoinithe Covid do Raidió Tráchtála agus an Bhabhta Maoinithe Sochair Shóisialta don Phobal d'Fhuaim agus Fís, rud a laghdaigh an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí agus chinntigh sé dáileadh tapa an mhaoinithe. Tá Ráiteas an Údaráis faoi Ualach Rialúcháin ag teastáil faoi Chuid 32(4) den Acht 2009, tá sé á ullmhú agus táthar ag súil go bhfoilseofar é i dtús na bliana 2022.

Léirigh gníomhaíochtaí eile gur baineadh an cuspóir seo amach in 2021:

- Rinne an tÚdarás a ghníomhaíochtaí tobhaigh bainistíochta go hinmheánach in 2021 chun an t-ualach riaracháin a laghdú ar an earnáil craolacháin.
- Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar a phróiseas ceadaithe le haghaidh seirbhísí craolacháin ísealchumhachta, rud a ghearrann na hamlínte próiseála.
- Chuir an tÚdarás cur chuige cuíchóirithe níos fearr i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcraoltóirí in 2021.
- D'fhreastail an tÚdarás ar iarrataí le haghaidh athruithe sealadacha ar sceidil chláir agus ar ghníomhaíochtaí agus imeachtaí athbhreithnithe ceadaithe a mhaoinítear faoi scéimeanna Foghlama agus Forbartha na Earnála.
- Nuashonraíodh Sceideal na gCúrsaí a chuireann an tÚdarás agus na Coistí ar leataobh do Mhachnamh i mí Mheán Fómhair 2021 agus déantar athbhreithniú air i gcónaí chun an t-ualach rialúcháin a laghdú.

Rochtain ar Thaifid a Sholáthar

Cuireann an tAcht Saorála Faisnéise 2014 ar chumas bhaill an phobail rochtain a fháil ar thaifid i seilbh an Údaráis, nuair a iarrtar sin, nach gcuireann an tÚdarás nó foinsí eile ar fáil go hiondúil. D'ullmhaigh an tÚdarás a Scéim Foilseacháin Saorála Faisnéise, i gcomhréir le cuid 8 den Acht Saorála Faisnéise 2014 agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Cuimsítear leis an Scéim catagóirí faisnéise le naisc chuig suíomh gréasáin eile ina bhfuil eolas ábhartha faoi gach ceann de na catagóirí atá liostaithe.

Fuair an tÚdarás seacht déag (17) iarraidh ar rochtain ar thaifid faoin Scéim Saorála Faisnéise in 2021. Chomh maith leis sin, bhí machnamh á dhéanamh ar iarraidh amháin go fóill (1) a fuarthas in 2020.

Comhlíonadh

Lean an tÚdarás ar aghaidh in 2021 ag cur a Phlean Comhlíonta i bhfeidhm. Cheadaigh an Coiste um Chomhlíonadh an Plean i mí na Bealtaine 2020, agus cuimsíodh leis an bplean na gníomhaíochtaí seo a leanas:

1. Tuarascálacha Reachtúla;
2. Craoltóir Seirbhíse Poiblí (CSP) gníomhaíocht;
3. Dearadh agus rolladh amach na dtuarascálacha ar ais chuig na craoltóirí;
4. Ábhar traenála agus feasachta a fhorbairt le haghaidh Cóid agus Rialacha an Údaráis; agus
5. Déileáil le gearáin agus ceisteanna atá riachtanach.

Cé gur athraíodh gnéithe faoi leith den Phlean chun tionchar na bhfachtóirí seachtracha faoi leith a léiriú ar nós COVID-19, lean an tÚdarás ar aghaidh chun a oibleagáidí reachtúla a sheachadadh chomh maith lena oibleagáidí tuarascála comhlíonta agus chun déileáil le gníomhú Comhlíonta agus Forfheidhmithe riachtanaigh de réir mar a tháinig sé chun cinn.

Rialachas na Scéimeanna um Maoiniú Craolacháin

Agus 7% den Táille Ceadúnais Teilifíse á bainistiú agus á bronnadh trína Scéim um Maoiniú Craolacháin, cinntíonn an tÚdarás ardchaighdeáin rialachais i riarachán na Scéime a thabharfaidh tairbhe do na páirtithe leasmhara ar fad. Cuirtear béim ar leith ar chleachtaí comhlíonta de réir mar a theastaíonn, chun a chinntiú go seachnaíonn conraitheoirí na tionscadail i gcomhréir leis na haontaithe maoinithe.

Déanann baill foirne an Údaráis agus iniúchtaí neamhspleácha monatóireacht ar chonraitheoirí go rialta le haghaidh comhlíonta le coinníollacha a gconarthaí maoinithe. Déantar measúnú ar na tionscadail teilifíse ar fad, chomh maith le cuid de na tionscadail raidió a fhaigheann maoiniú go córasach agus go neamhspleách, i ndiaidh a gcríochnaithe, i gcoinne riachtanais sheachadta an chláir chun comhlíonadh a chinntiú leis an gcéad-sonraíocht cláir agus le riachtanais chóirithe mar atá leagtha amach sa chonradh maoinithe.

Scéim don Ghaeilge III

Caighdeánaíonn Scéim Gaeilge an Údaráis cur chuige an Údaráis chun oibleagáidí a chomhlíonadh a bhaineann leis an nGaeilge. D'fhoilsigh an tÚdarás Scéim nua Gaeilge a mhaireann 3 bliana in 2020. Tá sé mar aidhm ag an Scéim cur le dul chun cinn a rinne an tÚdarás agus an dul chun cinn céanna a neartú le blianta anuas maidir le caighdeán a sheirbhísí i nGaeilge a fheabhsú agus a sheachadadh. Cuimsítear le ceangaltais nua, úsáid na Gaeilge a mhéadú ag ócáidí poiblí agus i gcumarsáid sna mheáin shóisialta ar fad, ag coimisiúnú taighde Gaeilge, ag coimisiúnú córais gearáin i nGaeilge ar líne a fhorbairt, ag coimisiúnú traenáil Ghaeilge shaincheaptha do na baill foirne i bhFuaim agus Fís agus ag coimisiúnú sholáthar na n-acmhainní digiteacha Gaeilge chomh maith leis na gluaiseanna Gaeilge do bhaill foirne an Údaráis ar fad.

Téama Straitéiseach 3

Ceannaireacht le linn Athrú

Cuspóir Straitéiseach	Toradh
1: Díospóireacht a threorú agus tionchar a imirt ar fhorbairt beartais maidir leis an gcreat reachtach agus rialála amach anseo do sheirbhísí meán digiteach agus craolacháin.	(1) D'úsáid BAI a chuid eolais agus saineolais le linn dó bheith ag comhoibriú le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an córas rialála amach anseo d'ardáin chraolta agus ar líne a fhorbairt agus chun a bheartais meán digiteach a athrú chun freastal ar riachtanais an lucht féachana, éisteachta agus an úsáideora. (2) Measann páirtithe leasmhara gur glór eolasach, údarásach agus ceannasach é BAI maidir le rialáil na meán de.
2: Freagairt agus dul in oiriúint d'fhorbairtí agus cumarsáid a dhéanamh i dtaobh forbairtí, sa timpeallacht níos leithne, agus tionchair ar an eagraíocht, ar an earnáil agus ar an lucht féachana agus éisteachta a thuar agus a mheasúnu.	Tá páirtithe leasmhara BAI muiníneach go bhfaighidh siad freagraí rialála a bheidh bunaithe ar fhianaise, agus a bheidh tráthúil agus comhréireach.
3: Foireann an BAI a stiúradh, beartais, cleachtais agus próisis BAI a athbhreithniú agus a bhunathrú mar ullmhúchán dá chomhtháthú isteach sa Choimisiún Meán nua.	Tá cultúr láidir ceannaireachta, foghlama agus feidhmíochta ag BAI mar aon le lucht saothair lúfar, spreagtha agus eolasach a thacóidh le BAI chun é a chomhtháthú go hiomlán isteach sa Choimisiún Meán nua.

Is téama straitéiseach nua don Údarás é Ceannaireacht le linn Athrú agus bhí sé ina phríomhfhócas straitéiseach don eagraíocht in 2021. Tá gnéithe inmheánacha agus seachtracha ag cuspóirí straitéiseacha agus ag na gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu leo, rinne an dá cheann acu an-dul chun cinn i gcaitheamh na bliana seo. Ar an gcéad dul síos, tá sé mar aidhm ag Údarás Craolacháin na hÉireann é féin a chur in áit an cheannaire sa díospóireacht ar fhorbairt beartais i gcreat reachtaíochta agus rialála le haghaidh seirbhísí digiteacha meáin. Ar mhaithe le dearcadh inmheánach, tá sé mar aidhm ag an Údarás baill foirne a threorú le linn athrú an Údaráis agus comhtháthú feidhmeanna agus acmhainní an Údaráis leis an gcoimisiún nua Coimisiún na Meán. Faoi dheireadh, tugann an téama gealltanas don Údarás freagairt d'fhorbairtí agus athrú dá réir sa timpeallacht níos leithne.

Leagtar amach na sonraí de réimse leathan gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu chun cur i bhfeidhm an téama straitéisigh seo a chur chun cinn.

(A) Rannpháirtíocht sa Chóras Rialúcháin sa Todhchaí

Bille OSMR

Rannpháirtíocht le Comhchoiste an Oireachtais

D'fhoilsigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin T.D., an Scéim Ginearálta an Bhille um Rialáil na Meán um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán i mí na Nollag 2020. Nuair a chuirfear an Bille i bhfeidhm, trasuífidh sé an Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc i ndlí na hÉireann. Bunóidh sé creat rialála nua le haghaidh sábháilteachta ar líne, lena n-áirítear forbairt agus cur i bhfeidhm na gcód sábháilteachta ar líne.

Seoladh Clár Iarchéime Iriseoireachta, maoinithe ag Scéim Foghlama agus Forbartha Earnála an BAI leis an bPríomhfheidhmeannach Celene Craig, lasmuigh d'oifig an BAI

Tar éis an fhoilsithe, chuir an Coiste Oireachtais Meán, Turasóireachta, Ealaíon, Cultúir, Spóirt agus Gaeltachta (athainmnithe an Coiste Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Spóirt agus Meán i mí na Bealtaine 2021) chuir sé tús lena imscrúdú réamh-reachtúil den Scéim Ghinearálta. Chuir sé fáilte roimh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara faoin Scéim Ghinearálta, mar chuid den phróiseas sin.

Rinne an tÚdarás aighneacht scríofa chuimsitheach chuig an gCoiste, i mí Márta 2021. Thug an tÚdarás tacaíocht láidir d'aidhmeanna an Bhille agus don ról agus do na freagrachtaí beartaithe de chuid Choimisiún na Meán, ag tabhairt faoi deara go raibh croílár a bhunchomhairliúcháin phoiblí 2019 ag teacht le forálacha na Scéime Ginearálta den chuid is mó. Thug aighneacht an Údaráis aghaidh ar na réimsí leithne d'fhócas na Scéime Ginearálta, lena n-áirítear Catagóirí d'Ábhar Dochrach Ar líne, an Struchtúr Rialachais, Cumhachtaí Comhlíonta agus Ceadaithe na heagraíochta nua.

D'fhreastail ionadaithe ón Údarás ar chruinniú leis an gCoiste i mí Bealtaine chun an Bille agus a fhorálacha a phlé. Thug an cruinniú deis don Údarás a fhreagrachtaí agus a ghníomhaíochtaí rialúcháin a leagan amach, agus chun plé a dhéanamh ar an gcreat rialúcháin le haghaidh an choimisiúin nua, Coimisiún na Meán.

Rinne an tÚdarás aighneacht bhreise chuig an gComhchoiste i mí Iúil. Bhí baint ag an aighneacht scríofa le roinnt cúrsaí sonracha a bhain leis an Scéim Ghinearálta, lena n-áirítear Cinn an Bhille faoi Chlabhsúr Aertel, Nóiméadaíocht Fógraíochta, Tosaíocht an Ábhair Seirbhíse Poiblí agus Comhtháthú an Bhille (Leasú) Craolacháin, 2019.

Foilsíodh tuarascáil an Chomhchoiste ar Imscrúdú na Scéime Ginearálta de chuid an Bhille Rialála Sábháilteachta Ar Líne agus Meán i mí na Samhna. Foilsíodh an Bille ansin dá réir i mí Eanáir 2022.

Flossie Donnelly, An Cuan, léirithe ag Oddboy Media, maoinithe ag Scéim Fuaim agus Fís an BAI

Rannpháirtíocht leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Bhí an tÚdarás ag comhoibriú go dlúth le hoifigigh na Roinne faoi réimse cúrsaí rialúcháin le linn na bliana, agus é ag ullmhú le haghaidh díscaoileadh an Údaráis agus a chuid feidhmeanna agus ball foirne a aistriú chuig an gcoimisiún nua, Coimisiún na Meán. Tionóladh cruinnithe aistrithe ar bhonn míosúil agus cuimsíodh le cúrsaí pléite beartais reachtaíochta, beartas rialúcháin agus pleanáil agus comhtháthú aistrithe.

Aontaíodh go mbunófaí roinnt grúpaí oibre chun níos mó den obair chomhoibritheach seo a dhéanamh, faoi cheann dheireadh na bliana, agus an-dul chun cinn déanta sa phróiseas reachtaíochta. Dhíreodh na grúpaí oibre seo ar Acmhainní Daonna agus ar Earcaíocht, Aistriú Corparáideach agus Aistriú Rialúcháin agus cuireadh tús leis go luath sa bhliain 2022.

Coimisiúin Thodhchaí na Meán

Bunaíodh Coimisiúin Thodhchaí na Meán ag deireadh na bliana 2020, agus cuireadh dualgas air chun machnamh a dhéanamh ar thodhchaí na meán seirbhíse poiblí agus ar thodhchaí ábhair na seirbhíse poiblí in Éirinn. Cuimsíodh leis na cúrsaí a tháinig faoi bhráid an Choimisiúin chun machnamh a dhéanamh orthu, an chaoi ar cheart aidhmeanna na seirbhíse poiblí a sheachadadh go ceann deich mbliana, an chaoi a ndéantar formhaoirseacht agus rialáil ar na meáin, agus an chaoi ar cheart struchtúr a chur ar RTÉ agus an chaoi ar cheart é a mhaoiniú.

Chuir an tÚdarás cúig aighneacht ar fáil don Choimisiún, agus é ag déanamh machnamh ar a thaithí forleathan faoi rialáil a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcraoltóirí seirbhíse poiblí, agus ar a thaithí faoi rialáil a dhéanamh ar na meáin chraolacháin níos leithne. Chlúdaigh siad seo réimse ábhar a imríonn tionchar ar sholáthar an ábhair seirbhíse poiblí sa Stát, as seo amach, lena n-áirítear rialáil agus maoiniú na Meán Seirbhíse Poiblí, Ábhar a chartlannú, agus Éagsúlacht na Meán Gaeilge.

Chomh maith leis na haighneachtaí bhí rannpháirtíocht reatha ar siúl leis an gCoimisiún agus leis an Roinn maidir lena chuid oibre.

Táthar ag súil go bhfoilseofar an tuarascáil ar Choimisiúin Thodhchaí na Meán chomh maith lena moltaí faoi mhaoiniú poiblí inbhuanaithe tar éis don Rialtas machnamh a dhéanamh air.

ERGA

Lean an tÚdarás ar aghaidh agus é rannpháirteach i nGrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA), ag leibhéal Eorpach. Is é ERGA grúpa comhairliúcháin an Choimisiúin Eorpaigh faoi chúrsaí closamhairc agus is é an tÚdarás comhlacht ainmnithe na hÉireann chuig an ngrúpa.

Ceapadh Celene Craig, Príomhfheidhmeannach an Údaráis, chuig Bord ERGA ina bhfuil cúigear le haghaidh na bliana 2021. Bhí an tÚdarás rannpháirteach sna trí fhoghrúpa agus sna trí ghrúpa gníomhaíochta ar fad le linn an bliana agus chuir sé le réimse tuarascálacha agus moltaí ERGA a tháirgeadh.

i) Foghrúpa 1 – Cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú leanúnach an chreata nua AVMSD

Lean an clár oibre le haghaidh 2021 ar aghaidh leis an obair ar tugadh fúithi in 2020 agus dhírigh sé ar chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú leanúnach agus réidh a chinntiú don AVMSD athbhreithnithe.

Rinne sé rianú ar an gcaoi a raibh cur i bhfeidhm ag tarlú ar fud an Aontais Eorpaigh. Cuimsíodh leis na réimsí fócais, measúnú ar na critéir chun físbhlagálaithe a cháiliú mar sheirbhísí closamhairc, measúnú ar an riail nua ar thosaíocht an ábhair leasa ghinearálta agus na rialacha faoi thosaíocht na Saothar Eorpach. Cuimsíodh leis sin measúnú ar chuid de na deacrachtaí ríthábhachtacha a bhaineann leis an tuiscint ar Airteagal 28b na Treorach. Cé nár trasuíodh an AVMSD in Éirinn fós, ba cheart go mbeadh an t-athbhreithniú agus na torthaí luachmhar don choimisiún nua, Coimisiún na Meán nuair atáthar a dhéanamh machnamh ar chúrsaí dá leithéid..

(ii) Foghrúpa 2 – Críochnú Chreat Rialála an AE

Foghrúpa ERGA 2 – A bhaineann le cur i gcrích Chreat Rialála an AE maidir leis na meáin. Bhí sé mar aidhm aige cur leis an obair ar tugadh fúithi in 2020 arís, go háirithe tar éis do roinnt forbairtí reachtaíochta teacht chun cinn. D'ullmhaigh an foghrúpa páipéir chuimsitheacha phoist faoin *Acht um Sheirbhísí Digiteacha* agus faoin *Acht um Mhargaí Digiteacha*, le linn na bliana. Thug sé faoi mhonatóireacht struchtúrtha ar phlé Pharlaimint na hEorpa faoi phríomhfhorálacha an ASG agus, ina leith sin, rinne sé machnamh ar ról ERGA féin sa tírdhreach rialúcháin as seo amach. Ar dtús, rinne an Foghrúpa machnamh ar an **Acht Saorála Meán Eorpach** a bhí le teacht a dhéanfaidh iarracht saoráil agus iolarthacht na meán a chinntiú ar fud an Aontais.

(iii) Foghrúpa 3 – Bréagaisnéis

Dhírigh an foghrúpa ERGA ar iolarthacht na meán agus ar chur i bhfeidhm **Chód deonach an AE de Chleachtas agus Bréagaisnéis**. Rinne an tÚdarás cathaoirleacht ar an ngrúpa seo in 2019 agus lean sé ar aghaidh ag tabhairt go leor acmhainní dá ghníomhaíochtaí in 2020 agus in 2021. Cuireann an Foghrúpa cúnamh ar fáil do Choimisiún an AE le measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chóid.



Seoladh Tuarascáil CovidCheck, maoinithe ag Scéim Foghlama agus Forbartha Earnála an BAI

Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm an Chóid Cleachtais faoi Bhréagaisnéis

Mhaoinigh an tÚdarás **Tuarascáil Seiceála Covid** a rinne athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Chóid Cleachtais an AE faoi Bhréagaisnéis a bhaineann le COVID-19 in 2021. Rinne an taighde anailís ar 47 tuarascáil trédhearcachta a chuir na sínitheoirí isteach chuig an gCód idir Lúnasa 2020 agus Aibreán 2021 mar fhreagra ar chumarsáid an Choimisiúin Eorpaigh 2021 faoi dhul i ngleic le bréagaisnéis COVID-19.

Fuarthas amach sa taighde, cé go raibh an Cód ina uirlis chabhrach chun sínitheoirí a spreagadh chun freagairt do cheisteanna faoi bhréagaisnéis, tá go leor deacrachtaí a bhaineann lena chur i bhfeidhm agus lena scóip. Fuair taighdeoirí deacrachtaí faoi mheasúnú a dhéanamh ar amlínte, iomláine agus ar thionchar na ngníomhaíochtaí ar thug sínitheoirí fúthu. Bhí cás-staidéir Éireannacha a thacaigh leis na torthaí a dhírigh ar Facebook agus TikTok agus ar athbhreithniú ar thrédhearcacht na sínitheoirí maidir le húsáid intleachta saorga agus le huathoibriú maidir le bréagaisnéis COVID-19 a stopadh.

Ba é an tÚdarás an t-aon bhall de ERGA a d'fhoilsigh a thaighde náisiúnta féin faoi chur i bhfeidhm an Chóid Cleachtais. Ghlac ERGA leis an tuarascáil agus leis na moltaí a tháinig as na gníomhaíochtaí monatóireachta in 2021 agus ceanglaíodh iad le Moltaí ERGA le haghaidh Cód Nua de Chleachtas ar Bhréagaisnéis i mí Dheireadh Fómhair 2021. Bhí Coimisiún Eorpach buíoch as an obair a chuir an tÚdarás agus ERGA agus an tuarascáil deiridh á cur i gcrích.,

(iv) Grúpa Gníomhaíochta 3 - Tuiscint ar na Meáin

Ó tharla go bhfuil dea-theist láidir ar an Údarás go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, iarradh ar an Údarás comhchathaoirleacht a dhéanamh ar an nGrúpa Gníomhaíochta ERGA ar Thuiscint ar na Meáin, in 2021. Cuireadh dualgas ar leith ar an ngrúpa tacú le Coimisiún an AE chun Tacar Uirlisí do Thuiscint ar na Meáin a fhorbairt ag díriú ar VSPanna, i gcomhréir le forálacha na Meán Eorpach agus leis an bPlean Gníomhaíochta Closamhairc a foilsíodh i mí na Nollag 2020.

Leag an Tuarascáil Grúpa Gníomhaíochta moltaí le haghaidh príomhphrionsabail, dea-chleachtas agus Tacair Uirlisí do Thuiscint ar na Meáin le haghaidh Ardán Roinnte Físeán. Ba cheart go mbeadh an tuarascáil ina cabhair ar rialtóirí freisin, chun pleananna a fhorbairt i dtaca lena n-oibleagáidí maidir le Tuiscint ar na Meáin faoin AVMSD athbhreithnithe. Moladh aschuir an Ghrúpa Gníomhaíochta agus dúirt Coimisiún Eorpach go raibh siad ar chaighdeán "as cuimse".

(v) Grúpa Gníomhaíochta ERGA 1 agus 2

Lean na Grúpaí Gníomhaíochta le haghaidh 2021 ar aghaidh leis an obair a rinneadh ón mbliain roimhe sin. Bhí Grúpa Gníomhaíochta 1 freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Mheamram na Tuisceana a d'aontaigh baill ERGA roimhe sin in 2020. Stiúir an tÚdarás agus a chomhghleacaithe sa CSA (an Fhrainc) forbairt Mheamram na Tuisceana in 2020. Ba é príomhaidhm na cáipéise chun comhoibriú a neartú idir na NRAanna chun cur i bhfeidhm na Treorach athbhreithnithe leanúnach agus éifeachtach a chinntiú.

Lean Grúpa Gníomhaíochta 2 ar aghaidh ag déanamh rianú ar thionchar eacnamaíoch na paindéime COVID-19 ar earnáil Closamhairc na hEorpa agus ar fhreagairt na mBallstát di seo. Ba é an **tuarascáil** a foilsíodh i mí na Nollag 2021 a tháinig chun cinn a leag amach réimse moltaí agus déanfaidh sé eolas do chúnamh ERGA na dtionscnamh AE, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta Closamhairc de chuid an AE.

Seoladh Tuairisc Nuachta Digiteach 2021

EPRA

Lean an tÚdarás ar aghaidh le bheith rannpháirteach san Ardán Eorpach um Údaráis Rialála ("EPRA") atá ina líonra neamhspleách ina bhfuil rialtóirí closamhairc agus atá ar fud na hEorpa ar fad. Cuimsítear le EPRA, 55 údarás rialúcháin ó 47 tír, agus cuireann sé suíomh luachmhar ar fáil do chomhoibriú agus roinnt an eolais agus na ndea-chleachtas idir rialtóirí craolacháin san Eoraip.

Socraíonn an líonra dá chruinniú iomlánaíoch gach bliain a thacóidh le fiosrú na bpríomhthéamaí. Cuireadh iad seo ar líne in 2021, agus rinneadh roinnt seisiún faoi théamaí lena n-áirítear seisiúin faoi Fhuathchaint agus faoi Rialáil na nArdán ar líne. Ceapadh Stephanie Comey, ball Feidhmeannaigh an Údaráis, chuig Bord EPRA in 2021.

Dave Tilly, An Cuan, léirithe ag Oddboy Media, maoinithe ag Scéim Fuaim agus Fís an BAI

An tAcht um Sheirbhísí Digiteacha (ASG)

Bhí an tÚdarás ag déanamh monatóireacht ar dhul chun cinn an ASG trí phróiseas reachtaíochta na hEorpa, ag cur a thionchar féideartha san áireamh ar obair an rialtóra meán Éireannach as seo amach. Ba é IMCO, an príomhchoiste laistigh de Pharlaimint na hEorpa ar an ASG a d'athraigh a dhearcadh faoin dréacht-rialáil, faoi cheann mhí na Nollag 2021.

Rinne Parlaimint na hEorpa machnamh ar an tuarascáil agus d'athraigh sé a dhearcadh i mí Eanáir 2022. Táthar ag siúl go cuirfear tús le hidirphlé ag tús na bliana 2022, de bharr gur chuir Comhairle an AE díospóireachtaí ar a dhearcadh ar an ASG i gcrích. Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag déanamh monatóireacht ar fhorbairtí ar thréimhse na bliana 2022.

Gníomhaíochtaí eile de chuid an Údaráis

Lean an tÚdarás ar aghaidh le bheith rannpháirteach i réimse páirtithe leasmhara seachtracha faoi chúrsaí rialúcháin a bhaineann le gníomhaíochtaí reatha agus gníomhaíochtaí sa todhchaí thar thréimhse na bliana 2021. Cuimsítear le buaicphointí 2021:

Tionscadal euConsent

Nuair a fuair an tÚdarás cuireadh chuig Tionscadal Toillte an AE, (tionscadal ar mhaoinigh an Chomhairle Eorpach é), bhí an tÚdarás rannpháirteach i gcruinniú chun plé a dhéanamh ar a dtionscadal taighde chuig sásanna fíoraithe aoise a d'fhéadfadh a bheith in ann cúnamh a thabhairt don choimisiún nua, Coimisiún na Meán chun roinnt dá chuspóirí a bhaint amach maidir le rialáil na seirbhísí ar líne.

Coimisiún Ríomhshábháilteachta na hAstráile

Thionóil an tÚdarás roinnt cruinnithe le Coimisiún Ríomhshábháilteachta na hAstráile in 2021, chun plé a dhéanamh ar a chur chuige maidir le rialáil an ábhair dochraigh ar líne chomh maithe lena chur chuige le comhlíonadh agus forfheidhmiú.

AIRTEAGAL 19 Comhairle Meán Shóisialta

Lean an tÚdarás ar aghaidh le bheith rannpháirteach in Airteagal 19 i mbliana chun iniúchadh a dhéanamh ar shocruithe comhoibritheacha féideartha le haghaidh rialáil na n-ardán ar líne as seo amach. Tá an tÚdarás ar cheann de na páirtithe leasmhara ina raibh AIRTEAGAL 19 rannpháirteach sa deis chun sás ilpháirtithe leasmhara a bhunú le

haghaidh maoirseacht ar mhodhnóireacht an ábhair ar na meáin shóisialta, darb ainm Comhairle na Meán Sóisialta (CMS) agus chun saoirse leanúnach chun tuairimí a nochtadh a dhaingniú sa timpeallacht ar líne.

Bheartaigh Airteagal 19 CMS píolótach a bhunú in Éirinn agus tá plean aige grúpa oibre a bhunú chun an tionscadal a chur chun cinn. Ghlac an tÚdarás le cuireadh le bheith páirteach sa ghrúpa oibre atá ag súil le tionól in 2022.

Fóram Rialtóirí Ábhair Ar Líne

Lean an tÚdarás ar aghaidh le bheith rannpháirteach san fhóram idirnáisiúnta de rialtóirí ábhair atá gníomhach sa réimse rialúcháin ar líne. Cuimsítear leis an bhFóras Ofcom (RA), an ACMA (an Astráil), CRTC (Ceanada) agus an tÚdarás. Is é aidhm an Fhóraim chun comhoibriú struchtúrtha a bhunú idir an grúpa rialtóirí atá, nó a d'fhéadfadh a bheith ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin dá leithéid i rialáil an ábhair dhochraigh ar líne. Tá sé mar aidhm ag an idirphlé faoi dheacrachtaí maidir le leas a chéile saineolas agus taithí a roinnt faoi aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin de rialáil ar líne atá ag teacht chun cinn.

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

D'fhreagair an tÚdarás do chomhairliúchán na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoin Acht um Sheirbhísí Digiteacha agus faoi thograí an Achta na Margaí Digiteacha i mí Eanáir 2021. Le linn na bliana ar fad, lean an tÚdarás agus a chomhghleacaithe i ComReg, sa CCPC agus sa DPC ar aghaidh ag casadh leis an Roinn chun cúrsaí Rialála Digitigh a phlé.

Is iad na díospóireachtaí is cúis leis na rialtóirí a bheith in ann nuashonrú a chur ar fáil don Roinn faoi phlean digiteach an AE do na blianta amach romhainn, ag leagan amach impleachtaí féideartha don Rialtas agus do Rialtóirí, agus ag déanamh iniúchadh ar an áit ar féidir le rialtóirí a bheith rannpháirteach i Straitéis Náisiúnta Uileghabhálach Dhigiteach an Rialtais, chomh maith le bheith ag cur le díospóireachtaí beartais a eascraíonn as an Acht beartaithe um Sheirbhísí Digiteacha de chuid an AE agus as an Acht um Mhargaí Digiteacha.

Táthar ag súil go leanfaidh na díospóireachtaí ar aghaidh chuig 2022 agus próisis an ASG agus an DMA ag dul ar aghaidh.

Iniúchadh Comhairliúcháin Cultúir

Agus an tÚdarás ag ullmhú le haghaidh díscaoileadh an Údaráis agus a chuid feidhmeanna agus ball foirne a aistriú chuig an gcoimisiún nua, Coimisiún na Meán, chuir an tÚdarás tús le hobair ar Iniúchadh Comhairliúcháin Cultúir in 2021. Beidh dhá chéim i gceist leis an Iniúchadh Comhairliúcháin Cultúir, a dtabharfaidh iniúchóirí an Údaráis faoi:

- Cuimseofar le Céim 1, measúnú ar an gcultúr foirmeálta agus neamhfhoirmeálta 'mar atá sé' san Údarás agus déanfar machnamh ar bheartais, próisis agus córais an Údaráis a ailínítear le cultúr go hiondúil chomh maith le luachanna agus iompraíochtaí an Údaráis;
- Tá sé pleanáilte go gcuideoidh Céim 2 leis an Údarás chun a dhearcadh a chinneadh ar dhearadh an Chreata Cultúir le haghaidh Choimisiún na Meán agus chun treochlár féideartha a chruthú chun é seo a dhaingniú thar thréimhse an mheántéarma. Cé gur follas gurb é Coimisiún na Meán a dhéanfaidh an cinneadh faoi chultúr na heagraíochta nua faoi dheireadh (agus ní an tÚdarás amháin), bheadh an tÚdarás ag siúl go gcuirfidh na torthaí agus moltaí ón iniúchadh go mór leis an obair seo.

Cuireadh tús le Céim 1 den Iniúchadh i mí na Nollag agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é i ráithe 1 den bhliain 2022.

Seoladh an Ráitis Straitéise de chuid an Údaráis 2021–2023

Sheol an tÚdarás a Ráiteas Straitéise nua 2021–2023 i mí Eanáir 2021, a chuirfidh treoir ar fáil dá chuid oibre sna trí bliana seo chugainn. Is é seo an ceathrú straitéis ó bhunú an Údaráis in 2009. Ba é athbhreithniú cuimsitheach ar éifeachtúlacht na

straitéise roimpi a rinne eolas don straitéis seo; chomh maith le comhairliúchán forleathan poiblí; agus grinnmheasúnú ar an gcomhthéacs reatha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

Dearadh an Straitéis seo chun na forbairtí a bhfuiltear ag súil leo a chur san áireamh sa timpeallacht rialúcháin thar thréimhse an Ráitis Straitéise, lena n-áirítear trasuí an AVMSD agus aistriú fheidhmeanna an Údaráis chuig rialtóir meán nua. Cuireann an Ráiteas Straitéise nua an tréimhse aistrithe seo san áireamh agus cuireann sé treoir ar fáil ionas go mbeifear in ann leanúint ar aghaidh le obair reatha an Údaráis, agus ag cinntiú go bhfuilimid in ann dul i ngleic leis na dúshláin agus na deiseanna a thapú atá amach romhainn.

(B) Clár Bainistíochta Athraithe an Údaráis do na Baill Foirne

Is é ceann de phríomhchuspóirí na heagraíochta in 2021, chun baill foirne a ullmhú agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh tríd an tréimhse aistrithe de réir mar a dhéantar é a chomhtháthú i gCoimisiún na Meán. Cuireadh tús le Clár suntasach Bainistíochta Athraithe Ball Foirne in 2021, inar cuimsíodh dhá phríomhshnáithe:

- Is é an plean cumarsáide ball foirne (a forbraíodh i gcomhairliúchán leis an baill foirne a mhíníonn an chaoi a ndéanfaidh an eagraíocht cumarsáid, an chaoi a rachaidh sí i gcomhairle agus an chaoi a mbeidh sí rannpháirteach leis na baill foirne faoin gclár athraithe), agus,
- Plean cuimsitheach Traenála agus Forbartha 2021–2022 (a bhfuil sé mar aidhm aige traenáil a sheachadadh ar na cúig phríomhthéama straitéiseacha de chuid an Údaráis, ag cur riachtanais scileanna na heagraíochta san áireamh agus é ag dul i dtreo coimisiún nua Coimisiún na Meán).

Is í foireann shinsearach an Údaráis a stiúrann an dá shnáithe agus í ag feidhmiú mar Fhoireann Ceannaireachta Aistrithe (FCA) agus tuairiscítear nuashonruithe ar dhul chun cinn chuig Bord an Údaráis ar bhonn míosúil.

Bhain an FCA úsáid as réimse cur chuige chun cumarsáid a dhéanamh leis an baill foirne faoin gclár aistrithe le linn na bliana, lena n-áirítear seisiúin eolais, cruinnithe halla an bhaile, clinicí buail isteach agus tairseach a chruthú ar an ardán Teams de chuid na heagraíochta. Cuimsíodh le cúrsaí le plé, nuashonruithe faoin gClár Aistrithe ar fad agus faoi dhul chun cinn na dréacht-reachtaíochta agus faoi amlínte ábhartha.

Cuspóirí leathana an Phlean Traenála agus Forbartha de bharr go mbaineann siad le haistriú agus cuimsítear leis na cuspóirí seo feasacht ar dhul chun cinn agus athruithe reachtúla a chruthú i scóip na rialála, traenáil athraithe bainistíochta a sheachadadh nuair is cuí chun baill foirne a ullmhú agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh do na hathruithe rompu, agus chun clár folláine struchtúrtha a sheachadadh do na baill foirne.

Rolladh amach réimse leathan tionscnamh traenála agus forbartha le linn na bliana ar mhaithe leis na haidhmeanna thuas a chur chun cinn. Áiríodh leo sin:

- Clár saincheaptha traenála bainistíochta do bhainisteoirí láir;
- Seisiúin eolais do na baill foirne faoin mBille AVMSD agus OSMR;
- Is réimsí spéise iad cláir eolais lena n-áirítear intleacht shaorga, Saoráil Faisnéise, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta
- Ceardlanna faoi réimsí lena n-áirítear dínit ag an obair, traenáil feasachta míchumais, athléimneachta, folláine maidir leis an bplean oibre; agus
- Traenáil scileanna praiticiúla faoi chúrsaí ar nós 'Scríbhneoireacht Shimplí Béarla', agus 'Ról an Rúnaí' agus 'Cultúr atá Feasach ar Riosca a Dhaingniú'.

Téama Straitéiseach 4

An Lucht Féachana agus Éisteachta a Threisiú

Cuspóir Straitéiseach	Toradh
1: An tuiscint, an rannpháirtíocht agus an páirteachas atá ag an bpobal i dtírdhreach na meán a fhorbairt agus litearthacht sna meáin a chur chun cinn.	Tá baint níos mó ag an lucht féachana agus éisteachta in Éirinn le hábhar fuaime agus closamhairc, tá níos mó eolais agus tuisceana acu ar an gcéanna agus rannpháirtíocht níos mó acu leis an gcéanna.
2: An pobal agus páirtithe leasmhara de chuid BAI a chur ar an eolas agus caidreamh a dhéanamh leo ar an athbhreithniú agus ar an athmheas (de réir mar is cuí) ar Chóid, Rialacha agus Beartais BAI.	(1) Tá eolas agus tuiscint níos fearr ag an bpobal ar chóid agus rialacha BAI, agus ar na luachanna atá mar bhonn leo. (2) Tá breis rannpháirtíochta ag an bpobal i bpróisis rialála BAI.

Is iad Tuiscint ar na Meáin, Cóid agus Rialacha Craolacháin agus rannpháirtíocht phoiblí i bpróisis rialúcháin an Údaráis na trí phríomhréimse a thacaíonn le baint amach an téama straitéiseach seo agus na cuspóirí a bhaineann leis.

(A) Tuiscint ar na Meáin a Chur Chun Cinn

Tá **Beartas Litearthachta ó thaobh na Meán** de chuid an Údaráis mar thaca ag obair an Údaráis sa réimse Litearthacht ó thaobh na Meán agus leagtar amach ann an chaoi a bhfuil sé mar aidhm ag an Údarás muintir na hÉireann a chumhachtú ach na scileanna agus an t-eolas a thabhairt dóibh roghanna stuama a dhéanamh faoi ábhar agus seirbhísí na meán a úsáideann, a chruthaíonn agus a scaipeann siad. Bhí an réimse seo gnóthach agus táirgiúil in 2021, agus rinneadh formhór na hoibre trí chomhpháirtíocht le Líonra na hÉireann um Thuiscint ar na Meáin (LÉTM) agus le maoiniú agus tacaíocht an Údaráis do ghníomhaíochtaí an líonra.

1.1 Líonra na hÉireann um Thuiscint ar na Meáin (LÉTM)

Is comhaontas neamhfhoirmeálta é Líonra na hÉireann um Thuiscint ar na Meáin (LÉTM), ina bhfuil eagraíochtaí agus daoine aonair ag oibriú le chéile go deonach chun tuiscint ar na meáin a chur chun cinn in Éirinn. Is é an cuspóir is mó atá aige chun muintir na hÉireann a chumhachtú ach na scileanna agus an t-eolas a thabhairt dóibh chun roghanna stuama a dhéanann faoi sheirbhísí agus ábhar na meán a úsáideann, a chruthaíonn agus a scaipeann siad – ar fud na n-ardán meán ar fad.

Lean an phaindéim COVID-19 ar aghaidh in 2021, ag imirt tionchar ar ghníomhaíochtaí an líonra, agus bhog formhór na rannpháirtíochta leis na páirtithe leasmhara ar líne. Ach an oiread le 2020, ba iad na gníomhaíochtaí ar líne seachas na gníomhaíochtaí aghaidh ar aghaidh a lean ar aghaidh ag déanamh éascaíocht ar rochtain mhéadaithe do na 245 comhalta sa líonra agus sa phobal níos leithne. Tionóladh 10 seimineár gréasáin/n-imeacht LÉTM le linn na bliana, ina iomláine, agus ar réimse ábhair lena n-áirítear Daoine Óga agus Tuiscint ar na Meáin – Peirspictíochtaí, Cleachtais agus Poitéinseal, Cine sna Meáin, seimineár gréasáin Ghaeilge, agus Tuiscint ar na Meáin agus Ionadaíocht na mBan sna Meáin. Thug an LÉTM tacaíocht do sheimineár gréasáin faoi Thuiscint ar na Meáin san Eoraip.

1.1.1 Bí Cliste leis na Meáin

Lean LÉTM ar aghaidh ag cur le rath a fheachtais "Bí Cliste leis na Meáin" in 2021. Leanadh ar aghaidh ag cur theachtaireacht an fheachtais "Stop, Smaoinigh, Seiceáil" chun cinn, agus thug sé spreagadh don phobal roghanna stuama a dhéanamh an babhta seo faoi vacsaíniú bunaithe ar eolas cruinn agus iontaofa. Nuashonraíodh an suíomh gréasáin ionas go gcuimseofaí leis, leideanna praiticiúla faoin gcaoi lena fháil amach an raibh eolas faoi vacsaíní COVID-19 cruinn agus iontaofa. Cuimsíodh leis an suíomh gréasáin treorú chuig foinsí iontaofa agus cruinne agus chuig seirbhísí seiceála fíricí freisin.

1.1.2 Rannpháirtíocht i bhFóraim Náisiúnta

Ba é toradh na bhfeachtas rathúla "Bí Cliste leis na Meáin", mar aon leis an réimse ábhair sna seimineáir ghréasáin a tionóladh, a mhéadaigh próifíl an LÉTM go náisiúnta, rud a d'fhág go raibh sé ina fhoinse aitheanta, ar fhreastail na páirtithe leasmhara go minic air a raibh suim acu i gcúrsaí a bhaineann le tuiscint ar na meáin. D'oibrigh LÉTM le SOLAS, agus cuireadh de chúram orthu earnáil breisoideachais agus traenála den chéad scoth a chruthú, agus rinne siad aighneacht chuig an gcomhairliúchán faoin Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta, agus Tuisceana Digití do dhaoine fásta, agus ina dhiaidh sin, tugadh cuireadh chuig an Údarás agus chuig LÉTM páirt a ghlacadh i gCoiste Comhairliúcháin Teicniúil SOLAS ar an Straitéis.

Staitisticí Meáin Shóisialta 2021

Twitter

Tvuíteanna
165

Leantóirí
5995
(+367 ó 2020)

Facebook

Postálacha
50

Is maith liom'
415

1.1.3 Comhdháil Bhliantúil LÉTM

Tionóladh Comhdháil Bhliantúil LÉTM go fíorúil ar an 28 Meán Fómhair 2021, de bharr na paindéime reatha. Tionóladh é le linn na Seachtaine Domhanda Tuiscint ar na Meáin agus bhain sé úsáid as an téama 'Tuiscint ar na Meáin ar mhaithe leis an bPobal'. Thug an tOllamh Renee Hobbs ó Ollscoil Rhode Island agus Stiúrthóir Shaotharlann Oideachais na Meán, léacht thábhachta faoi "*Tuiscint ar na Meáin ar mhaithe leis an bPobal*".

2. Rannpháirtíocht i bhFóraim na hEorpa

Lean an tÚdarás ar aghaidh agus é rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí maidir le tuiscint na meáin trí roinnt fóram Eorpach, chomh maith lena chuid oibre i LÉTM. Rinne an tÚdarás comhchathaoirleacht ar ERGA (Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc) Grúpa Gníomhaíochta faoi thuiscint ar na meáin in 2021.

Rinne an tÚdarás ionadaíocht ar Éire ar an nGrúpa Saineolaithe um Thuiscint ar na Meáin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus bhí páirt aige ar EMIL tascfhórsa um thuiscint ar na meáin a ndéanann EPRA cathaoirleacht air (an tArdán Eorpach um Údaráis Rialála).

(B) Cóid agus Rialacha

Tagann cóid agus rialacha craolacháin an Údaráis agus feidhm ghearán craolacháin an Údaráis le chéile chun tacaíocht a thabhairt do shásamh an luchta féachana agus éisteachta le hábhar closamhairc.

2.1 Gearáin Chraolacháin

Tugann feidhm ghearán craolacháin an Údaráis tacaíocht do cheart an phobail gearán a dhéanamh faoi chlársceidealú nó faoi ábhar tráchtála craolacháin ar theilifís agus ar raidió na hÉireann, sa chás nach bhfuil an duine den tuairim nár fhreastail sé ar na caighdeáin riachtanacha leagtha amach san Acht Craolacháin 2009 nó i gCóid an Údaráis.

Gearáin a fuarthas in 2021

0

An Cód maidir le Cumarsáidí Tráchtála do Leanaí

2

An Cód um Chumarsáidí Tráchtála Ginearálta

32

An Cód um Chaighdeáin Clár

55

An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha agus an Cód um Chaighdeáin Clár

59

An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha

The Burren: Heart of Stone arna léiriú ag Sea Fever Productions Ltd, arna mhaoiniú ag Scéim Fuaim agus Fís an BAI

Is iondúil go gcuirtear na gearáin isteach chuig an gcraoltóir nuair a tharlaíonn sé ar dtús agus ansin cuirtear ar aghaidh chuig an Údarás é mura bhfuil an duine sásta le freagra an chraoltóra.

Próiseáiltear na gearáin a chuirtear ar aghaidh trí chóras an Údaráis ar líne, a dhéanann cuíchóiriú ar an bpróiseas agus laghdaíonn sé an t-ualach riaracháin a bhaineann le gearáin dá leithéid.

Fuair an tÚdarás 361 gearán agus bhí 148 acu sin bailí in 2021. Meastar nach bhfuil gearán bailí má fhaightear é taobh amuigh den chreat ama reachtúil nó mura dtiteann an t-ábhar a ndearnadh an gearán faoi, faoi shainchúram reachtúil de chuid phróiseas gearán an Údaráis.

Taispeántar sna 148 gearán bailí gur tháinig méadú de mhéid 67 gearán ar líon na ngearán le hais na bliana 2020. Rinne Coiste Comhlíonta an Údaráis machnamh ar shé cinn is fiche (26) acu seo, agus rinne Fóram Gearán Feidhmiúcháin machnamh ar thrí ghearán is caoga (53). Réitíodh naoi ngearán déag (19) nuair a bhí a duine a rinne an gearán sásta le freagra an chraoltóra roimh mhachnamh an Údaráis. Cuireadh caoga (50) de na gearáin a cuireadh ar aghaidh chuig an Údarás in 2021 le haghaidh athbhreithniú isteach go R1 2022.

De na gearáin bailí nár réitíodh (79), seasadh le hocht gcinn (8) ina iomláine (10%), seasadh le deich ngearán (10) i bpáirt (13%). Níor glacadh le haon cheann amháin is seasca (61) (77%).

Cuireadh céad ceathracha agus aon ghearán amháin (148) isteach chuig an Údarás in 2021 agus rinneadh na gearáin sin ar fad faoi na Cóid Údaráis seo a leanas:

2.2 Athbhreithnithe ar Ábhar an Údaráis agus ar Chóid agus Rialacha Tráchtála

Chuir an tÚdarás tús leis an bpróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt dá chóid agus rialacha reachtúla ábhair agus tráchtála in 2021. Ba iad sin:

- **Cód um Chumarsáidí Tráchtála Ginearálta an Údaráis**
  Leagann an Cód seo na rialacha riachtanacha amach nuair a chuireann craoltóirí cumarsáidí tráchtála amach i.e. fógraíocht, urraíocht, suíomh táirgí agus foirmeacha eile cumarsáidí tráchtála.

Fuair Wolfwalkers, maoinithe Fuaim agus Fís, léirithe ag Cartoon Saloon, Ainmniúchán Gradam Acadaimh don Scannán Beochan is Fearr

- **Rialacha an Údaráis faoi Fhógraíocht agus faoi Theilishiopadóireacht**
  Leagann na Rialacha seo amach na teorainneacha uaire agus laethúla le haghaidh fógraíochta ar sheirbhísí teilifíse agus raidió tráchtála agus pobail.

- **Cód um Chaighdeáin Clár an Údaráis**
  Sonraítear sa Chód na prionsabail atá i bhfeidhm ar an ábhar eagarthóireachta ar fad agus é mar chuspóir aige dochar agus coir mhíchuí a laghdú a bhféadfadh a leithéid d'ábhar a dhéanamh. Pléann an Cód le príobháideachas, leas an phobail, ábhar foréigneach agus gnéasach, cosaint páistí i measc cúrsaí eile.

- **Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha de chuid an Údaráis**
  Tá sé mar aidhm ag an gCód a chinntiú go bhfuil craolachán eagarthóireachta a chuimsíonn nuacht oibiachtúil agus neamhchlaonta, agus go bhfuil ábhar na gcúrsaí reatha cothrom, oibiachtúil, agus neamhchlaonta agus go gcuirtear an péire i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí de chuid an chraoltóra féin a chur in iúl.

Tá trí ghné ag an athbhreithniú reachtúil ina bhfuil athbhreithniú dlínse, glao poiblí le haghaidh tuairimí agus breithnithe, agus athbhreithniú oibríochta a bhfuil sé mar aidhm aige an deacracht oibríochta a thabhairt chun solais a eascraíonn as cur i bhfeidhm praiticiúil na gcód agus na rialacha.

Táthar ag súil go gcuirfear an próiseas athbhreithnithe i gcrích in 2022. Táthar ag súil go dtabharfaidh torthaí an athbhreithnithe tacaíocht d'obair an rialtóra nua, Coimisiún na Meán, agus táthar ag súil go mbeidh ról reachtúil aige ag déanamh athbhreithniú ar na Cóid agus ag cinntiú go dtaispeántar iontu aon athrú a thagann chun cinn ón reachtaíocht um Shábháilteacht ar Líne agus um Rialáil na Meán, lena n-áirítear comhtháthú na Treorach nua agus leasaithe Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD).

2.3 Athbhreithniú ar Rialacha Rochtana an Údaráis

Leagann Rialacha Rochtana an Údaráis amach, céimeanna sonracha a chaithfidh gach craoltóir a dhéanamh chun tuiscint agus sásamh na gclár a chur chun cinn maidir leis na daoine atá bodhar nó a bhfuil allaíre orthu, daoine atá dall nó breacamharcach agus daoine a bhfuil allaíre orthu agus atá breacamharcach. Socraíonn na Rialacha cuótaí ionas go mbeidh craoltóirí in ann iad a bhaint amach le hoibleagáidí a bhaineann le rannpháirtíocht le húsáideoirí na seirbhísí rochtana faoi chaighdeán na seirbhísí rochtana a chuirtear ar fáil.

Cuireadh tús le hathbhreithniú reachtúil ar Rialacha Rochtana an Údaráis in 2021, agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích e in 2022. Bogfaidh an tÚdarás ar aghaidh chun tús a chur le hathbhreithniú ar Rialacha, agus meas aige ar thorthaí an athbhreithnithe, tar éis machnamh a dhéanamh ar thorthaí an athbhreithnithe.

Rochtain a mhéadú ar chláir mhaoinithe ag an Údarás

I gcomhréir leis an méid thuas, tá iallach ar na tionscadail teilifíse ar fad a maoiníonn scéim Fuaime agus Físe an Údaráis é éascaíocht a dhéanamh ar thuiscint agus sásamh na gclár teilifíse maidir le daoine de chuid an luchta féachana agus éisteachta atá bodhar nó a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu. Ní mór do na cláir theilifíse ar fad fotheidealú a chur ar fáil.

Mar an gcéanna, d'fhonn rochtain ar chláir a éascú do dhaoine de chuid an luchta féachana agus éisteachta atá bodhar, a bhfuil allaíre orthu, atá dall nó a bhfuil lagú radhairc orthu, ní mór go ndéanfadh roinnt clár maoinithe foráil do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) do dhaoine atá bodhar agus/nó a bhfuil allaíre orthu agus/nó tráchtaireacht fuaime do dhaoine atá dall nó a bhfuil lagú radhairc orthu.

Chuige sin, i gcás iarratas ar dhráma teilifíse agus teilifís do leanaí, ní mór go mbeadh craoladh amháin le tráchtaireacht fuaime agus / nó le TCÉ ar a laghad san áireamh, agus áirítear na costais lena mbaineann mar chostais incháilithe agus atá maoinithe ag an Scéim. Tá maoiniú ar fáil chomh maith d'iarratasóirí ar mian leo Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus/nó seirbhísí tráchtaireacht fuaime i seánraí eile (Oideachas, Faisnéis, Siamsaíocht) a sholáthar. Tugann an tÚdarás an-spreagadh d'iarratais dá leithéid.

Taighde Cleachtas Léiriúcháin Tráchtaireacht Fuaime

Thug an tÚdarás tacaíocht d'Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, in 2021, chun taighde a dhéanamh a bhaineann le Seirbhísí Rochtana do dhaoine a bhfuil lagú radhairc orthu.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal taighde , darb ainm 'Scrúdú a Dhéanamh ar Chur Chuige Caighdeánaithe maidir le Cur Síos ar Luachana Dipe Tráchtaireacht Fuaime a Shocrú', tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaidreamh idir na leibhéil fuaime clár teilifíse a bhfuil tráchtaireacht fuaime orthu agus an caighdeán braite de thráchtaireacht fuaime an chláir. Dhírigh an staidéar go príomha ar thaithí an úsáideora, ar an gcaoi ar féidir an taithí seo a fheabhsú, agus ar an gcaoi ar féidir níos mó leanúnachais a thabhairt do sheirbhísí tráchtaireacht fuaime. Scaipeadh suirbhé tionscail i mí Mheán Fhómhair 2021, inar chuir rannpháirtithe as Éirinn, an Ríocht Aontaithe, an Eoraip, An Astráil, Ceanada agus SAM sonraí faisnéiseacha faoi chleachtais táirgthe tráchtaireacht fuaime reatha.

Tugann anailísiú luath sonraí neamhréireanna chun solais laistigh de chleachtais táirgthe tráchtaireacht fuaime agus tugann sé le fios go gcuirfí fáilte mhór roimh shraith treoirlíne agus moladh idirnáisiúnta, chomh maith le rogha uathoibrithe chun luachanna dipe Tráchtaireacht Fuaime agus céimnithe a shocrú.

Roinnfear tuarascáil eatramhach leis an Údarás go luath sa bhliain 2022 nuair a dhéanfar measúnú ar shonraí an tsuirbhé. Leis féin, tá sraith turgnamh á bhforbairt chun na caighdeáin reatha a thagarmharcáil i meascadh tráchtaireacht fuaime agus i dtáirgeadh ábhair thráchtaireacht fuaime. Deartar na turgnaimh seo le go bhfaighfear amach na caighdeáin dea-chleachtais i meascadh agus i dtáirgeadh tráchtaireacht fuaime, agus déanfaidh na torthaí eolas don dearadh agus do chur i bhfeidhm na dtástálacha éisteachta úsáideora. Táthar ag súil na tástálacha éisteacha deiridh seo a reáchtáil i dtreo Shamhradh 2022, agus ina dhiaidh scríobhfar tuarascáil deiridh faoi na torthaí iomláine agus cuirfear isteach don Údarás é.

(C) Rannpháirtíocht Mhéadaithe i bPróisis Rialúcháin an Údaráis

Chuir an tÚdarás tús le hullmhúchán le haghaidh cur i láthair físeán faisnéiseach, i mBéarla agus i nGaeilge, ar na Cóid seo a leanas chun cuidiú le Cóid agus Rialacha craolacháin a thabhairt chun solais agus chun chuidiú le rannpháirtíocht na gCód agus na Rialacha céanna:

- Cód um Chaighdeáin Clár an Údaráis;
- Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha de chuid an Údaráis; agus
- An Cód um Chumarsáidí Tráchtála Ginearálta.

Cuireann na cuir i láthair forléargas ar fáil ar phrionsabail agus ar rialacha gach Cód agus míníonn siad príomhchoincheapa i gcaighdeáin chraolacháin chomh maith leis an gcaoi ar féidir tuiscint a fhail orthu agus leis an gcaoi ar féidir iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs craolacháin, ach úsáid a bhaint as íomhánna agus guthú. Beidh na cuir i láthair ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis in 2022 agus deartar iad ionas go ndéanfaidh siad leas do chraoltóirí agus do bhaill an phobail araon.

Imeachtaí an Údaráis Ar líne

Bogadh roinnt imeachtaí agus seoltaí ar líne, de bharr thionchar COVID-19, rud a rinne éascaíocht ar leibhéal méadaithe tinrimh agus rannpháirtíochta fíorúla. Cuimsíodh leo seo seoladh Reuters Digital News Report Ireland 2021 agus roinnt imeachtaí LÉTM.

Chun an rochtain ar a leithéid d'imeachtaí a mhéadú cuireadh fortheidealú agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ar fáil nuair a bhí an tÚdarás in ann seirbhísí dá leithéid a chur ar fáil. Déanfaidh an BAI scrúdú ar an bpoitéinseal chun rochtain a mhéadú ar imeachtaí dá leithéid as seo amach.

Téama Straitéiseach 5

An Nuálaíocht agus an Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú

Cuspóir Straitéiseach	Toradh
1: An chruthaitheacht agus an nuálaíocht a mhéadú mar ghnéithe sainiúla d'earnálacha fuaime agus closamhairc na hÉireann.	Tá an chruthaitheacht agus an nuálaíocht ina bhfócas do ghníomhaíochtaí tacaíochta earnála BAI (lena n-áirítear an Scéim um Maoiniú Craolacháin agus Forbairt Earnála BAI).
2: Tacú le hinbhuanaitheacht airgeadais fheabhsaithe a bhaint amach d'earnálacha fuaime agus closamhairc na hÉireann.	Tá inmharthanacht fhadtéarmach na n-earnálacha fuaime agus closamhairc in Éirinn feabhsaithe ag tionscnaimh de chuid BAI sa réimse seo.

Tá na Cuspóirí Straitéiseacha faoin téama seo lárnach d'obair an Údaráis agus cuirtear chun cinn iad trí réimse leathan maoinithe agus tionscnamh tacaíochta earnála ar fud na heagraíochta. Cuimsítear leo seo Foghlaim agus Forbairt Earnála, an Scéim um Maoiniú Craolacháin agus gníomhaíochtaí eile amhail maoiniú urraithe.

Cruthaitheacht agus Nuálaíocht

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag tacú le cruthaitheacht agus nuálaíocht chomh maith le hinbhuanaitheacht feabhsaithe airgeadais a bhaint amach agus á gcur chun cinn in 2021, leagtar amach cuid de bhuaicphointí na bliana thíos.

(A) Foghlaim agus Forbairt Earnála

Leagann **Beartas Foghlama agus Forbartha Earnála** an Údaráis ár ról amach chun cultúr foghlama agus forbartha a chothú agus a chaomhnú laistigh den earnáil closamhairc in Éirinn. Cuireann an Beartas creat ar fáil don Údarás chun fás agus forbairt leanúnach na hearnála a phleanáil, a mheas agus a thomhas chomh maith le tacaíocht a thabhairt don fhás agus don fhorbairt chéanna, trí réimse gníomhaíochtaí agus cur chuige traenála, foghlama agus forbartha laistigh dá shainchúram reachtúil agus straitéiseach. Nuashonraíodh an Beartas in 2021 chun na cuspóirí straitéiseacha ábhartha a léiriú de Ráiteas Straitéise an Údaráis 2021–2023 chomh maith le cuspóirí agus feidhmeanna níos leithne an Údaráis mar atá leagtha amach san Acht Craolacháin 2009.

Is cuid lárnach de chur i bhfeidhm an Bheartais seo é maoiniú a chur ar fáil do réimse líonraí tionscail a thacaíonn lena ngníomhaíochtaí foghlama agus forbartha éagsúla. Feidhmíonn an tÚdarás roinnt scéimeanna maoinithe dírithe ar chraoltóirí pobail agus ar sheirbhísí sealadacha agus riarann sé scéimeanna nuálaíochta chun tacú le tionscnaimh thraenála, oiliúna, fhoghlama agus fhorbartha nua i gcomhpháirt le saineolaithe san earnáil. Chruthaigh an tÚdarás comhghuaillíochtaí nuálacha agus straitéiseacha agus chuir sé cultúr foghlama agus forbartha chun cinn san earnáil craoltóireachta. Tá tacaíocht agus feabhsú na cruthaitheachta agus na nuálaíochta lárnach do na gníomhaíochtaí seo ar fad.

Cuireann gníomhaíochtaí Foghlama agus Forbartha Earnála an Údaráis maoiniú tacaíochta ríthábhachtach ar fáil do líonraí earnála chun tacú le hinbhuanaitheacht na líonraí agus, mar sin, tacaíonn sé lena n-obair chun fo-earnálacha fuaime agus closamhairc na hÉireann a chothú. Beidh an maoiniú leanúnach le linn na tréimhse straitéisí. Sáraíodh cuspóir Straitéise an Údaráis de 60% an mhaoinithe Forbartha Earnála de chuid an Údaráis chun tacú le traenáil agus scileanna a fhorbairt san earnáil in 2021 agus chuaigh an chuid is mó den mhaoiniú i dtreo gníomhaíochtaí traenála, seimineár, clár meantóireachta, tacaíochta piaraí agus imeachtaí líonraithe.

Tacaíocht do na Scéimeanna seo a leanas a feidhmíodh in 2021:

Maoiniú Líonra

Leithdháil an tÚdarás Maoiniú Líonra dár luach **€342,500** ar 16 líonra, in 2021. Déanann na líonraí faighteora ionadaíocht ar réimse spéiseanna earnála, lena n-áirítear craoltóirí pobail agus tráchtála, léiritheoirí neamhspleácha agus gnólachtaí, iriseoirí, stiúrthóirí agus beochantóirí táirgthe, agus ionadaithe cothromais inscne. I gcomhréir le Straitéis KPI an Údaráis chun '60% de mhaoiniú Forbartha Earnála de chuid an Údaráis a leithdháileadh ar réimse tionscnamh forbartha scileanna agus traenála eagraithe ag earnálacha fuaime agus closamhairc na hÉireann dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'inbhuanaitheacht airgeadais na n-earnálacha', chuaigh an chuid is mó den mhaoiniú i dtreo gníomhaíochtaí traenála, seimineár, clár meantóireachta, tacaíochta piaraí agus imeachtaí líonraithe. Cuirtear liosta d'fhaighteoirí ar fáil thíos.

Líonraí a fuair Maoiniú ón Údarás
CRAOL
Learning Waves
Community Television Association (CTA)
Deasc na hÉireann d'Eoraip na Cruthaitheachta- Oifig na Meán, Baile Átha Cliath
Deasc na hÉireann d'Eoraip na Cruthaitheachta- Oifig na Meán, Gaillimh
Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann (LSE)
Women on Air
Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí
Women in Film & Television Ireland
Animation Skillnet agus Animation Ireland
Cuallacht Scríbhneoirí na hÉireann
Ionad Scannán na Gaillimhe
Acadamh Scannán agus Teilifíse na hÉireann
Screen Composers Guild of Ireland (SDGI)
Screen Skillnet
ACE Producers

Lean teacht na paindéime COVID-19 ar aghaidh agus é ag imirt tionchar suntasach ar ghníomhaíochtaí Maoinithe Líonra in 2021 agus bhí go leor imeachtaí níos lú nó rinneadh ar líne iad dá réir. Athsceidealaíodh cuid eile, agus muid ag súil go mbeifí in ann imeacht fisiciúil a reáchtáil agus na srianta ag laghdú.

Tá sampla de ghníomhaíochtaí líonra ar fáil thíos ar thug an tÚdarás tacaíocht agus maoiniú dóibh in 2021:

- **CRAOL**
  Dírítear plean foghlama agus forbartha *CRAOL* ar rialachas, treoir stáisiúin, forbairt scileanna agus cumarsáidí. Cuimsíodh le gníomhaíochtaí le haghaidh 2021 ceiliúradh de Lá Raidió Pobail Náisiúnta ar an 18 Meitheamh 2021, an CRAOL Féile a tháinig ar ais mar imeacht fisiciúil i gCill Cheannaigh i mí Mheán Fómhair agus plean oibre trí bliana don eagraíocht.

Foilsíodh Beartas Meán Pobail an BAI in 2021

CRAOL members supporting Community Radio Ireland at the European Parliament in Strasbourg

- **Learning Waves**
  Bhí *Learning Waves* rannpháirteach i roinnt príomhghníomhaíochtaí a thacaigh le héagsúlacht agus le hinbhuanaitheacht earnála in 2021 mar aon lena sholáthar forbartha agus traenála scileanna chuig an earnáil raidió tráchtála. Áiríodh leo sin forbairt cúrsa traenála faoi éagsúlacht i gcomhpháirtíocht le hIonad na hÉireann le haghaidh Éagsúlachta.

- **Community Television Association**
  Reáchtáil an *Community Television Association* réimse clár traenála le linn 2021 agus thionól sé a Fhéile Teilifíse Pobail Bhliantúil ar líne i mí na Samhna. Bhí ceardlanna scileanna ar siúl mar chuid den imeacht, agus bhí plé painéil ann faoi Cheisteanna Straitéiseacha le haghaidh Teilifís Phobail.

- **Women in Film & Television Ireland**
  Reáchtáil *Women in Film & Television Ireland* réimse leathan imeachtaí in 2021, lena n-áirítear díospóireachtaí painéil faoi 'Inscne agus aicme i dtionscail scáileáin na hÉireann: tuilleadh trioblóide?' agus 'Cothromas agus Éagsúlacht i dtionscal scannáin na hÉireann: Cá bhfuilimid anois?'.

- **Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann**
  Reáchtáil *Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann* réimse leathan ceardlanna agus seimineár gréasáin dá chomhaltaí le linn na bliana. Cuimsíodh le hábhair Cuid 481 Creidmheasanna Cánach, Clársceidealú Fíorasach agus Siamsaíochta do SVOD, agus Dúshláin agus Deiseanna Breatimeachta.

An Scéim Tacaíochta don Chraolachán Pobail

Tá an Scéim Tacaíochta don Chraolachán Pobail (CBSS) de chuid an Údaráis oscailte do gach craoltóir teilifíse agus raidió sna réimsí Pobal agus Pobail Suime agus deartar í chun tacaíocht mhaoinithe a chur ar fáil chun craoltóirí a chumasú chun tabhairt faoi thionscadail a chuirfidh forbairt eagraíochta a stáisiún chun cinn, mar shampla, athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar nósanna imeachta stáisiúin, traenáil do na baill foirne, naisc a dhéanamh leis an bpobal, agus na dea-chleachtais a roinnt. Is Scéim rollta í agus glactar le hiarratais agus déantar athbhreithniú orthu i gcaitheamh na bliana.

Bronnadh €4,750 ar Raidió Pobail Chill Cheannaigh (CRKC) in 2021 i maoiniú Scéim Tacaíochta don Chraolachán Pobail chun suirbhé luchta éisteachta agus feasachta a reáchtáil i mí Iúil 2021. Rinne an suirbhé scrúdú ar fheasacht an stáisiúin i measc an phobail ghinearálta, chuaigh sé sa tóir ar thuairimí an stáisiúin ar na tairbhí sóisialta a mheastar atá ann, agus spreag sé tuairimí faoin gcineál clársceidealaithe ar mhaith leis an lucht éisteachta a chloisteáil.

X-Pollinator ELEVATOR

Bronnadh maoiniú ar an tionscadal X-Pollinator, **ELEVATOR** a thacaigh le scríbhneoirí ban agus neamh-dhénártha agus le stiúrthóirí a bhí ag teacht chun cinn chun líonra a thógáil, chun freastal ar an tionscal scáileáin, chun tionscadail a fhorbairt, ionas go mbeidh siad ina gceannairí ionchuimsitheacha sa todhchaí. D'oibrigh an fhoireann X-Pollinator le comhairleoir Éagsúlachta agus Cuimsithe chun rannpháirtíocht réimse leathan guthanna nach ndéantar a ndóthain ionadaíochta orthu agus rannpháirtíocht na nguthanna atá ag teacht chun cinn a chinntiú. Thug fiche rannpháirtí (20) faoi chlár forbartha ar líne ar mhair ocht seachtaine le linn mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2021. D'oibrigh siad le hionadaithe an tionscail scáileáin a thacaigh leo chun líonra proifisiúnta a dhéanamh agus chun a dtionscadail a fhorbairt. Tháinig an tionscadal ELEVATOR le chéile i seisiún iomaíoch cuir i láthair ina bhfuair an t-iarratasóir a bhuaigh maoiniú forbartha chun cóiriú a scríobh agus chun tacú le heagarthóir scripte agus le dearthóir chun leabhar cuir i láthair a chruthú don tionscadal. Bronnadh an duais ar Esosa Ighodaro lena tionscadal, JUST ENOUGH CHILLI, agus moladh Caitlin Magnall-Kearns as ucht a tionscadail CHRIS & LOU agus Al Bellamy as ucht a dtionscadail SCULPT.

Mná na bPiob, léirithe ag Tyrone Productions ltd, maoinithe ag Scéim Fuaim agus Fís an BAI

Scéim Tacaíochta do Sheirbhísí Sealadacha Raidió

Fuair Christmas FM €500 tríd an Scéim Tacaíochta do Sheirbhísí Sealadacha Raidió de chuid an Údaráis, in 2021, chun tacú le traenáil tháirgthe raidió a seachadadh ar líne chuig oibrithe deonacha an stáisiúin sa tseirbhís a thugann ceol Nollag don lucht éisteachta, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí móra carthanachta i mí na Nollag gach bliain.

An Ciste Nuálaíochta

Ainlítear Ciste Nuálaíochta an Údaráis le Téama Straitéiseach an Údaráis chun Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnála a fheabhsú, le cuspóir straitéiseach chun "Cruthaitheacht agus nuálaíocht a fheabhsú mar ghnéithe sainiúla d'earnáil fuaime agus closamhairc na hÉireann". Cheadaigh an tÚdarás Maoiniú Nuálaíochta dar luach €45,000 i mí Eanáir 2021 do na tionscnaimh seo a leanas.

Cáit (Catherine Clinch) agus Eibhlín (Carrie Crowley) in An Cailín Ciúin léirithe ag Inscéal Teoranta, maoinithe ag Scéim Fuaim & Fís an BAI

- **Clár na hIriseoireachta do chéimithe Learning Waves 2021**
  Bronnadh maoiniú Scéime Nuálaíochta ar Learning Waves Skillnet dar luach €32,000, in 2021, chun leagan leathnaithe dá chéad chlár ciste iriseoireachta 2019 a reáchtáil. Dúblaíodh líon na socrúchán go deich gcinn, faoin gclár 2021, rud a chuir ar chumas na n-iarratasóirí rathúla meantóireacht a fháil, chomh maith le traenáil theagmhálach, forbairt phearsanta agus deiseanna cruthaithe ábhair agus a chuir ar a gcumas a bheith ag obair i gceann de na stáisiúin raidió tráchtála neamhspleácha sa tír. Cuireadh suim mhór sa Scéim 2021, a fuair 15 iarratas ó chraoltóirí agus 104 iarratas ó scoláirí. Roghnaíodh na craoltóirí agus na céimithe rannpháirteacha i ndiaidh próiseas roghnúcháin iomaíoch, agus seoladh an Clár Iriseoireachta do Chéimithe i mí Mheán Fómhair 2021. Cuirtear socrúcháin ar fáil ar feadh cúig mhí sna stáisiúin seo a leanas: Newstalk (lena n-áirítear 'Off the Ball'), Shannonside, Radio Kerry, Ocean FM, Galway Bay FM, South East Radio, LMFM, KCLR, agus Red FM Chorcaí.

- **Glúin Nua**
  Is comhpháirtíocht é tionscnamh Glúin Nua idir an tÚdarás, TG4, Ciste Craolacháin Ghaeilge de chuid Scáileán Thuaisceart Éireann, Údarás na Gaeltachta agus Gréasán na Meán Skillnet. Leagtar tuilleadh sonaí faoin scéim amach faoin téama straitéise An Iolarthacht agus an Éagsúlacht a Chur chun Cinn thuas.

(B) Fuaim agus Fís

Tá maoiniú Fuaime agus Físe lárnach de chuspóir straitéiseach an Údaráis a chur i bhfeidhm chun tacú le hinbhuanaitheacht na hearnála, agus chun feabhas a chur ar chruthaitheacht agus nuálaíocht. D'éirigh an Scéim ina foinse maoinithe suntasach agus tábhachtach don earnáil tráchtála craolacháin agus don earnáil neamhspleách tháirgthe araon le linn na bliana 2021 ar fad, i bhfianaise thionchair an mhargaidh de chuid na paindéime COVID-19 go háirithe. Bhí an Scéim ina foinse riachtanach de mhaoiniú do léiritheoirí neamhspleácha na hÉireann le tamall anuas, in 2021, ach an oiread le 2020, chonacthas poitéinseal na Scéime chun tacú le forbairt na gcraoltóirí áitiúla, go háirithe na craoltóirí ag déanamh ábhar áitiúil do lucht éisteachta agus féachana nach mbeadh déanta dá n-uireasa. Cuireadh tuilleadh maoinithe ar fáil do roinnt tionscadal chun cúnamh a chur ar fáil chun costais nach rabhthas ag súil leo a íoc de bharr COVID-19.

Chuir an Ciste maoiniú ar fáil le linn na bliana 2021, dar luach c.€13m do 144 léiritheoir neamhspleách/comhlacht táirgthe, agus chuir sé c.€633k agus

c.€2.8m ar fáil go díreach do 19 stáisiún raidió pobail agus do 32 stáisiún raidió tráchtála.

Is príomhghnéithe cáilíochtúla iad cruthaitheacht agus nuálaíocht den phróiseas iarratais maoinithe Fuaime agus Físe. Bhí tuilleadh táirgthe agus rochtana ar chlársceidealú do lucht éisteachta agus féachana na hÉireann de bharr babhtálacha breise maoinithe in 2021, e.g., an tsraith drámaíochta Ghaeilge darb ainm 'Saol Ella' dírithe ar lucht féachana óg agus '**Mí Cheol na hÉireann'** a reáchtálann Hotpress Magazine é i gcomhpháirtíocht le stáisiúin raidió tráchtála ar fud na tíre.

(C) Tuarascálacha Ioncaim Raidió Tráchtála

Chuir an tÚdarás Tuarascálacha Ioncaim Ráithiúla mionsonraithe ar fáil don Aire Meán faoi thionchar COVID-19 ar an earnáil craolacháin raidió tráchtála le linn 2021. Bhí na sonraí sna tuarascálacha seo lárnach do chinnteoireacht an Aire maidir le maoiniú breise curtha ar fáil don earnáil ag deireadh na bliana 2021. Thug an tÚdarás tacaíocht do sheoladh Thuarascáil Choiste JNLR, **Raidió agus Margadh Fuaime na hÉireann**, i mí Dheireadh Fómhair 2021

(D) Beartas um Mheáin Phobail an Údaráis

Sheol an tÚdarás a Bheartas nua um Mheáin Phobail ar Lá Náisiúnta Raidió Pobail, ar an 18 Meitheamh. Cuimsítear leis an mBeartas nua, gníomhaíochtaí raidió pobail agus gníomhaíochtaí teilifíse pobail, baineadh amach Iarbheartas Raidió Pobail an Údaráis, leagann sé amach príomhghnéithe agus príomhbhuanna a ndéantar ionadaíocht orthu san earnáil meán pobail agus aithníonn sé an íocaíocht shuntasach a chuireann sé ar fáil do thírdhreach mheán na hÉireann. Cuireann sé treoir ar fáil chun oibríochtaí rathúla agus inbhuanaithe i seirbhísí dá leithéid, chomh maith le struchtúir agus cleachtais oibríochta agus rialachais tréana le haghaidh todhchaí na meán pobail.

Forbraíodh an Beartas i ndiaidh comhairliúchán forleathan, a chinntigh go ndeachaigh beartas ábhartha i bhfeidhm ar an gcuspóir chun earnáil meán pobail inbhuanaithe.

(E) Scéim Urraíochta an Údaráis

Rinne an tÚdarás éascaíocht ar rochtain agus léargas ar ábhar méadaithe ar fud na gceantar trína Scéim Urraíochta Bhliantúil. Dhírigh an Scéim, in 2021, ar imeachtaí agus gníomhaíochtaí a chuidíonn leis an éagsúlacht agus iolarthacht a chur chun cinn agus a fheabhsaíonn nuálaíocht agus inbhuanaitheacht earnála. Bhronn an tÚdarás €162,000 ar 24 iarratasóir le haghaidh imeachtaí in 2021. Áiríodh leo sin:

Iarratasóirí a fuair maoiniú le haghaidh imeachtaí agus gníomhaíochtaí sa bhliain 2021
Animation Ireland
Féile na Meán Ceilteach
Choice Music Prize
Harp Media (Comórtas Scannánaíochta / Script scannáin do Mhic Léinn)
Féile Idirnáisiúnta Scannán Faisnéise Guth Gafa
Raidió Rí Rá (ceardlanna raidió i nGaeilge)
Rockfinch Limited (Audio Futures 2021)
Student Marketing Network (National Student Media Awards)
Women in Film and Television
Writers Guild of Ireland (ZeBBies)
IMRO

Údarás Craolacháin na hÉireann

Ráitis Airgeadais Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Clár

Faisnéis an Údaráis 66

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis 67

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim 82

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach 83

Ráiteas faoin Staid Airgeadais 84

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid 85

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 86

Faisnéis an Údaráis

Comhaltaí an Údaráis	Mary Curtis Rosemary Day Maeve McDonagh Alan McDonnell Vivien McKechnie Seán Ó Mordha Grace Smith Denis Wolinski
Rúnaí an Údaráis	Andrew Robinson
Dlíodóirí	Byrne Wallace 88 Sráid Fhearchair Baile Átha Cliath 2 Ivor Fitzpatrick & Company Solicitors 44-45 Faiche Stiabhna Baile Átha Cliath 2 Philip Lee 7/8 Ardán Wilton Baile Átha Cliath 2
Baincéirí	Banc Uladh Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2
Iniúchóirí	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis

Rialachas

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann ("an tÚdarás") faoin Acht Craolacháin 2009 ("an tAcht"). Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach i rannán 26 den Acht seo. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Déanann sé an cúram seo a chomhlíonadh trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir leis na príomhchúrsaí gnó ar fad. Is é an Príomhfheidhmeannach BAI a cheaptar de bhun rannán 14 den Acht atá freagrach as bainistíocht Údarás Craolacháin na hÉireann ó lá go lá. Tá sé/sí freagrach don Údarás maidir leis na feidhmeanna a tarmligeadh do/di ag an Údarás chomh maith le bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil ar riarachán an Údaráis agus ar an dá choiste reachtúla den Údarás - an Coiste um Bronnadh Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh. Déanann an Príomhfheidhmeannach a chuid feidhmeanna nó a cuid feidhmeanna a fheidhmiú faoi réir cibé beartas a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham agus ag teacht le Ráiteas Straitéise an Údaráis arna dtarraingt suas agus a ghlacfadh ag an Údarás de bhun rannán 29 den Acht. Féadfaidh an Príomhfheidhmeannach a chuid feidhmeanna nó a cuid feidhmeanna a tharmligean do bhall foirne an Údaráis, faoi réir cibé coinníollacha a mheasfaidh sé a bheith cuí.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach freisin as riaradh an Chiste Craolacháin agus as idirbhearta ar an gCiste. Baineann na socruithe rialachais agus na nósanna imeachta rialaithe laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann leis an gCiste Craolacháin.

Freagrachtaí an Údaráis

Tá feidhmeanna agus cuspóirí an Údaráis leagtha amach san Acht. Tá na freagrachtaí cinnteoireachta sonracha agus forchoimeádta den Údarás agus de gach coiste reachtúil leagtha amach i Sceideal Údarás Craolacháin na hÉireann na Nithe Forchoimeádta do Chinneadh an Údaráis agus na Coistí Reachtúla. Áirítear ar na buan-nithe a mheasfaidh an Údarás na rudaí seo a leanas:

- Dréacht-mhiontuairiscí den chruinniú roimhe sin a bhreithniú agus a fhormheas
- Dearbhuithe leasa
- Nithe a bhaineann le feidhmeanna agus le gnó BAI de bhun an Achta
- Nithe a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha BAI a bhaint amach
- Miontuairiscí na gcruinnithe den Choiste um Bronnadh Conarthaí agus den Choiste um Chomhlíonadh
- Miontuairiscí an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca
- Nuashonruithe Riosca
- Nithe Forchoimeádta

Ceanglaítear ar an bPríomhfheidhmeannach faoi rannán 37(2) den Acht Craolacháin 2009 ("An tAcht"), faoi stiúradh an Údaráis, gach leabhar cuí agus taifead cuntais den uile ioncam agus caiteachas den Údarás agus d'fhoinsí ioncaim den sórt sin agus ábhar caiteachais den sórt sin, agus de mhaoin, de shócmhainní agus de dhliteanas an Údaráis a choimeád. Ceanglaítear air nó uirthi freisin cuntas a thabhairt don Údarás maidir le gach cuntas speisialta den sórt sin agus iad a choimeád de réir mar a cheanglaíonn cuid 10 den Acht, agus de réir mar a ordóidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, nó mar a ordóidh an tAire ó am go ham gur chóir iad a choimeád.

Le linn na ráiteas airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon chlaonadh ábhartha ón gcéanna atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth, a staid airgeadais agus lena gcuirtear ar a chumas a dheimhniú go gcomhlíonann ráitis airgeadais an BAI agus an Chiste Craolacháin rannán 37(2) den Acht. Is freagracht de chuid an Údaráis é sláine na faisnéise corparáide agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an BAI agus í a chothabháil.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní an BAI a chosaint agus dá réir chun bearta réasúnacha a dhéanamh d'fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Ráiteas Straitéise

Tá an tÚdarás freagrach as an Ráiteas Straitéise (a chuid cuspóirí straitéiseacha san áireamh) agus plean oibre trí bliana agus meastacháin bhuiséid trí bliana a fhaomhadh. Seoladh Ráiteas Straitéise reatha an BAI go luath in 2021, a chlúdaíonn an tréimhse 2021 - 2023 i mbealach atá ag teacht leis na bhforálacha reachtúla atá leagtha amach i rannán 29 den Acht Craolacháin 2009. Chomh maith le Fís, Misean agus Luachanna an Údaráis a leagan amach, cuimsíonn an ráiteas Cuspóirí Straitéiseacha faoi chúig theideal straitéiseacha théamacha, mar seo a leanas:

1. Éagsúlacht agus Iolarthacht a Chur Chun Cinn
2. Sármhaitheas agus Cuntasacht a Bhaint Amach
3. Ceannaireacht le linn Athraithe
4. Lucht Éisteachta a Chumhachtú
5. Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht na hEarnála a Fheabhsú

Bille um Shábháilteacht ar Líne agus um Rialáil na Meán

D'fhoilsigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Scéim Ghinearálta an Bhille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán 2019, ar an 10 Eanáir 2020. Tugann an Bille achoimre ar na bearta a bhfuil gá iad a thrasuí faoin Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc agus áiríonn sé moltaí sábháilteachta ar líne. Tá sé i gceist leis an mBille Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus a chuid Coistí Reachtúla a dhíscaoileadh agus go gcuirfear Coimisiún Meán ar a mbeidh daoine éagsúla ina ionad.

D'fhoilsigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán na sonraí deiridh den Scéim Ginearálta den Bhille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán ar an 9 Nollaig 2020. Cuireadh an Scéim Ghinearálta deiridh ar aghaidh chuig Oifig an Ard-Aighne i mí na Nollag 2020 ionas go mbeifear in ann leanúint le dréachtú sonraithe ar an mBille. Cuireadh an Scéim Ghinearálta deiridh faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais ábhartha chun imscrúdú réamh-reachtúil a dhéanamh air. Tá imscrúdú réamh-reachtúil déanta ag an gComhchoiste Oireachtais ó shin. Ina theannta sin, ar an 18 Bealtaine 2021, cheadaigh an tÚdarás comhtháthú an Bhille um Chraolachán (Leasú), 2009 sa Bhille um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialáil na Meán chomh maith le trí cheannteidil an Bhille sa bhreis a thabhairt isteach. Cheadaigh an Rialtas foilsiú an Bhille ar an 12 Eanáir 2022. Rinneadh an Bille a thionscnamh ansin i Seanad Éireann ar an 25 Eanáir 2022 le breithniú d'achtachán.

Déantar Ráitis Airgeadais an BAI a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh agus ní léiríonn siad aon fhorálacha a bhaineann leis an díscaoileadh atá molta.

Tarscaoileadh tobhaigh don earnáil raidió neamhspleách

Tá tionchar suntasach ag paindéim Covid-19 ar chúrsaí airgid na hearnála craolacháin neamhspleách ó Mhárta 2020. Mar aitheantas air sin, d'iarr an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar an Údarás smaoineamh ar an tobhach ar stáisiúin raidió neamhspleácha a tharscaoileadh ar feadh na chéad sé mhí de 2020. Bhreithnigh an tÚdarás an iarraidh sin ag a chruinniú i Márta 2020 agus d'aontaigh sé leis an tarscaoileadh. Chuir an tarscaoileadh tobhaigh seo laghdú de €1m ar ioncam an BAI in 2020, sin thart ar 20% d'ioncam tobhaigh an Údaráis i leith a bhuiséad ceadaithe bunaidh do 2020. Chun an t-easnamh seo a líonadh, d'fhaomh an tÚdarás Buiséad Leasaithe agus plean oibre do 2020 ag a chruinniú i mí na Bealtaine 2020 agus aontaíodh ina dhiaidh sin go mbeadh maoiniú ón Státchiste ar fáil freisin.

Chun a chinntiú go mbeadh sruth airgid leordhóthanach ann le linn 2020, d'fhaomh an tÚdarás íostarraingt de €500k óna shaoráid iasachta le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Aisíocadh an iasacht seo i mí Feabhra 2021. D'fhógair an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i nDeireadh Fómhair 2020, go gcuirfeadh Buiséad an Státchiste 2021 €839k ar fáil don BAI maidir le tarscaoileadh an tobhaigh craolacháin do Ráithe 1/ Ráithe 2 de 2020 don earnáil raidió neamhspleách. Fuair an BAI an maoiniú seo i mí Feabhra 2021 agus rinneadh €690k de a athdháileadh mar chuid den phróiseas um réiteach tobhach do 2020 a tharla i R3 de 2021. Aontaíodh leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go ndéantar an fuílleach iarmhéid de €149k a fhritháireamh i gcoinne thobhach 2021 agus go ndéanfaí é a athdháileadh do na craoltóirí tobhaigh mar chuid den phróiseas réitigh do 2021 atá le tarlú i R3 de 2022.

Measann an tÚdarás go dtugann ráitis straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann léargas fírinneach cóir d'fheidhmíocht airgeadais agus de staid airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2021.

Struchtúr an Údaráis

Tá naonúr comhaltaí ar an Údarás, agus ceaptar duine acu mar Chathaoirleach. Tá comhaltaí an Údaráis arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán de bhun Rannán 8 den Acht. Bíonn gach comhalta den Údarás i seilbh oifige ar feadh cibé téarma a shonróidh an tAire le linn an cheapacháin a dhéanamh, faoi réir fhorálacha Roinn 9 den Acht.

Tá folúntas ann i leith phost an Chathaoirligh ó críochnaíodh téarma an Chathaoirligh a raibh ann roimhe ar an 1 Nollaig 2020. De réir Rannán 9 den Acht, ní raibh an Cathaoirleach sin i dteideal a bheith athcheaptha, mar nach féidir le comhaltaí níos mó ná dhá théarma oifige as a chéile a bheith acu. In éagmais Cathaoirleach, ag gach cruinniú, rinne an tÚdarás comhalta a cheapadh chun a bheith mar chathaoirleach don chruinniú sin. I mBealtaine 2021, rinne an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán próiseas earcaíochta poiblí a sheoladh le haghaidh Cathaoirleach nua tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS). Ar an 23 Samhain 2021, d'fhormheas an Aireacht ceapachán Mary Curtis mar Chathaoirleach nua BAI.

Mionsonraítear sa tábla thíos an dáta ceapacháin maidir leis an ochtar comhaltaí reatha de chuid an Údaráis.

Comhalta an Údaráis	Ról	Ceapadh den Chéad Uair	Athcheapadh	Dáta Éaga
Alan McDonnell	Gnáthchomhalta	02/12/2014	02/12/2019	01/12/2022
Grace Smith	Gnáthchomhalta	02/12/2014	02/12/2019	01/12/2022
Denis Wolinski*	Gnáthchomhalta	17/02/2015	22/12/2020	21/12/2023
Seán Ó Mordha*	Gnáthchomhalta	17/02/2015	22/12/2020	21/12/2023
Rosemary Day*	Gnáthchomhalta	17/02/2015	22/12/2020	21/12/2023
Maeve McDonagh*	Gnáthchomhalta	17/02/2015	22/12/2020	21/12/2023
Mary Curtis	Gnáthchomhalta	13/01/2017	02/12/2019	01/12/2022
Vivien McKechnie	Gnáthchomhalta	20/03/2018		19/03/2023

*Ní raibh sé/sí mar chomhalta den Údarás idir 16 Feabhra agus 21 Nollaig 2020

Bunaíodh dhá choiste reachtúla faoi Rannán 6 den Acht mar a leanas:

6. **1. An Coiste um Dheonú Conarthaí:** Tá ochtar comhaltaí ar an gCoiste seo. De bhun rannán 8 den Acht, tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Údarás; beirt acu ina gcomhaltaí den Údarás agus beirt acu ina gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis. Tá feidhmeanna an Choiste um Dheonú Conarthaí leagtha amach i Roinn 27 den Acht.

7. **An Coiste um Chomhlíonadh:** Tá ochtar comhaltaí ar an gCoiste seo. De bhun rannán 8 den Acht, tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Údarás; beirt acu ina gcomhaltaí den Údarás agus beirt acu ina gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis. Tá feidhmeanna an Choiste um Chomhlíonadh leagtha amach i Roinn 28 den Acht.

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Bhunaigh an tÚdarás Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin agus tá triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta neamhspleách amháin a bhfuil saineolas airgeadais aige nó aici ar an gcoiste seo. Tá ról an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca leagtha amach i dtéarmaí tagartha atá faofa ag an Údarás agus is é an cuspóir atá aige ná cabhrú leis an Údarás maidir lena chuid freagrachtaí de bhun an Achta agus an Chóid Cleachtais um Fhorais Stáit a Rialú, freagrachtaí ar nós riosca, rialú inmheánach agus ráthaíocht a bhaineann leis.

Déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, ar choiste neamhspleách ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar bhainistíocht Údarás Craolacháin na hÉireann é, a dheimhniú go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha Údarás Craolacháin na hÉireann, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí riosca agus iniúchóireachta. Tugann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca tuarascáil don Údarás tar éis gach cruinniú, agus tugann sé tuarascáil go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil.

Ba é an cruinniú i mí Feabhra 2021 an cruinniú deireanach agus Alan McDonnell mar Chathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sular tháinig deireadh lena théarma mar Chathaoirleach ar 3 Aibreán 2021. Athcheapadh Denis Wolinski ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca in 2021 agus chuaigh sé chuig a chéad chruinniú don bhliain i mí an Mheithimh. Cheap an tÚdarás Vivien McKechnie mar Chathaoirleach an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca. Ba chomhalta í Vivien McKechnie den Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ó bhí mí Feabhra 2019 ann agus thosaigh sí mar Chathaoirleach ar an gcruinniú i mí an Mheithimh 2021.

In 2021, ba iad Alan McDonnell (go dtí 3 Aibreán 2021), Vivien McKechnie, Grace Smith agus Denis Wolinksi ina mbaill den Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca. Ceapadh Dermot O'Riordan ina bhall neamhspleách chun fónamh ón 1 Meán Fómhair 2017 ar feadh tréimhse trí bliana agus athcheapadh é do thréimhse trí bliana eile ó Mheán Fómhair 2020..

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal freastail ar chruinnithe de chuid an Údaráis agus na gCoistí le haghaidh 2021 lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

Comhaltaí an Údaráis	Táillí €	Costais €	Freastal
Alan McDonnell	7,695	-	13/13
Grace Smith	7,695	-	12/13
Denis Wolinski	7,931*	-	12/13
Seán Ó Mordha	7,931	-	13/13
Rosemary Day	-	-	13/13
Maeve McDonagh	7,931*	-	11/13
Mary Curtis	7,695	-	10/13
Vivien McKechnie	7,695	-	12/13
An Coiste um Chomhlíonadh			
Kevin Rafter	-	-	9/9
Nigel Heneghan	7,695	-	8/9
Orlaith Carmody	7,695		8/9
Mary Curtis	-	-	5/8**
Maeve McDonagh	-	-	6/8**
Eileen Maher	7,695	-	8/9
Andrew Robinson	-	-	9/9
Stephanie Comey	-	-	8/9
An Coiste um Dheonú Conarthaí			
Ercus Stewart	11,970	-	8/8
John Hogan	7,695	258	6/8
Clodagh O'Donnell	7,695	-	8/8
Sean Ó Mordha	-	-	6/7***
An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca			
Helen Shaw	5,801	-	5/5***
Rosemary Day	-	-	7/7***
Anne Louise O'Donovan	-	-	1/1
Clare Diamond	-	-	8/8
	110,819	-	

* Rinneadh Denis Wolinski, Seán Ó Mordha agus Maeve McDonagh a athcheapadh ar an Údarás ar an 21 Nollaig 2020. Bhí riaráistí ó 21 Nollaig go 31 Nollaig 2020 san áireamh ina gcuid táillí 2021

**CeapadhMary Curtis agus Maeve McDonagh ar an gCoiste um Chomhlíonadh le héifeacht ó 25 Feabhra 2021.

***Cheap an tAire Helen Shaw ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí ar 30 Márta 2021 agus cheap an tÚdarás Rosemary Day agus Seán Ó Mordha ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí ar 25 Feabhra 2021.

Ní bhfuair comhalta amháin den Údarás atá ann faoi láthair (Rosemary Day) agus comhalta amháin den Choiste um Chomhlíonadh (Kevin Rafter) Táille Chomhalta faoin Aon Duine Aon Tuarastal (OPOS).

Coinbhleacht Leasa

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann bronnadh conarthaí agus deontas a cheadú do ghnóthais ina bhfuil comhaltaí den Údarás agus/nó de Choistí fostaithe nó ina bhfuil leas ag na comhaltaí sin ar shlí eile.

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás i gcomhréir le forálacha an Achta Craolacháin, 2009 agus leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le nochtadh leasanna ag Comhaltaí den Údarás agus/nó de Choistí agus chlóigh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

Maidir le Comhaltaí den Údarás a fhónann freisin mar ainmnithe den Údarás ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí reachtúil, scaoileann siad iad féin mar ghnáthchleachtas ó gach plé agus gach cinneadh a bhaineann leis na moltaí i leith conarthaí a dheonú a dhéanann an Coiste um Dheonú Conarthaí don Údarás.

Chomhlíon an BAI forálacha an Achta Craolacháin, 2009 agus na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le cásanna ina ndearbhaítear leasanna. I ngach cás, níor tugadh don Chomhalta lena mbaineann aon cháipéis maidir le hiarratas ar cheadúnas, le gearán nó le saincheist a d'eascair as agus níor ghlac an Comhalta páirt sa ní, ná i gcinntí ar aon ní, a luaithe is a tháinig an Comhalta ar an eolas faoin gcoinbhleacht agus/nó a dhearbhaigh sé/sí leas sa ní.

Athruithe Pearsanra Ríthábhachtacha

Príomhfheidhmeannach: Ar 31 Bealtaine 2021, chuaigh Michael O'Keeffe ar scor óna ról mar POF Údarás Craolacháin na hÉireann. Tar éis próiseas earcaíochta a bhí ina iomaíocht oscailte phoiblí, cheap an tAire Celene Craig mar Phríomhfheidhmeannach le héifeacht ó 1 Meitheamh 2021.

An Coiste um Dheonú Conarthaí: Cheap an tAire Helen Shaw ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí ar 30 Márta 2021. Tháinig deireadh le téarma ceapacháin chomhalta an Údaráis Anne Louise O'Donovan ar 31 Eanáir 2021. Líonadh an folúntas Údaráis nuair a ceapadh Declan McLoughlin ar 25 Feabhra 2021. Ar an dáta sin athcheapadh Clare O'Sullivan ar an gCoiste. Cheap an tÚdarás Rosemary Day agus Seán Ó Mordha ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí ar 25 Feabhra 2021.

An Coiste um Chomhlíonadh: Cheap an tÚdarás Maeve McDonagh agus Mary Curtis ar an gCoiste um Chomhlíonadh le héifeacht ó 25 Feabhra 2021.

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca: Ba é an cruinniú i mí Feabhra 2021 an cruinniú deireanach agus Alan McDonnell mar Chathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sular tháinig deireadh lena théarma mar Chathaoirleach ar 3 Aibreán 2021. Athcheapadh Denis Wolinski ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca in 2021 agus chuaigh sé chuig a chéad chruinniú don bhliain i mí an Mheithimh. Cheap an tÚdarás Vivien McKechnie mar Chathaoirleach an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca. Ba chomhalta í Vivien McKechnie den Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ó bhí mí Feabhra 2019 ann agus thosaigh sí mar Chathaoirleach ar an gcruinniú i mí an Mheithimh 2021.

Nochtaí a Cheanglaítear ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an tÚdarás freagrach as a dheimhniú gur chomhlíon Údarás Craolacháin na hÉireann ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis an gCód na nochtaí seo a leanas a dhéanamh:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Aicmítear sochair ghearrthéarmacha fostaithe, ar níos mó ná €60,000 iad, sna bandaí seo a leanas:

Réimse sochair iomlána na bhfostaithe Ó Go dtí	2021	2020
€60,000 - €69,999	2	3
€70,000 - €79,999	2	4
€80,000 - €89,999	7	5
€90,000 - €99,999	-	-
€100,000 - €109,999	-	1
€110,000 - €119,999	-	-
€120,000 - €129,999	2	-
€130,000 - €139,999	-	1

Chun críocha an nochta seo, tá tuarastail, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí san áireamh i sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe, ach ní áirítear ÁSPC na bhfostóirí iontu.

Costais Chomhairleachta

	2021 € '000	2020 € '000
Beartas Iniúchóireachta & Monatóireachta	35	21
Cóid agus Rialacha	243	177
Comhairleacht Ghinearált	203	198
Comhairleacht TC	-	-
Comhairleacht san Iomlán	481	396

	2021 € '000	2020 € '000
Comhairle Dlí (Comhairle Ghinearálta)	84	43
	84	43

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Aicmítear caiteachas taistil agus cothabhála mar a leanas:

	2021 € '000	2020 € '000
Comhaltaí an Údaráis/an Choiste		
Intíre	-	1
Coigríche	-	1
	1	1
Employees		
Intíre	1	7
Coigríche	-	1
	1	8

Tabhair faoi deara go dtaifeadtar caiteachas taistil agus cothabhála Chomhaltaí an Údaráis agus na gCoistí a íoctar go díreach le Comhaltaí an Údaráis agus na gCoistí mar Tháillí agus Costais chomhaltaí an Údaráis/na gCoistí (2021: €Nialas; 2020: €1k) agus taifeadtar caiteachas taistil agus cothabhála Fostaithe mar Chostas Riaracháin (2021: €1k; 2020: €8k).

Caiteachas Fáilteachais

Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais caiteachas fáilteachais arbh fhiú €4k (€9k in 2020). Áiríodh leis sin €4k ar Fháilteachas don fhoireann (€9k in 2020) agus €Nialas i gcomhair fáilteachas do chliaint (€Nialas in 2020). Ceanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go mbeidh costais a bhaineann leis an gClár um Leas Fostaithe san áireamh sa chatagóir seo.

Ráiteas Comhlíonta

Tá an Cód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an Údarás agus tá nósanna imeachta curtha ar bun aige chun a chinntiú go gcomhlíonfar an Cód. Bhí an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh go hiomlán ag Údarás Craolacháin na hÉireann i gcaitheamh 2019.



Mary Curtis
An Cathaoirleach
23 Meitheamh 2022

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Raon na Freagrachta

Thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann, aithnímid an fhreagracht atá ar an Údarás a dheimhniú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach á chothabháil agus á chur i ngníomh i leith Údarás Craolacháin na hÉireann agus an Chiste Craolacháin. Cuirtear i gcuntas sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach arna dhearadh chun riosca a bhainistiú go dtí leibhéal infhulaingthe seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras mar sin ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar bun in Údarás Craolacháin na hÉireann don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2021 agus anuas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

Tá Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ag Údarás Craolacháin na hÉireann a chuimsíonn triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta seachtrach amháin le saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire in 2021.

Creat Bainistíochta Riosca

Cuireann an tÚdarás a Chreat Bainistíochta Riosca i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus straitéiseacha de chuid BAI. Sa Chreat, tá Beartas Bainistíochta Riosca an BAI, Ráiteas Inghlacthachta Riosca an BAI agus a Chláir Riosca Corparáide agus Tionscadail/Oibriúcháin chomh maith le bearta cuntasachta atá in áit trí thuairisciú tréimhsiúil riosca fud fad na heagraíochta.

Cuirtear an creat foriomlán maidir le bainistíocht riosca in Údarás Craolacháin na hÉireann ar fáil sa Bheartas Bainistíochta Riosca. Is é a dhéanann an Beartas, go sonrach:

- Déantar ann riosca a cheangal le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta;
- Soláthraítear ann ráiteas beartais riosca soiléir agus sainráite mar aon le cuspóirí bainistíochta riosca cuí;
- Cuirtear in iúl ann an chaoi a sainaithnítear agus a rangófar an riosca;
- Ceanglaítear leis go gcuirfear measúnú riosca i gcrích, trí shainaithint, trí chur síos agus trí mheastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí éagsúla a mbeidh tionchar acu ar an Údarás agus leagfar amach ann na huirlisí, na próisis agus na struchtúir a thabharfaidh feidhm phraiticiúil don mheasúnú riosca seo;
- Tugtar cur síos ann ar an bpróiseas tuairiscithe riosca chun trédhearcacht iomlán a dheimhniú ar gach riosca a shainítear agus ar na gníomhartha arna bpleanáil chun déileáil leis na rioscaí;
- Leagtar amach ann róil agus freagrachtaí an Údaráis, coistí reachtúla an BAI agus foireann an BAI maidir le bainistíocht riosca;
- Leagtar amach plean forfheidhmithe agus monatóireachta a chinntíonn go gcomhlíonann foireann an BAI a bhfreagrachtaí maidir le riosca agus na gníomhartha comhaontaithe;
- Leagtar amach ann na tacaíochtaí atá i bhfeidhm chun cultúr atá feasach ar riosca a bhainistiú (e.g. oiliúint).

Cuireann Beartas Bainistíochta Riosca an BAI creat rialaithe riosca ar fáil don BAI a chinntíonn cinnteoireacht bunaithe ar riosca agus aird á tabhairt ar na hinghlacthachtaí riosca agus na lamháltais ghaolmhara a shainaithnítear sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca. Tugann an Beartas achoimre ar na próisis atá ar bun chun sainaithint, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar na rioscaí ríthábhachtacha sin agus ar na rialuithe inmheánacha agus na gníomhartha leanúnacha atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú. Sonraíonn an Beartas Bainistíochta Riosca róil agus freagrachtaí na foirne mar a bhaineann sé le bainistíocht riosca agus cuimsíonn sé úinéireacht riosca agus critéir agus nósanna imeachta méadaithe riosca.

Tugadh an Beartas do gach ball foirne agus soláthraítear oiliúint ar bhainistíocht riosca ar bhonn tréimhsiúil. In 2021, cuireadh oiliúint shonrach ar chultúr riosca ar fáil do chomhaltaí an Údaráis (lena n-áirítear comhaltaí Údaráis ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca) agus don fhoireann. Lena chois sin, cuireadh seisiúin eolais ar TC agus cibear-riosca ar fáil don fhoireann, don Údarás agus do na Coistí Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá Clár Riosca Corparáide i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí corparáide agus straitéiseacha atá roimh Údarás Craolacháin na hÉireann, agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir mar atá tábhacht leo. Ina theannta sin, aithníonn an Clár Riosca Oibríochtúil riosca do réimsí tionscadal agus oibriúcháin an BAI. Sonraíonn na cláir na rialuithe agus na gníomhartha breise a cheaptar a bhfuil gá leo chun na rioscaí a aithnítear a mhaolú agus a bhainistiú.

Cuimsíonn na córais bhainistíochta riosca freisin Ráiteas Inghlacthachta Riosca an BAI. Leagtar amach sa Ráiteas seo an mhodheolaíocht a bheidh le húsáid ag an BAI chun inghlacthacht riosca a fháil amach agus a bhainistiú. Aithnítear sa Ráiteas cúig théama riosca don BAI a bhfuil ceangal acu le Ráiteas Straitéise an BAI. Tá leibhéal inghlacthachta riosca aitheanta do gach ceann de na cúig théama. Ina theannta sin, tá lamháltais riosca dearbhaithe, chomh maith le táscairí riosca agus méadrachtaí a bhaineann leis.

Is gné bhuan ar an gclár é riosca ag cruinnithe an Údaráis, an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, na Foirne Bainistíochta Sinsearaí, na Foirne Oibríochta, agus na Foirne Meánbhainistíochta. Déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an gClár Riosca Corparáide agus ar na Ráitis Inghlacthachta Riosca ag gach cruinniú. Déanann an Coiste athbhreithniú ar an gClár Riosca Oibríochtúil freisin faoi dhó gach bliain. Athbhreithníonn an tÚdarás, an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí agus Foirne Oibríochta agus Meánbhainistíochta an BAI na cláir agus na Ráitis Inghlacthachta Riosca ar bhonn sceidealaithe (mar atá leagtha amach sa Bheartas Bainistíochta Riosca).

Ina Théarmaí Tagartha, tiomnaíonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas ar bhonn bliantúil agus cuirtear aon leasú ar an mBeartas faoi bhráid an Údaráis lena cheadú. Rinneadh athbhreithniú ar an mBeartas in 2021. Bhí ionchur ann ón Údarás, ón gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca agus ó fhoireann BAI. Cuireadh fáilte roimh ionchur sa phróiseas ó na Coistí um Dheonú Conarthaí agus um Chomhlíonadh freisin. Tar éis an athbhreithnithe, bhí an tÚdarás sásta leis an mBeartas, ach d'aontaigh siad le moladh an athbhreithnithe gur féidir cultúr riosca na heagraíochta a fheabhsú. Aontaíodh freisin go ndéanfar athbhreithniú go mion ar na cláir riosca agus cláir leasaithe le bheith in úsáid ó luath 2022 ar aghaidh. Déanfar torthaí an athbhreithnithe a chur i bhfeidhm in 2022.

Creat Rialaithe

Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe ar bun a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann:

- Go ndearnadh taifead maidir le nósanna imeachta le haghaidh gach próiseas gnó ríthábhachtaigh,
- Gur sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- Go bhfuil córas buiséadach cuí ann le buiséad bliantúil a mbíonn athbhreithniú á dhéanamh air ag an mbainistíocht shinsearach,
- Go bhfuil córais ann a bhfuil sé mar sprioc acu slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a dheimhniú,
- Go bhfuil córais ann chun na sócmhainní a chosaint, agus
- Go ndeimhníonn nósanna imeachta rialúcháin maidir le maoiniú deontas do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach ann maidir le ceadúnú deontas agus le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh i dtaca le deontaithe lena dheimhniú go gcuirtear an maoiniú deontas chun feidhme maidir leis an gcuspóir beartaithe.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh leasaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Údarás, más iomchuí, ar mhodh tráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas ar bun:

- Rinneadh rioscaí ríthábhachtacha agus rialú gaolmhar a shainaithint agus cuireadh próisis ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú an rialaithe ríthábhachtaigh sin agus chun tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh a sainaithníodh,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i gcás ar sannadh freagracht le haghaidh bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann bainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus tuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht in aghaidh buiséad.

Iniúchóireacht Inmheánach

Tá a fheidhm iniúchóireachta inmheánaí, a bhfuil acmhainn leordhóthanach aige agus a dhéanann clár oibre bunaithe ar riosca atá comhaontaithe leis an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca seachfhoinsithe ag an BAI. Tá Iniúchóireacht Inmheánach freagrach don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca maidir le measúnú neamhspleách agus oibiachtúil a chur ar fáil ar bhainistíocht riosca agus ar phróisis rialaithe agus rialachais laistigh den BAI. Déanann an Iniúchóireacht Inmheánach scrúdú ar leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht chóras, daoine, agus próiseas chun rioscaí féideartha agus réimsí ar féidir iad a fheabhsú a aithint. Rinne an tIniúchóir Inmheánach dhá iniúchadh oibríochtúla le linn 2021 agus tuairiscíodh a chuid torthaí agus a chuid moltaí don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca. Is iad sin mar a leanas::

- Athbhreithniú ar Éifeachtacht na Pleanála Leanúnachais Gnó
- Athbhreithniú ar RGCS

Soláthar

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ar bun ag Údarás Craolacháin na hÉireann lena chinntiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte reatha soláthair le linn 2021.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ag Údarás Craolacháin na hÉireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le rioscaí a bhainistiú agus a rialú. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil bonn eolais faoin monatóireacht agus faoin athbhreithniú a dhéanann Údarás Craolacháin na hÉireann ar éifeachtacht chórais an rialaithe inmheánaigh.

Deimhnímid go ndearna an tÚdarás athbhreithniú bliantúil i mí na Nollag 2021 ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh do 2021. Chuir obair a bhí déanta ag Feidhmeannas an BAI, ag an iniúchóir inmheánach agus ag an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca bonn eolais faoin athbhreithniú.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha

Níor aithníodh aon laige sa rialú inmheánach i ndáil le 2021 lena dteastaíonn nochtadh a dhéanamh sna ráitis airgeadais.



Mary Curtis
An Cathaoirleach
23 Meitheamh 2022

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Authority of Ireland

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland for the year ended 31 December 2021 as required under the provisions of section 37 of the Broadcasting Act 2009. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Authority of Ireland at 31 December 2021 and of its income and expenditure for 2021 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Broadcasting Authority of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Broadcasting Authority of Ireland has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report (including the governance statement and Authority members' report) and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Mary Henry
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

29 June 2022

Appendix to the report

Responsibilities of Authority members

As detailed in the governance statement and Authority members' report, the Authority members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 37 of the Broadcasting Act 2009.
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 37 of the Broadcasting Act 2009 to audit the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Broadcasting Authority of Ireland's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Broadcasting Authority of Ireland to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 € '000	2020 € '000
Ioncam			
Tobhach	**2**	5,210	4,242
Maoiniú ón Státchiste		-	839
Táillí Ceadúnúcháin	**3**	67	56
Ioncam Eile	**4**	837	711
Ollioncam		6,114	5,848
Caiteachas			
Costais Foirne	**5**	2,443	2,557
Costais Sochair Scoir	**17(c)**	331	349
Táillí Chomhaltaí an Údaráis/Coistí &		111	88
Postais	**7**	481	396
Táillí Comhairleachta			
Costais Dlí		84	43
Fógraíocht		27	44
Costais Riaracháin	**8**	363	301
Luach saothair na nIniúchóirí		15	14
Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha	**9**	582	398
Costais Áitribh agus Costais Ghaolmhara	**10**	771	766
Dímheas		41	61
Drochfhiacha		4	-
Ús agus muirir bhainc		20	12
		5,273	5,029
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas		841	819
Aisíoc Tobhaigh	**2**	(812)	(794)
Barrachas tar éis aisíoc Tobhaigh		29	25
Aistriú chuig/(ón) gCuntas Caipitil	**15**	38	33
Cúlchiste Coinnithe Ioncaim			
Iarmhéid i dtús na bliana		786	728
Barrachas tar éis aisíoc Tobhaigh agus aistriú chuig/(ón) gcuntas caipitil		67	58
Iarmhéid ag deireadh na bliana		853	786

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-20.

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 23 Meitheamh 2022 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

Mary Curtis
An Cathaoirleach
23 Meitheamh 2022

Celine Craig
An Príomhfheidhmeannach

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

	2021 €'000	2020 €'000
Barrachas tar éis aisíoc Tobhaigh	**67**	**58**
Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí scéime sochar scoir	728	(439)
Athruithe ar thoimhdí is bunús le luach láithreach na n-oibleagáidí scéime sochar scoir	(1,127)	(1,813)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain	(399)	(2,252)
Coigeartú ar Mhaoiniú iarchurtha Sochar Scoir ón Státchiste	399	2,252
Ioncam Cuimsitheach eile don bhliain	**67**	**58**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-20.
Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 23 Meitheamh 2022 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

Mary Curtis
An Cathaoirleach
23 Meitheamh 2022

Celine Craig
An Príomhfheidhmeannach

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2021.

	Nóta	2021 € '000	2020 € '000
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	**11**	41	79
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna infhaighte	**12**	592	2,002
Airgead agus coibhéis airgid	**13**	2,549	1,537
		3,141	3,539
Dliteanais Reatha			
Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin)	**14**	(2,288)	(2,753)
Glansócmhainní Reatha		853	786
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais roimh Shochair Scoir		894	865
Sócmhainní iarchurtha sochair scoir	**17**	19,994	18,864
Dliteanais sochair scoir		(19,994)	(18,864)
Glansócmhainní		894	865
Arb ionann iad agus			
Cúlchiste Coinnithe Ioncaim		853	786
Cuntas Caipitil	**15**	41	79
		894	865

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-20.
Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 23 Meitheamh 2022 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

Mary Curtis
An Cathaoirleach
23 Meitheamh 2022

Celine Craig
An Príomhfheidhmeannach

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

	2021 €'000	2020 €'000
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas don Bhliain	67	58
Muirear Dímheasa	41	61
Aistriú ón gCuntas Caipitil	(38)	(33)
Laghdú/(Méadú) ar Shuimeanna Infhaighte	1,410	1,175
Laghdú/(Méadú) ar Shuimeanna Iníoctha	(465)	757
(Glan-Eis-Sreabhadh)/Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**1,105**	**(332)**
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Íostarraingt Iasachta	-	500
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a cheannach	(3)	(28)
(Laghdú)/Méadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	1,012	140
Airgead agus coibhéisí Airgid ag tús na bliana	1,537	1,397
Airgead agus coibhéisí Airgid ag deireadh na bliana	**2,549**	**1,537**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas tábhachtach cuntasaíochta a ghlacann Údarás Craolacháin na hÉireann. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach ar feadh na bliana agus don bhliain roimhe iad go léir.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann faoin Acht Craolacháin 2009 agus tá a phríomhoifig suite in 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2. Is iad príomhchuspóirí Údarás Craolacháin na hÉireann, mar a leagtar amach i Rannán 25 den Acht Craolacháin 2009 iad, mar a leanas:

1. (1) Déanfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, iarracht a chinntiú –

   a. go ndéanfar líon agus earnálacha na seirbhísí craolacháin a chuirtear ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo an freastal is fearr ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, nuair a chuirtear a dteangacha agus a dtraidisiúin, agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus chultúir san áireamh;

   b. go dtacófar leis an bhfiúntas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann le cosaint saoirse cheart tuairimí a nochtadh, agus

   c. go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch

2. Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), déanfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla --

   a. oláthar clár ardchaighdeán, éagsúil agus nuálach ag craoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhísí poiblí agus léiritheoirí neamhspleácha a spreagadh;

   b. craoltóirí seirbhísí poiblí a éascú i gcomhlíonadh na gcuspóirí seirbhíse poiblí dá gcuid mar a leagtar amach san Acht seo;

   c. éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú ar na seirbhísí craolacháin tráchtála agus pobail is mó tionchair;

   d. timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách neamhchlaonta a chothú;

   e. timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta is infheidhme a chothú;

   f. leasanna leanaí a chosaint, ag cur san áireamh a leochailí agus atá leanaí agus an óige ó thaobh saothrú tráchtála míchuí;

   g. timpeallacht rialaitheach a sholáthar lena n-éascófar forbairt earnála craolacháin in Éirinn ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus, go háirithe, a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas, agus

   h. forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

3. Féachfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, lena chinntiú, maidir leis na bearta a dhéanfar –

   a. go mbeidh siad comhréireach agus aird a thabhairt ar na cuspóirí atá leagtha amach sa rannán seo,

   b. go gcuirfear chun feidhme iad thar an raon seirbhísí craolacháin a chuirfidh i gcuntas an méid tionchair ar féidir leis na cineálacha éagsúla seirbhísí craolacháin a imirt maidir le múnlú tuairimí lucht féachana agus éisteachta sa Stát,

   c. go gcoinneofar i gcuimhne na cuspóirí, na feidhmeanna agus na dualgais atá leagtha amach

do chraoltóirí seirbhíse poiblí i gCodanna 7 agus 8,

d. go mbeidh socruithe rialaitheacha mar thoradh orthu a bheidh seasmhach agus intuartha, agus

e. go ndéanfar freastal go héasca ar fhorbairt agus ar fheidhmiú na teicneolaíochta, ag an earnáil chraolacháin agus go ndéanfar an rud céanna a spreagadh go héasca.

Is Aonán Leasa Phoiblí (ALP) é Údarás Craolacháin na hÉireann.

b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 de réir Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102, arb é an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna cheadú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de bhun rannán 37(4) den Acht Craolacháin 2009.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann.

d) Ioncam

Ioncam Tobhaigh

Is é an phríomhfhoinse ioncaim atá ag an Údarás ná tobhach a ghearrtar ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin de réir mar a cheanglaítear faoi rannán 33(1) den Acht Craolacháin 2009. Baintear úsáid as an tobhach chun na caiteachais a bhaineann le feidhmiú an Údaráis agus na gcoistí reachtúla a mhaoiniú agus tá sé bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe le haghaidh bliain airgeadais ar leith.

Faoi Rannán 33(5) den Acht Craolacháin 2009, is amhlaidh maidir le haon bharrachas ar ioncam tobhaigh de bhreis ar na caiteachais arna dtabhú ag an Údarás i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna dá chuid a bhaineann leis an tobhach sin i mbliain airgeadais airithe, go gcoinneoidh an tÚdarás é lena fhritháireamh i gcoinne oibleagáidí i leith tobhaigh i gcomhair na bliana dar gcionn, sin nó go ndéanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthraithe seirbhíse craolacháin ar a bhforchuirtear an tobhach.

Leagtar amach san Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin, 2009 (Rannán 33), 2010 I.R. Uimh. 7/2010) agus SI 521/2020 den Ordú Tobhaigh (Leasaithe), an bonn ar a ndéantar an tobhach a ríomh. Is ar bhonn fabhraithe a thugtar cuntas air.

Maoiniú ón Státchiste

D'fhógair an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i nDeireadh Fómhair 2020 go gcuirfeadh buiséad an Státchiste 2021 €839k ar fáil don BAI i ndáil leis an tarscaoileadh tobhaigh craolacháin don earnáil raidió neamhspleách do Ráithe 1/Ráithe 2 2020. Bhain BAI úsáid as an maoiniú ón Státchiste do Phróiseas Réitigh Tobhaigh 2020 a cuireadh i gcrích in 2021. Aithníodh an maoiniú seo ón Státchiste mar ioncam in 2020 agus aontaíodh go gcoinneodh BAI aon chistí barrachais nár úsáideadh mar chuid den Phróiseas Réitigh Tobhaigh lena bhfritháireamh i gcoinne caiteachas ginearálta agus sreabha airgid.

Tar éis an phróisis Réitigh Tobhaigh, d'aontaigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go ndéanfaí aon mhaoiniú ón Státchiste nár baineadh úsáid as do Phróiseas Réitigh Tobhaigh 2020 a athdháileadh mar chuid de Phróiseas Réitigh Tobhaigh 2021.

Ioncam ó Tháillí Ceadúnúcháin

De bhun fhorálacha an Achta Craolacháin 2009, tá an tÚdarás freagrach as conarthaí a dheonú le haghaidh seirbhísí teilifíse agus raidió ar ardáin éagsúla. Tríd is tríd, déanann an tÚdarás dhá chineál conarthaí le hoibritheoirí craolacháin, mar seo a leanas:

- Conarthaí Craolacháin; agus
- Conarthaí Soláthair Ábhair

D'fhéadfadh go mbeadh táillí ceadúnúcháin iníoctha ag iarratasóirí ar chonarthaí agus ag conraitheoirí leis an BAI de bhun na bhforálacha reachtúla. D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar na táillí sin ó am go chéile ar aon dul le beartais agus straitéisí an Údaráis.

Ioncam Eile
Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

Ioncam Úis
Aithnítear Ioncam Úis ar bhonn fabhraithe trí mhodh an úis éifeachtaigh a úsáid.

e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus Dímheas

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide díluacháil charntha, arna gcoigeartú i leith aon soláthar do bhearnú. Gearrtar díluacháil ar an réadmhaoin, ar an ngléasra agus ar an trealamh go léir. Déantar amhlaidh de réir rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom in imeacht na saolré eacnamaíche fónta a mheastar atá acu, mar a leanas:

Bogearraí & Trealamh Ríomhaireachta	33% sa bhliain
Trealamh Oifige	20% sa bhliain
Daingneáin agus Feistis	10% sa bhliain
Feabhsúcháin Léasachta	10% sa bhliain
Clostrealamh/Trealamh Teicniúil	33% sa bhliain
Mótarfheithiclí	25% sa bhliain

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, amhail dá mbeadh an tsócmhainn ar aois agus i riocht a mbeifí ag súil léi ag deireadh a saolré fónta cheana féin. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Coinnithe Ioncam sa bhliain.

f) Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é an soláthar d'fhiacha amhrasacha agus bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás in ann na suimeanna uile atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Coinnithe Ioncaim.

g) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Coinnithe Ioncaim in imeacht thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom in imeacht thréimhse an léasa ach amháin i gcásanna ina bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta ionchais boilscithe. Sna cásanna sin, aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear in imeacht thréimhse an léasa.

h) Sochair Fostaí

i. **Sochair Ghearrthéarmacha**
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostais sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

ii. **Sochair Scoir**
Cineál na Scéimeanna
Feidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann na scéimeanna pinsin sainithe seo a leanas maidir le fostaithe:

- Tá fostaithe a ceapadh roimh 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Aoisliúntais an BAI agus dá Scéim Pinsin Céilí agus Leanaí. Tá struchtúir na Scéime seo bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí (An Scéim Samhla).
- Tá fostaithe a ceapadh tar éis 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsin Seirbhísí Aonair, a sholáthraíonn pinsean sochair shainithe atá nasctha le hinnéacs praghsanna tomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme (an Scéim Aonair).

Níl na scéimeanna á maoiniú ag an Údarás, agus tá sochair phinsin iníoctha ag an Státchiste. Tá roinnt saintréithe suntasacha ag gabháil le socruithe an Údaráis:

- Déanann an tÚdarás ranníocaíochtaí comhaontaithe leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (i gcomhair na Scéime Samhla) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i gcomhair na Scéime Aonair)

- Cuimsíonn na ranníocaíochtaí don dá scéim gné fhostaí in éineacht le gné fhostóra. Is ionann ranníocaíocht an fhostóra, a d'íoc an tÚdarás don Scéim Samhla agus 16.66% den phá comhlán. Is ionann ranníocaíocht an fhostóra a d'íoc an tÚdarás leis an Scéim Aonair agus trí oiread ranníocaíocht an fhostóra.

- Tá tiomantas ann ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bheidh siad dlite.

- Aithnítear sócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe i leith sochair scoir ar an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ar bhonn fhorálacha Rannán 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012

Go substaintiúil, measann an tÚdarás go bhfuil an oibleagáid sochair phinsin a íoc fós ar an Údarás, ach go gcuirfidh an Státchiste dóthain airgid ar fáil don Údarás chun aon oibleagáid den sórt sin a bheidh dlite a réiteach, ar an mbonn go n-íocfaidh an tÚdarás ranníocaíochtaí fostaithe agus an fhostóra de réir rátaí arna sonrú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais oibleagáid i leith sochar pinsin iarchurtha is infhaighte araon agus tá sonraí iomlána íocaíochtaí sochair Aoisliúntais san áireamh sna ráitis airgeadais mar mhír chaiteachais agus tá ioncam comhfhreagrach iontu a léiríonn Sochar Scoir an Státchiste.

Gnóthachain nó caillteanais achtúireacha scéimeanna

Aithnítear gnóthachain nó caillteanas achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh taithí don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach ar an iarmhéid do mhaoiniú sochair scoir iarchurtha státchiste. Cuimsíonn costais phinsin sa ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncam coinnithe ranníocaíocht an fhostóra sa bhliain.

Dliteanais faoi na Scéimeanna

Déantar dliteanais scéime arna léiriú ag luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo a thuill fostaithe an Údaráis go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúireach agus an modh aonaid réamh-mheasta á úsáid. Léiríonn costais phinsin sochair pinsin a thuileann fostaithe. Meastar an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais do mhéid maoinithe sochair an státchiste iarchurtha de réir méid atá comhionann le meastachán na hoibleagáide i leith dhliteanais na scéime pinsin.

Tugtar tuilleadh faisnéise faoi na scéimeanna i nóta 17.

i) Cuntas Caipitil

Léirítear sa chuntas caipitil an tsuim ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

j) Airgeadraí Eachtracha

Déantar airgeadra atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro agus taifeadtar iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear na sócmhainní agus na dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an tuairiscithe.

k) Cánachas

Níl an tÚdarás faoi dhliteanas i leith Cáin Chorparáide. Bíonn an t-ioncam a bhailíonn an tÚdarás faoi réir CBL.

I) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus caiteachas i gcaitheamh na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht ba shuntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Gnóthas Leantach

Níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas Údarás Craolacháin na hÉireann a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann Údarás Craolacháin na hÉireann go bhfuil sé cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuirtear ar áireamh sna ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar shuimeanna glanluacha ná ar rangú sócmhainní agus dliteanais a d'fhéadfadh teacht aníos mura mbeadh Údarás Craolacháin na hÉireann in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar Sócmhainní Seasta Inláimhsithe atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú i leith bearnú i gcás ina léiríonn eachtraí nó athruithe i gcúinsí nach bhféadfaí an tsuim ghlanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe de réir na difríochta idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus suim in-aisghabhála na sócmhainne, fad is mó an tsuim ghlanluacha ná an tsuim in-aisghabhála. Is í an tsuim in-aisghabhála an ceann is airde de luach cóir na sócmhainne lúide an costas díola agus luach úsáide na sócmhainne. Chun críche bearnú a mheasúnú, grúpáiltear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid atá sainaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid). Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bearnaíodh a athbhreithniú ar mhaithe le haisiompú féideartha a dhéanamh ar an mbearnú ag gach dáta tuairiscithe.

Díluacháil agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach ranga sócmhainne seasta, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas. Tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha cuí.

Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha

Déanann an tÚdarás meastachán ar luach in-aisghabhála na bhféichiúnaithe agus na suimeanna infhaighte eile. Úsáideann an tÚdarás meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil agus é ag déanamh amach leibhéal na bhfiach a d'fhéadfadh nach mbeifí in ann iad a bhailiú. Áirítear leis na meastacháin sin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe agus an taithí stairiúil. Is ar bhonn leanúnach a athbhreithnítear leibhéal an tsoláthair a theastaíonn. Tugtar luach cóir na bhféichiúnaithe sna ráitis airgeadais mar gharmheastachán ar a suim ghlanluacha.

Soláthairtí

Déanann an tÚdarás soláthairtí d'oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha is eol dó a bheith gan chomhlíonadh ag dáta dheireadh na tréimhse. De ghnáth, déantar na soláthairtí seo bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, arna gcoigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar na costais airgeadais a bhaineann le teagmhais nach bhféadfadh teacht aníos go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air sin agus ar an leibhéal éiginnteachta atá ag baint leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difríocht mhór a bheith idir an toradh iarbhír agus an meastachán.

Oibleagáid Sochar Scoir

Maidir leis na toimhdí is bunús leis na luachálacha achtúireacha arb ina leith a chinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear

rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí a bhaineann le treochtaí i gcostais chúraim sláinte), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théamaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

iii. an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin;

iv. leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo; agus

v. rátaí a bhaineann le treochtaí i gcostais chúraim sláinte, ráta an bhoilscithe ar chostais leighis sna réigiúin ábhartha.

Maoiniú Iarchurtha Pinsin

Aithníonn an tÚdarás suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha pinsean, bunaithe ar roinnt teagmhas roimhe seo. I measc na dteagmhas sin, tá an tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais agus an beartas agus an cleachtas maidir le pinsin san earnáil phoiblí a mhaoiniú, lena n-airítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann, agus dá bhrí sin, nach bhfuil aon ráthaíocht ann, i dtaca leis na suimeanna ar leith sin leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, nó leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo le freastal de réir a chéile ar an tsuim seo de réir an chleachtais reatha.

2. Tobhach

a) Tobhach Tionscail

Ceanglaíonn Rannán 33 den Acht Craolacháin 2009 ar an Údarás costais a d'fhabhraigh an tÚdarás agus na coistí reachtúla go cóir agus iad i mbun a gcuid feidhmíochta a fhorchúiteamh trí thobhaigh nó muirir a leagan ar chraoltóirí na seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin. Tá téarmaí an tobhaigh seo agus an modh lena áireamh, leagtha amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 7 de 2010, Acht Craolacháin 2009 (Rannán 33) Ordú Tobhaigh 2010 (an 'tOrdú Tobhaigh').

Agus é ag feidhmiú na cumhachta a thug Rannán 33 den Acht Craolacháin, 2009 dó, d'fhoilsigh an tÚdarás an tOrdú Tobhaigh ar an 22 Eanáir 2010. Tháinig an tOrdú Tobhaigh i bhfeidhm ar an 17 Eanáir 2010. Athraíodh gnéithe den Ordú Tobhaigh faoi ordú Tobhaigh BAI (Leasú), 2020 a tháinig i ngníomh ar an 1 Eanáir 2021.

B'ionann an méid a gearradh ar chraoltóirí in 2021 agus €5.210m. Bhí méid an tobhaigh bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe an Údaráis chun críocha tobhaigh do 2021 agus ioncam incháilithe craoltóirí do 2020.

Gach bliain, déanann an tÚdarás réiteach tobhaigh leis an méid a ghearrtar ar chraoltóirí a chur i gcomparáid leis an muirear tobhaigh iarbhír. Déanfar an réiteach seo nuair a cheadófar caiteachas 2021 an Údaráis chun críocha tobhaigh agus go bhfuil a n-ioncam cáilitheach iarbhír curtha ar fáil ag craoltóirí do 2020. Eiseofar sonrasc nó nóta creidmheasa chuig craoltóirí ina dhiaidh sin maidir leis an gcoigeartú seo.

Rinneadh na próisis réitigh tobhaigh do 2020 le linn 2021. Aithníodh aisíocaíocht de €794k i Ráitis Airgeadais 2020. Áiríodh leis sin €389k de mhaoiniú ón Státchiste a fuarthas chun an t-easnamh measta a mhaoiniú a bhí ann mar thoradh ar an tarscaoileadh tobhaigh do chraoltóirí raidió neamhspleácha do Ráithe 1 agus Ráithe 2. Ba é an tobhach iomlán a aisíocadh le craoltóirí teilifíse ná €647,629. Déanfar an t-iarmhéid de €147k a athdháileadh thar chraoltóirí neamhspleácha raidió agus teilifíse mar chuid de phróiseas réitigh tobhaigh 2021.

Tá aisíocaíocht mheasta de €812k dlite do chraoltóirí maidir le bliain tobhaigh 2021 agus tá sé sin aitheanta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais 2021agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

3. Táillí Ceadúnúcháin

	2021 €'000	2020 €'000
Teilifís	67	56
	67	**56**

4. Ioncam eile

	2021 €'000	2020 €'000
Broadcasting Fund Income	837	711
	837	**711**

Baineann ioncam eile le caiteachas a thabhaigh Údarás Craolacháin na hÉireann. Athghearrtar an t-ioncam sin ar an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin: tuarastail is fiú €521k (2020: €494k), forchostais ghinearálta is fiú €206k (2020: €163k), ranníocaíocht urraíochta leis an scéim ciste craolacháin is fiú €79k (2020: €40k) agus comhairle infheistíochta is fiú €13k (2020: €13k).

5. Luach Saothair

a) Sochair Fostaithe Comhiomlána

	2021 €'000	2020 €'000
Sochair foirne ghearrthéarmacha	2,241	2,356
Ranníocaíocht an fhostóra i leith leas sóisialach	202	201
	2,443	**2,557**

Áirítear ar Chostais Fhoirne i 2021 €521k (2020: €494k) a athghearrtar ar an gCiste Craolacháin agus a aithnítear mar Ioncam Eile. Bhí triúr ag obair leis an BAI le linn 2021 (2020: 3) a rinneadh a fhostú trí ghníomhaireacht. Ba é an costas comhláin a bhí ar an BAI i ndáil le pearsanra gníomhaireachta in 2021 ná €106k (2020: €90k). Bhí an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an BAI le linn na bliana (gan pearsanra gníomhaireachta a chur san áireamh) mar seo a leanas:

	2021	2020
An Fhoireann Ardbhainistíochta	9	10
Baill Foirne Eile	26	28
Coibhéis Lánaimseartha Iarbhír	**35**	**38**
Actual Full-time Equivalent at 31 December	35	37
Employment Control Framework (ECF) at 31 December	**35**	**35**

(b) Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann baill de scéimeanna pinsin sochair shainithe seirbhísí poiblí Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB) ag teacht ón gComhaontú Cobhsaíochta Poiblí (2018 – 2020) agus as an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Tá RAB tagtha in ionad na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsean (ABP) ar tháinig deireadh léi i ndeireadh 2018. Cé gur bheart éigeandála sealadach é APB, is ranníocaíocht bhuan é RAB. Rinneadh asbhaintí RAB €82,561 (2020: €77,430) as tuarastail fhoirne i gcaitheamh na bliana agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán iad.

c) Sochair Fostaithe Ghearrthéarmacha

	2021 €'000	2020 €'000
Bunphá	2,241	2,356
Ragobair	-	-
	2,241	**2,356**

Ní dhearna aon íocaíochtaí foirceanta le linn na tréimhse.

d) Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair)

Tagann seirbhísigh poiblí inphinsin a cheaptar ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh isteach sa Scéim Aonair, ar scéim meántuarastail sochair shainithe í. Ba é iomlán na ranníocaíochtaí foirne leis an Scéim Aonair in 2021 ná €28,902 (2020: €26,529). Ba é dliteanas an BAI i leith ranníocaíochtaí fostóra leis an Scéim Aonair ná €86,707 (2020: €85,586).

e) Pearsanra Bainistíochta Ríthábhachtach

Ar an 31 Bealtaine 2021 chuaigh an Príomhfheidhmeannach ar scor agus ceapadh Príomhfheidhmeannach úr (a bhí ina Leas-Phríomhfheidhmeannach). Is ionann an pearsanra bainistíochta ríthábhachtach reatha in Údarás Craolacháin na hÉireann agus an Príomhfheidhmeannach agus an t-ochtar ball den Fhoireann Ardbhainistíochta. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochair fostaithe do phearsanra bainistíochta ríthábhachtach, lena n-áirítear tuarastal an Iar-Phríomhfheidhmeannaigh:

	2021 €'000	2020 €'000
Salary	863	862
	863	**862**

Ní chuimsíonn sé sin luach na sochar scoir a tuilleadh i gcaitheamh na tréimhse. Is baill de scéim pinsean Údarás Craolacháin na hÉireann iad na pearsanra bainistíochta ríthábhachtach agus ní shíneann a gcuid teidlíochtaí sa mhéid sin thar théarmaí na Scéime Aonair nó na Scéime Samhla.

6. Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Luach Saothair Iomlán

	2021 €'000	2020 €'000
Iar-Phríomhfheidmeannach (go dtí 31 Bealtaine 2021)	60	133
Príomhfheidhmeannach Reatha (mí an Mheithimh go dtí mí na Nollag 2021)	79	-
	139	**133**

Employer Superannuation Contributions

	2021 €'000	2020 €'000
Iar-Phríomhfheidhmeannach (go 31 Bealtaine 2021)	9	22
Príomhfheidhmeannach reatha (Meitheamh go Nollag 2021)	13	-
	22	**22**

Ní shíneann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh ná an Iar-Phríomhfheidhmeannaigh níos faide ná na teidlíochtaí caighdeánacha sin de Scéim Samhla na hEarnála Poiblí. Níor íocadh aon bhónas leis an bPríomhfheidhmeannach ná leis an Iar-Phríomhfheidhmeannach in 2021.

7. Táillí Comhairleachta

	2020 €'000	2019 €'000
Iniúchóireacht & Monatóireacht	35	21
Beartais, Cóid agus Rialacha	243	177
Comhairleacht Ghinearálta	203	198
Comhairleacht TF	-	41
	481	**396**

8. Costais Riaracháin

	2021 €'000	2020 €'000
Taisteal & Cothú	1	8
Acmhainní Daonna	147	57
Teileafón & Postas	35	35
Costais Oifige	27	33
Cleamhnachtaí Gairmiúla & Síntiúis	36	39
Teicneolaíocht Faisnéise	117	129
	363	**301**

Sa bhliain 2021, bhí costais taistil eachtraigh €Nialas (2019: €1k); costais taistil intíre €1k (2020: €7k) ag an bhfoireann agus costais taistil neamhfhoirne de €Nialas (2020: €Nialas) ar áireamh i gcostais Taistil agus Chothaithe. Tá costais €4k (2020: €9k) a bhaineann le foireann agus le lónadóireacht eile de chuid an BAI ar áireamh i gCostais Oifige.

9. Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha

	2021 €'000	2020 €'000
Maoiniú Líonra	321	243
An Scéim um Nuálaíocht Chraolacháin	45	26
An Scéim Tacaíochta don Chraolachán Pobail	5	16
Éagsúlacht/Inscne	54	-
An Scéim Maoinithe um Thaighde Meán	-	33
Urraíocht	157	80
	582	**398**

10. Costais Áitribh agus Costais Ghaolmhara

	2021 €'000	2020 €'000
Cíos, Rátaí, Muirir Sheirbhíse agus Cothabháil Foirgnimh	671	667
Slándáil & Glantachán	86	84
Solas & Teas	14	15
	771	**766**

11. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Iomlán	Bogearraí agus Trealamh Ríomhaireachta	Trealamh Oifige	Daingneáin & Feistis	Feabhsúcháin Léasachta	Trealamh Fuaime/ Teicniúil
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
Costas						
Amhail an 01.01.2021	**3,880**	**397**	**56**	**633**	**2,630**	**164**
Breiseanna	3	3	-	-	-	-
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
Amhail an 31.12.2021	**3,883**	**400**	**56**	**633**	**2,630**	**164**
Dímheas						
Amhail an 01.01.2021	**3,801**	**342**	**48**	**631**	**2,617**	**163**
Muirear don Bhliain	41	33	3	1	3	1
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
Amhail an 31.12.2021	**3,842**	**375**	**51**	**632**	**2,620**	**164**
Glanluach de réir na Leabhar						
Amhail an 01.01.2021	**79**	**55**	**8**	**2**	**13**	**1**
Amhail an 31.12.2021	**41**	**25**	**5**	**1**	**10**	**-**

12. Suimeanna Infhaighte

	2021	2020
	€'000	€'000
Féichiúnaithe	44	595
An Roinn TCEGSM	-	839
Réamhíocaíochtaí	180	208
Ciste Craolacháin	366	360
Eile	2	-
	592	**2,002**

Tá luach cóir na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí tugtha mar gharmheastachán ar a suimeanna glanluacha. Tá gach fiach dlite laistigh de bhliain amháin. Tá féichiúnaithe léirithe glan ar bhearnú i leith fiacha amhrasacha.

13. Airgead agus Coibhéis Airgid

	2021 €'000	2020 €'000
Taiscí Gearrthéarmacha	279	279
Airgead sa Bhanc	2,270	2,270
Iomláin	**2,549**	**1,**

Tá aibíochtaí níos lú ná 3 mhí ag gabháil le taiscí gearrthéarmacha agus déantar iad a thar-rolladh ar aghaidh ar aibíocht a bhaint amach.

14. Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin)

	2021 €'000	2020 €'000
Creidiúnaithe Trádála	38	37
An Tobhach atá in-aisíoctha le Craoltóirí	959	794
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais	68	161
Fabhruithe	489	526
Coimisinéirí Ioncaim	419	510
Ioncam Iarchurtha agus Creidiúnaithe Eile	315	225
Iasacht GBCN	-	500
	2,288	**2,753**

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir ghnáthéarmaí na reachtaíocta ábhartha. Ní raibh aon ús dlite ag deireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar chonarthaí bunúsacha. Suimeanna eile san áireamh laistigh de chreidiúaithe nach bhfuil clúdaithe ag nochtadh nótaí sonracha neamhurraithe, saor ó ús agus inaisíoctha ar éileamh.

15. Cuntas Caipitil

	2021 €'000	2020 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	79	112
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:		
Maoiniú Breiseanna Sócmhainne	3	28
Amúchadh i gcomhréir le Díluacháil Sócmhainní	(41)	(61)
Diúscairt	-	-
Athaicmiú	-	-
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	**(38)**	**(33)**
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**41**	**79**

16. Léasanna Oibriúcháin

Tá an tÚdarás Ionnaithe in áitreabh ag 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2. Tá léas 20 bliain ag an Údarás ar an áitreabh sin, léas a ndeachaigh sé isteach ann in 2001. Ar an 2 Nollaig 2021, rinne BAI agus tiarna talún an áitribh, Davy Ireland an gníomhas athrúcháin a fhorghníomhú lenar cuireadh síneadh dhá bhliain eile le téarma an léasa go dtí an 7 Nollaig 2023. Fanfaidh an cíos bliantúil gan athrú ag €530,000 in aghaidh na bliana. Faoin léas sin, rinneadh íocaíochtaí cíosa arbh fhiú €530,000 iad sa bhliain 2021 (2020: €530,000).

	2021 €'000	2020 €'000
Faoi bhun 1 Bhliain Amháin	530,000	530,000
Idir 2 bhliain–5 Bliana	495,151	-
Thar 5 Bliana Amháin	-	-
	1,025,151	**530,000**

17. Costais Sochair Scoir

(a) Sochair Scoir

Feidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann na scéimeanna pinsin sainithe seo a leanas maidir le fostaithe:

- Tá fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Aoisliúntais an BAI agus dá Scéim Céilí agus Leanaí. Tá struchtúir na Scéime seo bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí (An Scéim Samhla).
- Tá fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsin Seirbhísí Aonair, a sholáthraíonn pinsean sochair shainithe atá nasctha le hinnéacs praghsanna tomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme (an Scéim Aonair).

Is comhlacht reachtúil é Údarás Craolacháin na hÉireann, a bunaíodh faoin Acht Craolacháin 2009. Foráiltear le Rannán 16 den Acht go ndéanfaidh an tÚdarás, faoi réir cheadú an Aire, scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis agus ina leith. Maidir leis an Scéim Aoisliúntais agus an Scéim Pinsean do Chéilí agus Leanaí (ar ghnéithe éigeantacha iad de bhallraíocht den phríomh-scéim) atá i bhfeidhm ag Údarás Craolacháin na hÉireann, bhí siad á n-oibriú ar bhonn riaracháin go dtí an 15 Meitheamh 2017. Cheadaigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an scéim le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tháinig sí i bhfeidhm go foirmiúil ar an 16 Meitheamh 2017. Soláthraítear leis an tseanscéim sochair scoir (i bhfoirm chnapshuime agus pinsin) do bhaill foirne, mar aon le sochair aisce báis i ndáil le bás le linn seirbhíse. Soláthraítear leis an dara scéim díobh sochair phinsin do na céilí agus do na leanaí cleithiúnacha a mhaireann i ndiaidh báis ball. Tá an dá scéim ina scéimeanna sochair shainithe neamh-mhaoinithe aoisliúntais.

Is í an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (An Scéim Aonair) an scéim pinsean sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar socrú leis an scéim maidir le cnapshuim phinsin agus scoir agus í bunaithe ar luach saothair inphinsin meánghairmréime, agus pinsin céilí agus leanaí. Is é 66 bliain an aois íosta phinsin (a gcuirfear fad leis i gcomhréir le hathruithe ar aois phinsin an Stáit). Cuimsíonn sí saoráid luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó 55 bliain d'aois amach. Téann pinsin ina n-íocaíochtaí i méid i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Mar a thuairiscítear sa bheartas cuntasaíochta, déanann Údarás Craolacháin na hÉireann ranníocaíocht bhliantúil leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, a thug gealltanas maoiniú a sholáthar don Údarás chun sochair scoir a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. D'athraigh an tÚdarás an chóireáil agus an nochtadh a cheanglaítear a dhéanamh le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú.

B'ionann an dliteanas pinsin ar an 31 Nollaig 2021 agus €19.994m (2020: €18.864m). Faoin socrú atá i bhfeidhm, déanfaidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán dliteanas pinsin an Údaráis a aisíoc ina iomláine de réir mar a bheidh na dliteanais sin le híoc agus nuair a bheidh siad le híoc. Is mar shócmhainn ar leith a aithníonn an tÚdarás an ceart atá aige chun na haisíocaíochta.

Tá na torthaí leagtha amach thíos bunaithe ar luach achtúireach ar na dliteanais phinsin i leith fhoireann an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2021. Is achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil sin.

b) Na Príomhthoimhdí Achtúireacha

Bhí na príomhthoimhdí achtúireacha mar a leanas:	2021	2020
Ráta méadaithe ar thuarastail	2.50%	2.50%
Ráta méadaithe ar phinsin atá á n-íoc	2.00%	2.00%
Ráta Lascaine	1.25%	0.80%
Ráta Boilscithe	1.50%	1.50%

Cuirtear feabhsúcháin ar an ionchas saoil le himeacht aimsire san áireamh sa bhonn mortlaíochta a glacadh. Mar sin, beidh an t-ionchas saoil tráth a rachaidh baill foirne ar scor ag brath ar an mbliain ina mbainfidh baill an aois scoir amach (65 bliain d'aois). Taispeánann an tábla thíos ionchas saoil na mball a bhainfidh 65 bliain d'aois amach sa bhliain 2020 agus in 2040.

Bliain ina mbaintear 65 bliain d'aois amach	2021	2041
Ionchais saoil – fireann	21.80	24.10
Ionchas saoil – baineann	24.20	26.20

c) Anailís ar Chostais Iomlána Sochair Scoir

Tá na nithe seo a leanas san áireamh sna costais iomlána sochar scoir a muirearaíodh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Coinnithe Ioncaim i leith costais sochair scoir:

	2021 €'000	2020 €'000
Ranníocaíocht ón bhfostóir a íocadh leis an Roinn TCEGSM/An Roinn CPA	331	349
Costas seirbhíse reatha	830	766
Ús ar dhliteanais na scéime sochar scoir	150	186
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha sochar scoir	(980)	(952)
	331	**349**

d) Gluaiseachtaí sna glanoibleagáidí sochar scoir le linn na bliana airgeadais

	2021 €'000	2020 €'000
Iarmhéid tosaigh	18,864	15,666
Costas seirbhíse reatha	830	766
Ús ar dhliteanais na scéime sochar scoir	150	186
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach	399	2,252
Sochair a íocadh	(249)	(6)
An ghlanoibleagáid sochar scoir amhail an 31 Nollaig	**19,994**	**18,864**

e) Stair na ndliteanas scéime agus na (ngnóthachan)/gcaillteanas ó thaithí

	Bliain Airgeadais dar críoch in				
	2021	2020	2019	2018	2017
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Oibleagáid shochair shainithe	19,994	18,864	15,666	12,092	11,491
Easnamh	(19,994)	(18,864)	(15,666)	(12,092)	(11,491)
Caillteanas/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais an phlean	(399)	(439)	(1,501)	(216)	358
Gnóthachain taithí mar chéatadán de dhliteanais an phlean	(2%)	(2%)	(10%)	1.8%	(3.4%)

18. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2021.

19. Nochtadh ag Páirtithe Gaolmhara

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás i gcomhréir le forálacha an Achta Craolacháin, 2009 agus leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le nochtadh leasanna ag Comhaltaí den Údarás agus/nó de Choistí agus chlóigh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

Ní raibh aon idirbhearta i gcaitheamh na bliana maidir le gníomhaíocht an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí ar bith den Údarás. Féach ar nóta 6 i gcomhair shonraí an Phríomhfheidhmeannaigh agus ar an Ráiteas faoi Rialachas agus ar Thuarascáil Chomhaltaí an Údaráis maidir le táillí agus costais Chomhaltaí an Údaráis.

20. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ag a chruinniú ar an 23 Meitheamh 2022.

An Ciste Craolacháin

Ráitis Airgeadais Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Clár

Faisnéis an Údaráis 104

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí 105

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim 108

Ráiteas faoin Staid Airgeadais 109

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid 110

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 111

Faisnéis an Údaráis

Comhaltaí an Údaráis	Mary Curtis Rosemary Day Maeve McDonagh Alan McDonnell Vivien McKechnie Seán Ó Mordha Denis Wolinski
Dlíodóirí	Byrne Wallace 88 Sráid Fhearchair Baile Átha Cliath 2 Hayes Solicitors Lavery House Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2 Ivor Fitzpatrick & Company Solicitors 44-45 Faiche Stiabhna Baile Átha Cliath 2 Philip Lee 7/8 Ardán Wilton Baile Átha Cliath 2
Baincéirí	Banc Uladh Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2
Iniúchóirí	An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí

De bhun théarmaí an Achta Craolacháin 2009, tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as bainistiú agus rialú an Chiste Craolacháin. Déanann an tÚdarás cuntas reatha agus cuntas infheistíochta a rialú agus a bhainistiú de réir Rannán 157 (2) den Acht. Déanann an tÚdarás an cuntas reatha a bhainistiú le haghaidh reáchtáil laethúil an Chiste Craolacháin, lena n-áirítear ioncam a fháil faoi Rannán 156 (2)/(3) d'Acht 2009, Deontais agus Dámhachtainí faoi scéimeanna an Chiste Craolacháin a íoc agus aon chaiteachas a thabhaíonn an tÚdarás as an gCiste Craolacháin a oibriú.

Íoctar isteach sa chuntas infheistíochta aon airgead nach dteastaíonn chun dliteanais reatha an Chiste Craolacháin a íoc. Infheistítear an t-airgead seo de réir Bheartas Infheistíochta an Údaráis.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach freisin as ráitis airgeadais an Chiste don bhliain 1s Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021 a ullmhú chun léargas fírinneach cóir a thabhairt ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Chiste.

Leagtar amach sonraí chórais agus nósanna imeachta rialachais agus rialaithe Údarás Craolacháin na hÉireann i ráiteas Údarás Craolacháin na hÉireann ar rialú agus rialachas inmheánach.

Le linn na ráiteas airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon chlaonadh ábhartha ón gcéanna atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as an méid seo a leanas:

- Taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth staid airgeadais an Chiste agus lena gcuirtear ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais rannán 157(8) den Sceideal a ghabhann leis an Acht Craolacháin 2009 agus go bhfuil siad arna ceadú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Sócmhainní an Chiste a chosaint agus bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Mary Curtis
An Cathaoirleach
23 Meitheamh 2022

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Fund

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Broadcasting Fund for the year ended 31 December 2021 as required under the provisions of section 157 of the Broadcasting Act 2009. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Fund at 31 December 2021 and of its income and expenditure for 2021 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Broadcasting Authority of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Broadcasting Authority of Ireland has presented certain other information together with the financial statements of the Broadcasting Fund. This comprises the annual report (including the governance statement and the Authority members' report) and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Mary Henry
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

29 June 2022

Appendix to the report

Responsibilities of Authority members

As detailed in the statement of responsibilities, the Authority members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 157 of the Broadcasting Act 2009
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under 157 of the Broadcasting Act 2009 to audit the financial statements of the Broadcasting Fund and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Broadcasting Fund's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Broadcasting Fund to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

	Tabhair faoi deara	2021 € '000	2020 € '000
Ioncam			
Deontas ón Oireachtas	**3 (a)**	14,759	14,877
Maoiniú ón Státchiste	**3 (b)**	3,900	3000
Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe	**2**	68	158
Iomlán		18,727	18,035
Caiteachas			
Deontais agus Dámhachtainí	**3**	14,642	11,591
Costais Foirne	**5**	521	494
Táillí Dlí		7	12
Ús Iníoctha		-	3
Costais Riaracháin	**6**	488	413
Táille Iniúchta		8	8
Costais Mheasúnachta		69	63
Costais Chomhairleachta	**7**	47	28
Iomlán		15,782	12,612
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas		2,945	5,423
Iarmhéid ag tús na bliana		28,264	22,841
Iarmhéid ag deireadh na bliana		31,209	28,264

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-12.

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 23 Meitheamh 2022 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

Mary Curtis
An Cathaoirleach
23 Meitheamh 2022

Celine Craig
An Príomhfheidhmeannach

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2021

	Tabhair faoi deara	2021 € '000	2020 € '000
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna infhaighte	**9**	5	70
Airgead agus coibhéisí airgid	**8**	23,521	13,704
Taiscí gearrthéarmacha eile	**8**	16,049	18,750
		39,575	32,524
Dliteanais Reatha			
Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin)	**10**	(8,366)	(4,260)
Glansócmhainní		**31,209**	**28,264**
Arb Ionann Iad			
Cúlchistí Coinnithe Ioncaim		31,209	28,264
		28,264	**22,841**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-12.

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 23 Meitheamh 2022 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

Mary Curtis
An Cathaoirleach
23 Meitheamh 2022

Celine Craig
An Príomhfheidhmeannach

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

	2021 € '000	2022 € '000
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas don Bhliain	2,945	5,423
Torthaí ar Infheistíochtaí	-	3
Laghdú/(Méadú) ar Shuimeanna Infhaighte	65	(42)
Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	4,106	4,065
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**7,116**	**9,449**
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Ús Faighte	-	(3)
Gluaiseachtaí i dTaiscí Gearrthéarmacha	2,701	(6,500)
Sreafaí Airgid do Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	2,701	(6,503)
Glanmhéadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	9,817	2,946
Airgead/Coibhéisí Airgid amhail an 1 Eanáir	13,704	10,758
Airgead/Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig	**23,521**	**13,704**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas tábhachtach cuntasaíochta a ghlacann Údarás Craolacháin na hÉireann. Cuireadh chun feidhme iad go léir go comhsheasmhach le linn na bliana agus le linn na bliana roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Ciste Craolacháin faoin Acht Craolacháin (Maoiniú), 2003 agus ba é Coimisiún Craolacháin na hÉireann a rinne é a bhainistiú roimhe sin. Faoin Acht Craolacháin 2009, aistríodh bainistiú an Chiste chuig Údarás Craolacháin na hÉireann.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as riarachán an Chiste Craolacháin agus idirbhearta ar an gCiste a údarú. Baineann na socruithe rialachais agus na nósanna imeachta rialaithe laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann don Chiste Craolacháin.

b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 de réir Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102, arb é an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir Rannán 157 den Acht Craolacháin, 2009.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann.

d) Ioncam (táille ó cheadúnas teilifíse)

De bhun rannán 156 den Acht Craolacháin, 2009, féadfaidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, airgead a íoc leis an Údarás, as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas chun críocha deontas

faoi scéim agus aon riarachán a dhéantar ar scéim nó aon chostais réasúnacha a bhaineann le scéim, i leith gach bliain airgeadais, ar suim í atá comhionann le 7 faoin gcéad de na glanfháltais sa bhliain sin i leith táillí ceadúnais teilifíse.

Ciallaíonn glanfháltais, i ndáil le táillí ceadúnais teilifíse a fuarthas, na fáltais iomlána lúide aon chostas i leith na bhfáltas sin ar dheimhnigh an tAire ina dtaobh gur costais iad a thabhaigh sé nó sí sa bhliain sin i ndáil le bailiú na dtáillí.

Is ar bhonn fáltais airgid a léirítear an t-ioncam sin sna cuntais.

e) Deontais

Forchuirtear coinníollacha sonracha a bhaineann le feidhmíocht amach anseo ar na faighteoirí maidir le deontais faoin Scéim um Maoiniú Craolacháin. Ní aithnítear iad sin mar chostas ach amháin i gcás gur chomhlíon an deontaí na coinníollacha go léir a bhaineann le feidhmíocht atá ceangailte le dámhachtain an deontais. Seasann ceangaltais deontais do cheaduithe maoinithe i gcás go bhfuil na coinníollacha a ghabhann leis an deontas le comhlíonadh fós ag an deontaí.

I measc na gcoinníollacha a bhaineann le feidhmíocht, tá foráil chun deontas a fháil ar ais ó ioncam a ghineann an deontaí go dtí pé tráth a mbeidh a infheistíocht deontais aisghafa ag an Údarás.Tugtar breac-chuntas ar Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe i Nóta 2.

I gcásanna áirithe, aisíocann an deontaí suimeanna deontais a íocadh i mblianta roimhe sin mar nach raibh an deontaí in ann coinníollacha an deontais a chomhlíonadh. Tá an caiteachas deontais a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Coinnithe Ioncaim glan ar shuimeanna deontais a aisíocadh sa bhliain.

f) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanais amhail dáta an tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus costas sa bhliain. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht ba shuntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Gnóthas leantach

Níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas an Chiste Craolacháin a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann an Ciste Craolacháin go bhfuil sé cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

2. Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe

	2021 € '000	2020 € '000
Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe	68	158

Tá clásal forchúitimh áirithe i gconarthaí Fuaime & Físe chun go bhféadfaí an deontas a aisíoc más rud é go mbaineann an tionscadal rathúnas tráchtála amach. Léiríonn na suimeanna airgid thuas sciar de na deontais aisíoctha le linn na bliana i ndáil le trí léiriúchán a maoiníodh roimhe. Tugtar cuntas ar na suimeanna cúisithe ar bhonn fáltas airgid.

3. Scéim Maoinithe Craolacháin

a) Deontas ón Oireachtas

	2021 € '000	2020 € '000
Deontas ón Oireachtas	14,759	14,877

Faoin Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an Údarás scéim nó scéimeanna a ullmhú chun deontais a íoc chun tacú le cláir raidió agus theilifíse áirithe agus chun cartlannú bunábhair clár a thairgtear sa Stát a fhorbairt, i measc nithe eile. Maoinítear na deontais sin as suim arb ionann í agus 7% de na glanfháltais ó tháillí ceadúnais teilifíse. Bhí Deontas 2021 ón Oireachtas ar áireamh i bhfo-cheannteideal B6 de Vóta 29 don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

b) Maoiniú ón Státchiste

	2021 € '000	2020 € '000
Maoiniú Státchiste	3,900	3,000

Leithdháil an tÚdarás €7.2m faoi Bhabhta 38 Fuaime agus Físe. Áiríodh leis sin sruth maoinithe do cheol Éireannach tar éis iarraidh a fháil ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Fuair BAI €1.4m de mhaoiniú ón státchiste le tacú leis an tionscnamh seo.

3. Scéím Maoinithe Craolacháin (ar lean)

Chuir BAI babhta maoinithe i bhfeidhm le haghaidh earnáil an raidió tráchtála ag teacht ó iarratas ó, agus ag fáil maoiniú breise de €2.5m ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ba é seo an dara tionscnamh maoinithe a bhí ar fáil don earnáil raidió tráchtála neamhspleách chun feasacht agus tuiscint a chothú faoi shaincheisteanna domhanda agus sa chás áirithe seo, Covid-19.

Is maoiniú ar leithligh é an €1.4m agus €2.5m a fuarthas ón Státchiste agus tá sé sa bhreis ar an 7% de ghlanfháltais an cheadúnais teilifíse. Fuarthas an maoiniú breise seo de €3.9m san iomlán in 2020 agus rinneadh é a áireamh in ioncam iarchurtha sna ráitis airgeadais 2020 ag deireadh na bliana den

Scéim Maoinithe Craolacháin

Oibríonn an BAI dhá scéim fhormheasta faoi láthair.

Is í **Scéim Fuaime agus Físe 4** ("an Scéim") an chéad cheann de na scéimeanna sin. Ba é an Coimisiún Eorpach a cheadaigh an Scéim ar dtús, rinne sé amhlaidh don tréimhse 2005-2009 ar dtús agus ansin don tréimhse 2009-2012. Tagann an Scéim reatha faoi rannán 54 den Rialachán Ginearálta Blocdhíolúine (GBER) agus ní theastaíonn ceadúnú an Choimisiúin Eorpaigh uaithi. Leis an Rialachán seo, clúdaítear cúnamh do scéimeanna le haghaidh oibreacha closamhairc faoi bhun na tairsí €50M in aghaidh na scéime, in aghaidh na bliana. Chuir an tÚdarás an Dréachtscéim Fuaime agus Físe 4 faoi bhráid an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán lena fhaomhadh ar an 11 Nollaig 2019 agus faomhadh an scéim nua ag an Aire do thréimhse trí bliana ar an 6 Márta 2020.

Is í an dara scéim a oibríonn an BAI ná an **Scéim Maoinithe chun Bunábhar Clár a Chartlannú ("An Scéim um Chartlannú")**. Is é is aidhm di maoiniú a sholáthar chun tacú le forbairt cultúir ar mhaithe le cartlannú in earnáil chraolacháin na hÉireann a chabhraíonn le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú. Ní bhaineann sí ach le bunábhar clár a craoladh go hiomlán nó go páirteach nó a taifeadadh le craoladh ar an raidió nó ar an teilifís agus áirítear leis cláir agus fógraí. Tháinig an chéad Scéim um Chartlannú i bhfeidhm sa bhliain 2012 agus chuaigh sí as feidhm i mí Aibreáin 2016. Rinneadh athbhreithniú ar oibríocht, ar éifeachtacht agus ar thionchar na chéad scéime sin in 2016 agus cuireadh an tuarascáil a tháinig as faoi bhráid an Aire i Meán Fómhair 2017 Cheadaigh an tAire Scéim um Chartlannú 2 i Márta 2018 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse cúig bliana (2018-2022).

c) Ceangaltais an Chiste Craolacháin

An Scéim Fuaime agus Físe

	2021 € '000	2022 € '000
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	17,061	12,751
Dámhachtainí a deonaíodh	16,335	15,769
Deontais a íocadh	(14,197)	(11,169)
Deontais a aisíocadh	-	-
Deontais a saoradh	(1,137)	(290)
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**18,062**	**17,061**

An Scéim um Dhámhachtainí Cartlannaithe

	2021 € '000	2022 € '000
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	3,618	4,040
Dámhachtainí a deonaíodh	-	-
Deontais a íocadh	(445)	(422)
Deontais a saoradh	-	-
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**3,173**	**3,618**
Iomlán na gCeangaltas Deiridh	**21,235**	**20,679**

Ba é méid iomlán na ndeontas a íocadh ná €14,642k (2020: €11,591k)

4. Athmhuirearú an Chiste Craolacháin

Baineann athmhuirearú an Chiste Craolacháin le caiteachas arna thabhú ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus a athmhuirearaítear ar an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin €521k de thuarastail (2020: €494k), €206k d'fhorchostais ghinearálta, (2020: €164k), €79k do ranníocaíocht urraíochta leis an scéim ciste craolacháin, (2020: €40k) agus caiteachas ar chomhairle infheistíochta de €13k (2020: €13k). Tá tuilleadh sonraí faoi athmhuirearú an Chiste Craolacháin i Nótaí 5 agus 6 thíos.

5. Costais Foirne

	2021 € '000	2022 € '000
Pá agus Tuarastail	418	397
Costais Leasa Shóisialaigh	33	31
Costais Phinsin	70	66
Costais Foirne a Athmhuirearaíodh ar BAI	**521**	**494**
Foireann Shealadach	-	-
Costais Foirne Iomlána	**521**	**494**

Níl aon fhostaithe fostaithe go díreach ag an gCiste Craolacháin.

Tá roinnt fostaithe ar fostú ag Údarás Craolacháin na hÉireann a chaitheann cuid dá gcuid ama ag obair ar nithe a bhaineann leis an gCiste. Sa bhliain 2021, bhí sé sin cothrom le 8 (2020: 7) de choibhéisí lánaimseartha.

6. Costais Riaracháin

	2021 € '000	2022 € '000
Forchostais:		
Cíos agus Rátaí	135	113
Costais áitribh	39	27
Costais oifige	10	20
Oiliúint foirne	22	4
Fo-iomlán na bhforchostas	**206**	**164**
Urraíocht	**79**	**40**
Costais dhíreacha:		
Scéimeanna Fuaime agus Físe/Cartlannaithe	141	131
Táillí gairmiúla	13	13
Feasacht an Phobail	5	7
Costais cheadúnas TF agus costais tacaíochta	38	45
Aistriúchán	5	12
Eile	1	1
Fo-iomlán na gcostas díreach	**203**	**209**
Iomlán na gCostas Riaracháin	**488**	**413**

Tá na forchostais a mhuirearaítear ar an gCiste bunaithe ar choibhéis lánaimseartha líon na mball foirne atá ag obair ar an gCiste mar chéatadán (in 2021 23%; in 2020,19%) de líon foirne iomlán an BAI sa tréimhse. Le linn 2021, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann €275k (2020: €177k) a athmhuirearú ar Údarás Craolacháin na hÉireann as caiteachas riaracháin a bhaineann leis an gCiste Craolacháin.

7. Comhairleoireacht

	2021 € '000	2022 € '000
Ginearálta	15	-
Iniúchóireacht agus Monatóireacht	32	28
	47	**28**

8. Taiscí agus Airgead/coibhéisí airgid

		2021 € '000	2022 € '000
a.	Taiscí gearrthéarmacha (aibíocht laistigh de 3 mhí)	13,600	7,500
	Taiscí Eile (aibíocht idir 3 mhí agus 12 mhí)	16,049	18,750
	Airgead sa bhanc agus ar láimh	9,921	6,205
		39,570	**32,455**
	Airgead/coibhéisí airgid		
	Gluaiseacht i dTaiscí Gearrthéarmacha		
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	13.705	8,000
	Breiseanna	-	2,700
	Aistarraingtí	(105)	(500)
	Airgead sa bhanc agus ar láimh amhail an 31 Nollaig	9,921	6,205
	Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig	**39,570**	**32,455**
b.	Gluaiseacht i dTaiscí Gearrthéarmacha eile		
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	18,750	12,250
	Breiseanna	-	6,500
	Aistarraingtí	(2,701)	-
	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**16,049**	**18.750**

c. De réir mar a cheanglaítear faoi Rannán 157(4) agus (6) den Acht Craolacháin 2009, déanfar airgead a bheidh chun sochair an chuntais reatha, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair reatha, a íoc isteachi gcuntas infheistíochta an Chiste.

Déanfar airgead atá i gcuntas infheistíochta an Chiste, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair dhliteanais reatha agus dhliteanais ionchasacha an chuntais sin, a infheistiú agus déanfar na hinfheistíochtaí a réadú nó a athrú ó am go ham de réir riachtanais na hócáide agus déanfar na fáltais ó aon réadú den sórt sin, agus aon ioncam a gheofar i leith airgid a infheisteofar, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Sa tréimhse chuntais, choinnigh an tÚdarás na cistí barrachais i dtaisce i mbainc thráchtála agus i Nótaí Státchiste leis an NTMA.

9. Suimeanna Infhaighte

	2021 € '000	2022 € '000
Ús Fabhraithe	5	6
Eile	-	64
	5	**70**

10. Suimeanna Iníoctha

(Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	2021 € '000	2022 € '000
Údarás Craolacháin na hÉireann	366	360
Ioncam Iarchurtha Na Roin ne TCEGSM	8,000	3,900
	8,366	**4,260**

11. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2021.

12. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ag a chruinniú ar an 23 Meitheamh 2022.

Údarás Craolachán na hÉireann
2-5 Plás Warrington
Baile átha Cliath D02 XP29

353 1 644 1200
info@bai.ie
www.bai.ie
@baitweets